# I mbun feachtas digiteach:
Na heispéiris a bhí ag iarrthóirí toghcháin ar líne le linn thoghcháin 2024

Coimisiún na Meán



# Clár Ábhar


| | | |
|---|---|---|
| | Réamhrá an Choimisinéara | 2 |
| | Achoimre Fheidhmeach | 4 |
| | Réamhrá | 4 |
| | Úsáid na meán sóisialta i bhfeachtais toghchánaíochta | 4 |
| | Díriú ar iarrthóirí bunaithe ar dhearcthaí beartais | 7 |
| | An tionchar diúltach ar an dioscúrsa polaitiúil | 8 |
| | Tionchar ar fholláine agus feachtais na n-iarrthóirí | 8 |
| | Bacainní ar thuairisciú agus freagairt na n-ardán | 10 |
| | Forbairt straitéisí féinchosanta ar líne | 11 |
| | Anaithnideacht agus cuntasacht na n-ardán | 11 |
| | Toghcháin áitiúla i gcomparáid leis an olltoghchán | 12 |
| | Cothromaíocht a bhaint amach idir cosaint agus saoirse cainte | 12 |
| | Moltaí | 13 |

**Cuid 1: Cúlra agus Modheolaíocht**

| | | |
|---|---|---|
| 1.1. | Beartas agus comhthéacs reachtach. Aidhmeanna an staidéir taighde agus ábharthacht an taighde staidéir maidir le ról an Choimisiúin | 15 |
| | Céard leis a mbaineann an taighde agus cén cuspóir atá leis? | 15 |
| | Ról Choimisiún na Meán | 15 |
| | Gnéithe den staidéar taighde | 16 |
| 1.2 | Téarmaíocht agus sainmhínithe a úsáideadh | 17 |
| 1.3 | Modheolaíocht taighde | 18 |
| | Staidéar cainníochtúil | 19 |
| | Staidéar cáilíochtúil | 19 |
| 1.4 | Ceisteanna Eiticiúla | 20 |
| 1.5 | Teorainneacha | 21 |
| 1.6 | Nótaí buíochais | 22 |

**Cuid 2: Déimeagrafaic agus Úsáid na Meán Sóisialta**

| | | |
|---|---|---|
| 2.1 | Réamhrá | 25 |
| 2.2 | Forléargas ar dhéimeagrafaic na bhfreagróirí ar an suirbhé agus na rannpháirtithe sna hagallaimh | 25 |
| | Forléargas ar dhéimeagrafaic na n-iarrthóirí | 26 |
| | Forléargas ar dhéimeagrafaic na n-iarrthóirí sna Toghcháin Áitiúla | 26 |
| | Forléargas ar dhéimeagrafaic na n-iarrthóirí san olltoghchán | 28 |
| | Taighde cáilíochtúil – miondealú déimeagrafach | 35 |
| 2.3 | An úsáid a bhain na hiarrthóirí as na meáin shóisialta maille le hanailís dhéimeagrafach | 37 |
| 2.4 | Rátaí úsáide ardán aonair agus minicíocht a n úsáide | 45 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cuid 3: Eispéiris na nIarrthóirí ar Líne | 3.1 | Rátaí na n-iarrthóirí ar bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne dóibh | 53 |
| | 3.2 | Forléargas ar chineál na n-iompraíochtaí ábhartha ar líne agus na modhanna spriocdhírithe | 57 |
| | 3.3 | Iompar ar líne a spriocdhíriú bunaithe ar sheasamh na n-iarrthóirí maidir le saincheisteanna áirithe | 63 |
| | 3.4 | Ardáin ina raibh eispéireas d'iompraíocht dhiúltach | 66 |
| Cuid 4: Tionchar Iompraíochtaí Diúltacha ar Líne ar Fheachtasaíocht, Folláine agus Rannpháirtíocht Iarrthóirí | 4.1 | Tionchar na hiompraíochta ar líne ar fholláine na n-iarrthóirí | 68 |
| | 4.2 | Tionchair an iompair ar líne ar fheachtasaíocht na n-iarrthóirí | 73 |
| | 4.3 | Tionchair an iompair ar líne ar rannpháirtíocht na n-iarrthóirí sa saol polaitiúil amach anseo | 75 |
| | 4.4 | Moltaí ó agallaithe | 78 |
| Cuid 5: Tuairisciú d'Ardáin - Feasacht agus Taithí ar Fheidhmeanna Tuairiscithe na nArdán, agus Éascaíocht Úsáide | 5.1 | Tuairisciú d'ardáin i gcoitinne agus tuairisciú d'ardáin aonair | 81 |
| | 5.2 | Rátaí tuairiscithe chuig ardáin ar leith | 85 |
| | 5.3 | Cúiseanna nár tuairiscíodh fadhbanna chuig ardáin | 86 |
| | 5.4 | Gníomhartha eile a glacadh mar fhreagairt ar iompar colúil/maslach/gránna/pearsanaithe nó ar iompar imeaglaithe/foréigneach a fhulaingt | 89 |
| Cuid 6: Cuntas a Chur ar Fionraí nó Ábhar a Bhaint agus Feasacht ar Nósanna Imeachta Achomhairc an Ardáin | 6.1 | Rátaí díobh siúd (a) ar cuireadh cuntas pearsanta nó cuntas pearsanta feachtais dá gcuid ar na meáin shóisialta ar fionraí agus/nó (b) ar baineadh ceann amháin nó níos mó dá bpostálacha feachtais | 91 |
| | 6.2 | Rátaí achomharc a rinneadh in aghaidh fionraíochta/bainte chuig an ardán ábhartha/na hardáin ábhartha | 92 |
| | 6.3 | Gníomhartha agus freagairtí na n-ardán aonair i ndiaidh achomhairc ar fhiontraíocht nó ar ábhar a baineadh | 93 |
| | 6.4 | Cúiseanna nach ndearnadh achomharc in aghaidh cuntas a chur ar fionraí/ábhar a bhaint chuig na hardáin ábhartha | 94 |
| Cuid 7: Machnamh agus Conclúidí | | Machnamh | 97 |
| | | Tacaíochtaí breise d'iarrthóirí a bhfuil díobhálacha ar líne á bhfulaingt acu | 98 |
| | | Ag iniúchadh an chaoi a n-eascraíonn díobháil as líne as díobhálacha ar líne | 99 |
| | | Ag freagairt d'iompar foréigneach agus imeaglaithe ar líne | 100 |
| | | Ag tacú leis an tsaoirse cainte agus ag maolú na rioscaí don dioscúrsa sibhialta | 101 |
| | | Ag tacú le sláine toghcháin | 102 |
| | | Conclúid | 103 |

# Réamhrá an Choimisinéara



Breathnaítear ar ardáin ar líne mar mhodh úsáideach cumarsáide polaitiúla ní hamháin, ach is uirlis agus bealach riachtanach feachtais iad anois d'iarrthóirí agus d'ionadaithe tofa ar fud na déimeagrafaice ar fad d'fhonn teagmháil a dhéanamh le toghthóirí agus chun tacú leo.

Sa tuarascáil seo, déantar iniúchadh ar na heispéiris ar líne a bhí ag na hiarrthóirí a sheas i dToghcháin Áitiúla agus Olltoghchán 2024 na hÉireann. Inár gcuid taighde tugtar léargas mionsonraithe ar an bhfeachtasaíocht dhigiteach, na buntáistí is féidir léi a chur ar fáil d'iarrthóirí agus iad ag dul i dteagmháil lena dtoghthóirí, agus na díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann, cuir i gcás bagairtí, iompar maslach agus tionchair ar a bhfolláine agus ar a saoirse cainte, rudaí a thuairiscigh iarrthóirí.

Tá sé ina fhreagairt ar rannpháirtíocht mhionsonraithe Choimisiún na Meán le heagraíochtaí neamhrialtasacha, le Tascfhórsa Thithe an Oireachtais um Rannpháirtíocht Shábháilte sa Pholaitíocht, leis an nGarda Síochána agus le piar-rialálaithe in Éirinn agus ar fud na hEorpa araon, roimh Thoghcháin Áitiúla 2024.

Príomhfhócas de Choimisiún na Meán is ea tírdhreach meán a fhorbairt a thacaíonn leis an daonlathas agus le luachanna daonlathacha agus atá mar bhonn faoin dioscúrsa sibhialta. Cuid lárnach de sin is ea an méid seo a leanas a chinntiú:

- Déantar iniúchadh ar rannpháirtithe sa saol poiblí ach ní dhíspreagtar iad toisc go bhféadfaidís bagairtí neamhdhleathacha nó mí-úsáid neamhdhleathach a fhulaingt agus tá siad ar an eolas faoi na cearta atá acu faoinár sainchúram agus faoin gcaoi le hiad a fheidhmiú;
- Cosnaítear an tsaoirse cainte chun tuairimí a nochtadh, agus cuirtear réimse leathan tuairimí polaitiúla in iúl go dleathach.

Ó bunaíodh é in 2023, d'oibrigh Coimisiún na Meán chun na haidhmeanna sin a bhaint amach trí rannpháirtíocht le hardáin ar líne, agus tagairt ar leith á déanamh don Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD) agus do Threoirlínte Toghcháin GSD. Thugamar tacaíocht dhíreach freisin d'iarrthóirí sna Toghcháin Áitiúla, sa Toghchán Eorpach, sa Toghchán Dála agus sa Toghchán Seanaid trínár nIonad Teagmhála agus le Pacáistí Eolais d'Iarrthóirí (i gcomhar leis an nGarda Síochána), ina leagtar amach cearta na n-iarrthóirí faoi Chreat Sábháilteachta ar Líne na hÉireann agus ina gcuirtear treoir ar fáil maidir leis an gcaoi le hábhar mídhleathach a thuairisciú ar fud ardáin dhigiteacha éagsúla.

Cuireann an staidéar sin leis na hiarrachtaí sin agus le tionscnaimh eile atá déanta againn chun sláine toghcháin a neartú agus chun tacú le hiarrthóirí.

Lenár dtaighde modhanna measctha soláthraítear léiriú cuimsitheach caolchúiseach ar eispéiris fhéintuairiscithe na n-iarrthóirí lena sonraítear scála agus éifeachtaí an dioscúrsa nimhnigh atá dírithe ar iarrthóirí, agus tionchar an iompair sin ar an dioscúrsa sibhialta agus an tsaoirse cainte.

Léiríonn sé go soiléir an fíorthionchar daonna a bhíonn ag an ábhar díobhálach, maslach agus, uaireanta, bagrach, a fuair iarrthóirí toghcháin, de réir a dtuairiscí, le linn fheachtais na  dToghcháin Áitiúla agus an Olltoghchán araon. Cé gur aithin na hiarrthóirí go raibh gá le hiniúchadh polaitiúil dlisteanach, téann an drochíde ar líne a bhíonn colúil, spriocdhírithe agus, i gcásanna áirithe, an-logánta, i bhfeidhm ar iarrthóirí agus ar dhaoine atá muinteartha leo. Léirítear sna torthaí freisin na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann don rannpháirtíocht sa pholaitíocht agus d'éagsúlacht na hionadaíochta daonlathaí.

Táimid buíoch as an am agus an iarracht a thug go leor iarrthóirí toghcháin chun gurbh fhéidir linn an taighde seo a dhéanamh.

Cuideoidh torthaí na tuarascála le Coimisiún na Meán tacú le rannpháirtíocht shábháilte sa saol poiblí agus le sláine toghcháin. Cuirfidh siad bonn eolais faoi ghníomhaíochtaí le linn Ráiteas Straitéise 2025-27 s'againne, lena n-áirítear meastóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht na n-ardán maidir lena n-oibleagáidí faoinár gCreat Sábháilteachta ar Líne.

Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, tá gá le cur chuige ilpháirtithe leasmhara agus réitigh chomhchoiteanna, agus pléifimid tuilleadh le piar-rialálaithe, lena n-áirítear An Coimisiún Toghcháin, rialtóirí digiteacha agus meán ar fud na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach, an tsochaí shibhialta, Tithe an Oireachtais agus an Garda Síochána, chun tacú leis seo.

**John Evans**
**An Coimisinéir um Sheirbhísí Digite**


# Achoimre Fheidhmeach

## Réamhrá


Sa tuarascáil seo ó Choimisiún an Mheán, déantar iniúchadh ar na heispéiris a bhí ag iarrthóirí a bhí páirteach i dToghcháin Áitiúla agus Olltoghchán 2024 in Éirinn agus iad ar líne. Bunaithe ar shuirbhéanna cuimsitheacha agus agallaimh cháilíochtúla ghrinne le hiarrthóirí don dá thoghchán, déantar iniúchadh ann ar a fhorleithne atá úsáid na meán sóisialta sa stocaireacht, ar chineál agus tionchar eispéireas diúltach ar líne agus an éifeacht a bhíonn acu siúd ar fholláine na n-iarrthóirí agus ar a rannpháirtíocht sa pholaitíocht. Agus béim faoi leith á leagan ar eispéiris ar líne, cuireann an staidéar seo le corpas fianaise atá ag dul i méid. Cuirtear le taighde le déanaí i réimse na rannpháirtíochta sábháilte sa pholaitíocht arna dhéanamh ag Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann (AILG),[1] Tithe an Oireachtais,[2] chomh maith leis an Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS) de chuid an Choimisiúin Toghchá.[3]

Díríonn na torthaí aird ar ábhair imní thromchúiseacha maidir le méid na nimhiúlachta ar líne agus an fhéidearthacht a bhaineann leis sin go mbainfí an bonn ón rannpháirtíocht dhaonlathach, rud a tharraingíonn ceisteanna nach beag anuas maidir leis an tionchar fadtéarmach ar rannpháirtíocht pholaitiúil, éagsúlacht ionadaíoch agus cáilíocht na díospóireachta poiblí sa chóras daonlathach.

## Úsáid na meán sóisialta i bhfeachtais toghchánaíochta




An tOlltoghchán




Toghcháin áitiúla

**Rátaí úsáide na meán sóisialta i dtoghcháin 2024**

| Cineál toghcháin | Céatadán |
|---|---|
| Iarrthóirí sna toghcháin áitiúla | 93% |
| Iarrthóirí san olltoghchán | 99% |
| **Le chéile – iarrthóirí sna toghcháin áitiúla agus san olltoghchán** | **95%** |

Tá na meáin shóisialta tagtha chun cinn mar chuid riachtanach d'fheachtais toghchánaíochta nua-aimseartha in Éirinn, agus dúirt 95% díobh siúd a ndearnadh suirbhé orthu, idir iarrthóirí polaitiúla sna toghcháin áitiúla agus san olltoghchán araon gur bhain siad úsáid astu le linn a gcuid feachtas in 2024. Is amhlaidh ab airde a bhí an ráta glactha i measc iarrthóirí san olltoghchán agus é ag 99%, agus an tráth céanna thug 93% de na hiarrthóirí sna toghcháin áitiúla le fios gur bhain siad úsáid as na meáin shóisialta i bhfeachtas 2024.

Aithníonn iarrthóirí nach féidir ach céatadán íseal de vótálaithe a bhaint amach leis an stocaireacht thraidisiúnta, rud a fhágann go bhfuil na meáin shóisialta riachtanach chun a dtionchar a leathnú, a n-ainm a chur in airde agus príomhtheachtaireachtaí feachtasaíochta a threisiú. Tuairiscíodh go raibh cost-éifeachtúlacht na meán sóisialta thar a bheith luachmhar d'iarrthóirí.


1 Tuarascáil AILG-CMG – *Threats, Harassment and Intimidation in Public Office*

2 Tuarascáil ón Tascfhórsa um Rannpháirtíocht Shábháilte sa Saol Polaitíochta – An Tuarascáil arna tíolacadh don Cheann Comhairle agus do Chléireach na Dála – Bealtaine 2024

3 https://www.electoralcommission.ie/ga/cad-a-dheanaimid/an-staidear-naisiunta-ar-chursai-toghchain-agus-daonlathais-2/

I measc na bpríomhardán, bhain 92% de na hiarrthóirí a ndearnadh suirbhé orthu úsáid as Facebook, agus ina dhiaidh sin bhí Instagram (80%), X/Twitter (57%), TikTok (45%), LinkedIn (36%) agus YouTube (22%). Chuir iarrthóirí san olltoghchán rátaí glactha ardáin ní b'airde in iúl ná a gcomhghleacaithe sna toghcháin áitiúla, rud a léiríonn an freastal níos leithne atá ag teastáil le haghaidh feachtais náisiúnta.

## Forleithne na n-eispéireas diúltach ar líne




**Forleithne na nEispéireas Diúltach ar Líne**

| Cineál toghcháin | Céatadán na n-iarrthóirí ar bhain na nithe seo a leanas dóibh:<br>▪ Iompar colúil, maslach nó gránna ar líne<br>▪ Iompar foréigneach nó imeaglaithe ar líne<br>▪ Iompar a bhain le hiarrthóir a phearsanú ar líne |
|---|---|
| **Toghcháin áitiúla** | **48%** |
| **An tOlltoghchán** | **59%** |


Fiafraíodh d'iarrthóirí faoi chineálacha sonracha eispéireas diúltach ar líne, ar a dtugtar "iompraíochtaí ábhartha ar líne" sa tuarascáil seo tríd síos. Is iad seo a leanas na hiompraíochtaí sin:

- iompar colúil, maslach nó gránna ar líne;
- iompar foréigneach nó imeaglaithe ar líne; agus
- iompar a bhain le hiarrthóir a phearsanú ar líne.

Is é rud a cuireadh in iúl leis an taighde gur bhain rátaí arda iompraíochtaí ábhartha ar líne d'iarrthóirí polaitiúla, agus 48% d'iarrthóirí sna toghcháin áitiúla agus 59% d'iarrthóirí san olltoghchán ag fulaingt iompar colúil, maslach nó gránna; cumarsáid fhoréigneach nó imeaglaithe; nó pearsanú ar líne.

Lena rá ar bhealach eile, bhí beagnach triúr as gach cúigear iarrthóirí a bhí san iomaíocht don olltoghchán thíos leis na heispéiris dhiúltacha sin ar líne, agus an tráth céanna d'fhulaing thart ar dhuine amháin as gach beirt iarrthóirí sna toghcháin áitiúla an t iompar sin.


Ba é eolas bréagach a bhí beartaithe le díobháil a dhéanamh do dhea-cháil iarrthóra an cineál mí-úsáide ba choitianta (46% i gcás iarrthóirí sna toghcháin áitiúla agus 36% i gcás iarrthóirí san olltoghchán ar bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne dóibh), agus ina dhiaidh sin bhí barúlacha nimhneacha nó táireacha (46% i gcás na dtoghchán áitiúil agus 36% i gcás an olltoghcháin). Rinne maslaí bunaithe ar inscne difear do 18% d'iarrthóirí sna toghcháin áitiúla agus 23% d'iarrthóirí san olltoghchán ar bhain iompraíochtaí ábhartha dóibh, agus an tráth céanna rinne maslaí ciníocha difear do 18% d'iarrthóirí sna toghcháin áitiúla agus 15% d'iarrthóirí san olltoghchán.




## Bagairtí chun Duine a Mharú nó Díobháil a Dhéanamh dóibh

Ba é líon na ndaoine a fuair bagairtí ar líne go marófaí iad nó go ndéanfaí díobháil thromchúiseach dóibh le linn a bhfeachtais toghchánaíochta ná 24% d'iarrthóirí sna toghcháin áitiúla agus 21% d'iarrthóirí san olltoghchán, ar iarrthóirí iad a d'úsáid na meáin shóisialta agus ar bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne dó

Cuimsíodh le hiompar foréigneach nó imeaglaithe ar líne cumarsáid leanúnach a bhí ina bac ar shíocháin agus ar phríobháideacht (33% i gcás na dtoghchán áitiúil, 18% i gcás an olltoghcháin) agus bagairtí chun an t-iarrthóir a mharú nó díobháil thromchúiseach a dhéanamh dó (24% i gcás na dtoghchán áitiúil, 21% i gcás an olltoghcháin).




## Eolas bréagach a bhí beartaithe chun díobháil a dhéanamh do dhea-cháil an iarrthóra

Ba é líon na ndaoine a dúirt go raibh siad thíos le hionsaithe ar líne a bhain le heolas bréagach a bhí beartaithe chun díobháil a dhéanamh dá ndea-cháil ná 46% d'iarrthóirí sna toghcháin áitiúla agus 36% d'iarrthóirí san olltoghchán, ar iarrthóirí iad ar bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne dóibh.

Cé gur thuairiscigh an chuid is mó de na hiarrthóirí a cuireadh faoi agallamh gur fhulaing siad drochíde ar líne go pointe áirithe, sainaithníodh leis an taighde cáilíochtúil trí ghrúpa go háirithe a raibh leibhéil ní b'airde drochíde ar líne dírithe orthu: iarrthóirí ó chúlraí imirceacha, mná, agus baill den phobal LADTA+. Rinneadh ionsaithe thar a bheith gangaideach orthu siúd ó chúlraí imirceacha nó a labhair ar son chearta na n imirceach, agus an tráth céanna bhain drochíde a bhí dírithe ar inscne d'iarrthóirí baineanna ar bhonn tráthrialta, lena n áirítear teanga idirdhealaitheach, ciapadh gnéasach agus barúlacha dímheasúla faoina gcuma. Ar an gcaoi chéanna, bhain leibhéil mhéadaithe naimhdis ar bhonn féiniúlachta d'iarrthóirí LADTA+.

## Díriú ar iarrthóirí bunaithe ar dhearcthaí beartais

Ar cheann de na saincheisteanna a ndearnadh iniúchadh orthu sa taighde seo, bhí cé acu a chreid nó nár chreid iarrthóirí toghcháin go rabhthas ag díriú orthu i ngeall ar a gcuid dearcthaí maidir le saincheisteanna sonracha, ar iarrthóirí iad ar bhain idirghníomhaíochtaí achrannacha ar líne dóibh.

I measc na n iarrthóirí sna toghcháin áitiúla ar bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne dóibh, ba í an inimirce an t-ábhar a spreag an t-achrann is mó a braitheadh ag 70%, agus ina diaidh sin bhí saincheisteanna LADTA+ (31%), saincheisteanna a bhaineann do mhná (24%), tithíocht (23%) agus dearcthaí i leith an chomhshaoil (20%). Thuairiscigh roinnt iarrthóirí freisin go rabhthas ag díriú orthu bunaithe ar a gcleamhnacht le páirtí polaitíochta nó ar shaintréithe pearsanta.

I gcás iarrthóirí san olltoghchán ar tháinig eispéiris chomhchosúla rompu, ba í an inimirce an toisc a bhí i réim arís eile (64%), agus ina diaidh sin bhí saincheisteanna a bhaineann do mhná (46%), tithíocht (33%), agus saincheisteanna LADTA+ (33%). Bhí dearcthaí i leith an chomhshaoil (23%) agus dearcthaí i leith vacsaíní (21%) ina n-ábhar mór achrainn freisin.

Tugtar le fios leis na torthaí sin go mbíonn réimsí beartais áirithe ina gcúis le níos mó rannpháirtíocht dhiúltach ar líne d’iarrthóirí ar fud toghcháin áitiúla agus náisiúnta araon, agus é sin ar bhonn seasmhach. Is ábhar conspóide í an inimirce go háirithe. Treisíodh na torthaí sin leis na hagallaimh cháilíochtúla, inar thuairiscigh iarrthóirí ar fud an réimse polaitíochta go raibh méadú ar rannpháirtíocht dhiúltach le linn dóibh cúrsaí inimirce a phlé.

**Díriú ar iarrthóirí bunaithe ar shaincheisteanna sonracha (is féidir níos mó ná freagra amháin a thabhairt)**

| Ábhar | Toghcháin Áitiúla | An tOlltoghchán |
|---|---|---|
| Inimirce | 70% | 64% |
| Saincheisteanna LADTA+ | 31% | 33% |
| Saincheisteanna a bhaineann do mhná | 24% | 46% |
| Tithíocht | 23% | 33% |
| Dearcthaí i leith an chomhshaoil | 20% | 23% |

## An tionchar diúltach ar an dioscúrsa polaitiúil

Mar iarmhairt ar an mbaol go meallfaí cuid mhór drochíde ar líne, tugadh faoi deara go forleathan sna hagallaimh gur nós leis an dream polaitiúil fanacht glan ar a bheith ag plé le saincheisteanna áirithe ar líne ar eagla go meallfaí "carnadh" orthu. Thug roinnt iarrthóirí le fios gur nós leo gan raon leathan ábhar a phlé ar líne, lena n-áirítear imirce, claonadh gnéis, an comhshaol, cánachas agus tithíocht, i ngeall ar an mbaol go ndéanfaí ionsaithe spriocdhírithe orthu dá dheasca. Ar an ábhar sin, de dhroim an fhaitís sin maidir le feachtais chomhordaithe chiaptha, cuireadh srian ar phlé fiúntach ar chúrsaí beartais tábhachtacha, ar cinn iad a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhair chonspóide, áfach. Is iomaí iarrthóir a dúirt go raibh caitheamh ina dhiaidh air gur éirigh na díospóireachtaí béalastánach agus trodach, agus an tráth céanna bhí imní ar iarrthóirí eile tuairimíocht mhalartach a chaitheamh amach ar fhaitíos go ndéanfaí ionsaí orthu.

## Tionchar ar fholláine agus feachtais na n-iarrthóirí

Bhí tionchair nach beag ag eispéiris dhiúltacha ar líne ar fholláine shíceolaíoch na n-iarrthóirí agus ar a straitéisí stocaireachta:

**Iarrthóirí sna toghcháin áitiúla:**

- Thuairiscigh 62% díobh go raibh siad imníoch nó eaglach (15% 'an'-imníoch)
- Bhí 38% díobh buartha faoi shábháilteacht a dteaghlaigh/ndaoine muinteartha
- Bhí 32% díobh buartha faoina sábháilteacht féin
- Bhí 26% díobh buartha faoi dhul amach os comhair an tsaoil
- D'fhulaing 23% tionchair ar mheabhairshláinte nó sláinte fhisiciúil
- Mhéadaigh 20% díobh slándáil tí
- Chuir 17% srian lena ngluaiseachtaí (amhail áiteanna poiblí ar leith nó an t ionad oibre a sheachaint)

**Iarrthóirí san olltoghchán:**

- Thuairiscigh 67% díobh go raibh siad imníoch nó eaglach (18% 'an'-imníoch)
- Bhí 41% díobh buartha faoi shábháilteacht a dteaghlaigh/ndaoine muinteartha
- Bhí 38% díobh buartha faoina sábháilteacht féin
- Mhéadaigh 33% díobh slándáil tí
- Bhí 33% díobh buartha faoi dhul amach os comhair an tsaoil
- Dúirt 28% díobh go raibh a dteaghlach nó na daoine muinteartha leo buartha faoi shábháilteacht an iarrthóra nó faoina sábháilteacht féin
- Mhéadaigh 18% díobh cúrsaí slándála ag a n-oifig toghlaigh nó ag clinicí toghlaigh
- Chuir 18% srian lena ngluaiseachtaí (amhail suíomhanna poiblí ar leith nó an t-ionad oibre a sheachaint)
- D'fhulaing 18% tionchair ar mheabhairshláinte nó sláinte fhisiciúil

Thuairiscigh ban-iarrthóirí rátaí imní i bhfad ní b’airde sa dá thoghchán. Bhí tionchar díreach ag na heispéiris sin ar ghníomhaíochtaí stocaireachta, agus níos lú muiníne ag 33% d’iarrthóirí sna toghcháin áitiúla maidir le leanúint ar aghaidh lena bhfeachtas, 25% ag stopadh d’ábhar pearsanta a chomhroinnt, agus 21% ag seachaint réimsí sonracha beartais ina gcuid teachtaireachtaí.

Thairis sin, thuairiscigh 15% d’iarrthóirí sna toghcháin áitiúla agus 26% d’iarrthóirí san olltoghchán gur lú seans go rachaidís san iomaíocht don oifig arís de dheasca na n-eispéireas sin, agus thug 2% d’iarrthóirí sna toghcháin áitiúla agus 5% d’iarrthóirí san olltoghchán le fios nach rachaidís san iomaíocht arís de dheasca na n-eispéireas sin.

Tháinig sé chun solais sna hagallaimh cháilíochtúla an méid iarmhairtí fíorshaoil a bhí i gceist le ciapadh ar líne d’iarrthóirí, agus i gcásanna áirithe bhain athrú nach beag leis sin don chaoi ar chaith siad a saol laethúil agus léirigh sé díspeagadh mór ó thaobh rannpháirtíocht sa saol poiblí de.

Bhí teorainn le saol pearsanta agus saoirsí i gcásanna áirithe i ngeall ar ionsaithe ar líne, agus thuairiscigh roinnt iarrthóirí go raibh mothú ceangail orthu, cuir i gcás, córais slándála tí a shuiteáil agus athrú a dhéanamh ar a ngluaiseachtaí rialta chun an riosca a bhain le hionsaithe as líne a mhaolú.

Ba dhíol ollmhór imní agus ciontachta do roinnt iarrthóirí iad bagairtí ar dhaoine muinteartha, bíodh na bagairtí sin follasach nó intuigthe. Thuairiscigh roinnt iarrthóirí gur chúis mhór imní géire é an t-ualach síceolaíoch a bhaineann le daoine muinteartha a chosaint fad agus a choinnítear próifíl phoiblí ar bun an tráth céanna. I gcás rannpháirtithe áirithe, tháinig na hábhair imní sin don teaghlach chun cinn mar an bunús dá gcinneadh i dtaobh cé acu a bheidís rannpháirteach mar iarrthóirí i dtoghcháin amach anseo nó nach mbeadh, rud is bagairt dhíreach ar an rannpháirtíocht dhaonlathach.

Sa chomhthéacs sin, cuireadh frustrachas in iúl i bhfad agus i gcéin faoin easpa freagrúlachta a measadh a bheith ann ó ardáin meán sóisialta, agus roinnt iarrthóirí ag rá nár mhothaigh siad go rabhthas ag tacú leo le linn dóibh bagairtí, drochíde nó ciapadh a thuairisciú. Lena chois sin, i gcás roinnt rannpháirtithe a bhraith faoi bhagairt, bhí leisce orthu eachtraí ar líne a thuairisciú don Gharda Síochána, agus luaigh siad éiginnteacht i dtaobh cé acu is ionann nó nach ionann iompraíochtaí faoi leith agus colanna coiriúla, mar aon le hamhras faoin dóchúlacht go mbeifí in ann déantóirí na coire a shainaithint.

## Bacainní ar thuairisciú agus freagairt na n ardán


Cé gur tuairiscíodh gur ard a bhí leibhéal agus raon na drochíde spriocdhírithe ar líne, níor chomhdaigh ach mionlach de na hiarrthóirí tuairiscí leis na hardáin óstála. I gcás 42% de na freagróirí is iarrthóirí ar na toghcháin áitiúla ar bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne dóibh, thug siad le fios gur chuir siad féin, nó duine eile thar a gceann, tuairisc chuig ardán amháin ar a laghad. An tráth céanna, ní dúirt ach 31% d'iarrthóirí san olltoghchán ar bhain iompraíochtaí diúltacha ar líne dóibh gur chuir siad tuairisc amháin ar a laghad chuig ardán.

Go hachomair, ciallaíonn sé sin nár thuairiscigh beagnach 6 as 10 n-iarrthóir sna toghcháin áitiúla agus 7 as 10 n-iarrthóir san olltoghchán aon eachtra a bhain le hiompraíochtaí ábhartha ar líne d'ardán.

I measc na bpríomhchúiseanna a tugadh leis an leisce sin maidir le tuairisc a dhéanamh, bhí na nithe seo a leanas:

- Amhras go ndéanfadh na hardáin beart fiúntach
- Srianta ama le linn tréimhsí gnóthacha stocaireachta
- Dí-íogrú daoine i leith naimhdeas ar líne
- Fonn le dearcadh dearfach a choinneáil ar bun

Na hiarrthóirí siúd arb amhlaidh a rinne siad tuairisc i leith ábhair, is minic a rinne siad cur síos ar phróisis chasta lenar ghabh torthaí neamhshásúla, agus is minic a luaigh go bhfuair siad freagraí loma, inar dúradh nár sháraigh an t-ábhar a tuairiscíodh téarmaí agus coinníollacha, fiú amháin i gcásanna ina raibh bagairtí soiléire ar dhíobháil nó gríosú chun foréigin i gceist.




An tOlltoghchán    Toghcháin áitiúla

### Leibhéil ísle tuairiscithe chuig ardáin

**An tOlltoghchán:**
I gcás thart ar 7 as 10 n-iarrthóir ar bhain iompraíochtaí diúltacha ar líne dóibh, níor thuairiscigh siad do na hardáin iad.

**Toghcháin áitiúla:**
I gcás thart ar 6 as 10 n-iarrthóir ar bhain iompraíochtaí diúltacha ar líne dóibh, níor thuairiscigh siad do na hardáin iad.

## Forbairt straitéisí féinchosanta ar líne

Thuairiscigh go leor iarrthóirí go raibh siad ag dul i dtaithí ar nimhiúlacht ar líne agus ar an ábhar sin gur bhain siad leas as straitéisí cosanta éagsúla chun idirghníomhaíochtaí diúltacha a bhainistiú gan bheith ag gabháil dóibh go díreach. Ba léir ó na hagallaimh go raibh glactha ag cuid mhór iarrthóirí leis, agus ba é an tuairim a bhí ag roinnt mhaith díobh gur gné dhosheachanta den saol polaitiúil nua-aimseartha é an naimhdeas ar líne. Bhí amhras ar lear mór daoine i bhfad agus i gcéin maidir le hidirghabháil na n ardán agus ba bheag fonn a bhí orthu dul i mbun nósanna imeachta fada tuairiscithe.


Mar fhreagairt air sin, thuairiscigh iarrthóirí gur ghlac siad raon teicnící féinchosanta i gcásanna éagsúla, lena n-áirítear cuntais aonair a bhlocáil, barúlacha sonracha a bhalbhú, ábhar a scagadh, barúlacha a dhíchumasú agus gnéithe geoshuímh a dhíghníomhachtú. Na hiarrthóirí siúd a fuair tacaíocht ghairmiúil lena gcuid cuntas a bhainistiú, thuairiscigh siad go raibh siad faoi chosaint go pointe áirithe ag comhghleacaithe a rinne scagadh ar ábhar nimhiúil. Bhí cur chuige sách difriúil ag líon beag iarrthóirí a cuireadh faoi agallamh, a d’fhág an drochíde uile a bhí le feiceáil d’aon ghnó le go bhféadfadh an pobal mór breathnú ar mhéid na drochíde a díríodh orthu.

## Anaithnideacht agus cuntasacht na n ardán

Chuir nach mór na hagallaithe uile ábhair imní in iúl maidir le cuntais anaithnide a bhí ag díriú ar dhaoine ar líne gan aon iarmhairt. D’iarr cuid mhór díobh go mbeadh ceanglais chlárúcháin ní ba dhéine ann le go bhféadfaí dul i muinín an dlí i gcásanna tromchúiseacha, cuir i gcás bagairtí díobhála, gríosú chun foréigin, ciapadh leanúnach nó clúmhilleadh. Cé gur aithin siad cúiseanna dlisteanacha le leibhéal áirithe anaithnideachta, lena n-áirítear cosaint do shaoirse cainte agus cearta príobháideachta, dúirt roinnt iarrthóirí gur cheart réitigh a aimsiú. Mhol siad bearta amhail oibleagáid a chur ar gach sealbhóir cuntais clárú chun cúnamh dlí a éascú go pointe áirithe in imthosca maolaitheacha. Measadh go raibh cuntais anaithnide táireach agus gur bhain siad an bonn ón timpeallacht ar líne, agus daoine áirithe ag oibriú cuntais líonmhara in ionsaithe comhordaithe. I roinnt mhaith cásanna, dúirt na hagallaithe go raibh amhras orthu gur botaí a bhí sna cuntais anaithnide a bhí ag díriú orthu le fírinne – cuntais a bhí faoi rialú ag bogearraí seachas oibriú díreach ag daoine.

## Toghcháin áitiúla i gcomparáid leis an olltoghchán

I dtéarmaí comparáideacha, thug na hagallaithe dá n-aire, cé go meastar go ginearálta nach mbíonn na toghcháin áitiúla chomh nimhiúil céanna le holltoghcháin, gur bhain rioscaí uathúla dóibh i ngeall ar a neasacht gheografach. Tháinig sé chun cinn gur díol mór imní iad ciapadh agus stalcaireacht go háirithe i gcomhthéacsanna áitiúla, agus is minic a thaispeáin maslóirí go raibh eolas mionsonraithe acu ar ghnáthaimh na n-iarrthóirí, ar ghníomhaíochtaí a dteaghlach agus ar an áit a raibh a gcuid páistí. Bhí an méid sin ina chúis le leochaileacht mhéadaithe i measc iarrthóirí a raibh cónaí orthu agus a bhí ag obair sna pobail chéanna agus a bhí na daoine a d'fhéadfadh a bheith i mbun an chiaptha.




An tOlltoghchán — Toghcháin áitiúla

Bhí 18% d'iarrthóirí sna toghcháin áitiúla agus 23% d'iarrthóirí san olltoghchán thíos le

**Maslaí nó téarmaí dímheasúla bunaithe ar inscne ar líne**

Sa timthriall toghcháin áirithe seo, bhí suntas le huainiú Thoghcháin Áitiúla Mheitheamh 2024 agus bhí tionchar aige sin ar thon foriomlán an fheachtais, ó tharla go raibh teannas maidir le cúrsaí inimirce an ard le linn na tréimhse sin.[4] Thug roinnt iarrthóirí dá n-aire go raibh an íogaireacht faoin gceist seo laghdaithe de bheagán faoi Olltoghchán na Samhna.

## Cothromaíocht a bhaint amach idir cosaint agus saoirse cainte

Cé gur thug na hiarrthóirí cuntais fhairsinge ar chiapadh agus drochíde ar na meáin shóisialta, leag siad béim ar bhonn leanúnach ar an ngá a bhí le cothromaíocht a bhaint amach idir an comhrac in aghaidh na nimhiúlachta ar líne agus cosaint a thabhairt do shaoirse cainte agus cearta príobháideachta. Chuir cuid mhaith agallaithe tuairimí caolchúiseacha in iúl maidir le hidirdhealú a dhéanamh idir léirmheastóireacht chuiditheach agus ciapadh díobhálach, agus shoiléirigh nach raibh sé de chuspóir acu iniúchadh polaitiúil dlisteanach a sheachaint ach cosaint a fháil ar ionsaithe pearsanta spriocdhírithe, bearta imeaglaithe agus iarrachtaí drochíde comhordaithe.

4 Some migrant candidates afraid to canvass or use posters amid fears their children will be targeted; Dozens of incidents of political violence, intimidation and threats detected during Irish election campaign - ISD.

## Moltaí

Mhol na hiarrthóirí a cuireadh faoi agallamh roinnt príomh-mholtaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin:

- Cuntasacht rialála trí na rialacháin atá ann cheana féin a fhorfheidhmiú ar bhonn níos láidre maille le pionóis fhiúntacha as neamhchomhlíonadh, mar aon le fóraim ilpháirtithe leasmhara chun sásraí tuairiscithe caighdeánaithe agus prótacail freagartha a fhorbairt.
- Tacaíocht scileanna d'iarrthóirí trí chláir oiliúna chuimsitheacha lena gcumhdaítear bearta cosanta le linn feachtas.
- Oideachas poiblí trí fheachtais feasachta lena leagtar béim ar thionchar an chiaptha ar líne ar an rannpháirtíocht dhaonlathach agus cláir scoilbhunaithe maidir leis an tsaoránacht dhigiteach.
- Ról Choimisiún na Meán maidir le hacmhainní oiliúna a fhorbairt a thuilleadh, ceardlanna réigiúnacha a reáchtáil, teagmhálaithe idirchaidrimh pholaitiúil a cheapadh, agus faisnéis arna tabhairt cothrom le dáta a chur ar fáil maidir le Comhlachtaí nuachruthaithe um Réiteach Díospóidí Lasmuigh den Chúirt.[5]
- Dul i mbun plé leis an nGarda Síochána chun roghanna a fhiosrú maidir le rioscaí a mhaolú agus gníomhaíocht ghéaraitheach a chosc.

Léiríonn na torthaí an dearcadh soiléir ó iarrthóirí go bhfuil gá le gníomhaíocht chomhchoiteann lena chinntiú go gcuireann ardáin dhigiteacha próisis dhaonlathacha chun feabhais seachas an bonn a bhaint uathu, rud a chosnódh sláine toghchán agus folláine na ndaoine siúd a bhíonn rannpháirteach iontu. Cuireann an Coimisiún údair mhachnaimh ar fáil i gCuid 7, lena n-áirítear bearta is féidir leis a dhéanamh laistigh dá shainchúram agus na cinn siúd is infheidhme maidir le comhlachtaí, ardáin, etc., eile.

5 Eintitis neamhspleácha arna gceapadh faoi Airteagal 21 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha chun díospóidí idir úsáideoirí agus ardáin maidir le cinntí modhnóireachta ábhair a réiteach

# Cuid 1:
# Cúlra agus Modheolaíocht

## 1.1 Aidhmeanna an staidéir taighde agus ábharthacht an taighde staidéir maidir le ról an Choimisiúin

### Céard leis a mbaineann an taighde agus cén cuspóir atá leis?

Déantar iniúchadh leis an taighde seo ar eispéiris na n iarrthóirí ar chúrsaí feachtasaíochta agus a n eispéiris ag gabháil d'ardáin meán sóisialta le linn na bhfeachtas le haghaidh Thoghcháin Áitiúla agus Olltoghchán 2024 in Éirinn. Tugadh faoin staidéar chun cuidiú le Coimisiún na Meán tuiscint a fháil ar eispéiris na n iarrthóirí ar chineálacha áirithe iompraíochta ar líne agus a bhfeasacht ar fheidhmeanna tuairiscithe na n ardán meán sóisialta. Is é an cuspóir leis sin ná bonn eolais a chur faoi obair an Choimisiúin ach tuiscint níos fearr a fhorbairt ar na heispéiris rannpháirtíochta ar líne a bhíonn ag na daoine siúd sa saol poiblí, rud a fhorbróidh bonn fianaise ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt don Choimisiún a chuid feidhmeanna rialála a chomhlíonadh.

### Ról Choimisiún na Meán

Is é Coimisiún na Meán gníomhaireacht na hÉireann chun tírdhreach meán atá rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a fhorbairt agus a rialú. Ciallaíonn sé seo meascán de ghuthanna, de thuairimí agus d'fhoinsí nuachta éagsúla a bheith ann. Ciallaíonn sin leanaí agus gach duine againn a chosaint ó ábhar dochrach.

Is iad seo a leanas ár gcuid freagrachtaí:

- Maoirseacht a dhéanamh ar mhaoiniú earnáil na meán i gcoitinne in Éirinn agus tacú le forbairt na hearnála sin.
- Maoirseacht a dhéanamh ar rialáil seirbhísí craolacháin agus físeáin ar éileamh.
- Córas rialála na hÉireann maidir le sábháilteacht ar líne a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú.

Le Creat Sábháilteachta ar Líne na hÉireann, beidh seirbhísí digiteacha cuntasach as an gcaoi a gcosnaíonn siad daoine ar dhíobháil fhéideartha ar líne nó ar nochtadh d'ábhar mídhleathach ar líne.

Tagann trí phíosa reachtaíochta éagsúla le chéile chun an Creat a chruthú:

- Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha an AE (GSD)
- Rialachán an AE maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne
- An tAcht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022

Is féidir tuilleadh eolas mionsonraithe faoin gCreat Sábháilteachta ar Líne a fháil ag https://www.cnam.ie/ga/sabhailteacht-ar-line/.

## Gnéithe den staidéar taighde

Tá sé d'aidhm ag an taighde seo pictiúr cuimsitheach a chur ar fáil ar na heispéiris a bhí ag iarrthóirí polaitiúla in Éirinn agus iad ar líne le linn thimthriallta toghcháin 2024 agus príomh-thagarmharcanna a leagan síos ar mhaithe le comparáid a dhéanamh amach anseo. Déantar iniúchadh sa staidéar seo ar ghnéithe éagsúla de rannpháirtíocht dhigiteach na n-iarrthóirí, lena n áirítear an méid seo a leanas:

- Patrúin agus straitéisí úsáide na n-ardán, le sainaithint a dhéanamh ar na hardáin meán sóisialta is minice a úsáideann na hiarrthóirí agus an chaoi a n-ionchorpraíonn siad na huirlisí sin ina gcuid iarrachtaí stocaireachta.
- Cineál agus minicíocht na n eispéireas diúltach ar líne, agus eachtraí lena mbaineann na nithe seo a leanas a dhoiciméadú go háirithe:
  - Iompar colúil, maslach nó gránna ar líne
  - Cumarsáid fhoréigneach nó imeaglaithe ar líne
  - Iompar a bhain le hiarrthóir a phearsanú ar líne
- Sásraí tuairiscithe agus freagairtí, lena ndéantar anailís ar na nithe seo:
  - Cé acu a thuairiscíonn nó nach dtuairiscíonn iarrthóirí ábhar achrannach, agus an chaoi a ndéanann siad é sin
  - Cá héifeachtaí a láimhseálann ardáin na tuairiscí sin
  - Céard iad na bearta cosanta agus maolaitheacha a chuireann iarrthóirí i bhfeidhm
- Measúnú tionchair, lena ndéantar meastóireacht ar shaincheisteanna amhail:
  - An éifeacht a bhaineann le ciapadh agus drochíde ar líne d'fholláine na n iarrthóirí polaitiúla tríd is tríd
  - An tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann ar rannpháirtíocht pholaitiúil agus próisis dhaonlathacha
  - Iarmhairtí síceolaíocha, gairmiúla agus pearsanta do dhaoine aonair a bhíonn thíos leis sin
- Moltaí le haghaidh feabhsúcháin:
  - Feabhsuithe ar bheartas na n ardán agus ar fhorfheidhmiú
  - Idirghabhálacha reachtacha nó rialála
  - Córais agus acmhainní tacaíochta d'iarrthóirí
  - Tionscnaimh oideachais do na hiarrthóirí agus don phobal araon

Ach iniúchadh a dhéanamh ar na gnéithe sin ar fud thoghcháin áitiúla agus olltoghchán 2024 araon, tá sé d'aidhm ag an taighde seo léargas a thabhairt ar an tírdhreach digiteach athraitheach i bhfeachtais pholaitiúla na hÉireann agus idirghabhálacha féideartha a shainaithint chun timpeallachtaí níos sábháilte ar líne a chruthú don rannpháirtíocht dhaonlathach.

## 1.2 Téarmaíocht agus sainmhínithe a úsáideadh

| Téarma | Brí |
|---|---|
| Iompar pearsanaithe | Nuair a chuireann tú i gcéill gur iarrthóir toghcháin ar leith thú ar líne, cuir i gcás trí chuntas meán sóisialta a chruthú agus idirghníomhú a dhéanamh ar líne in ainm an iarrthóra – d'fhéadfaí é sin a dhéanamh ar mhaithe le gnóthachan a dhéanamh nó caillteanas a chur faoi deara don iarrthóir nó do dhaoine eile. |
| Iompraíochtaí ábhartha ar líne | ▪ Iompar colúil, maslach nó gránna ar líne<br>▪ Iompar foréigneach nó imeaglaithe ar líne<br>▪ Iompar a bhain le hiarrthóir a phearsanú ar líne |

I ndáil le hiompraíochtaí ábhartha ar líne, roghnaíodh na catagóirí iompraíochtaí seo a leanas bunaithe ar fhaisnéis starógach maidir le heispéiris iarrthóirí toghcháin roimhe seo, agus baineadh ó cholanna atá ann cheana iad, ar colanna iad a bhféadfadh na cineálacha iompair seo a leanas a bheith i gceist leo:

- Iompar colúil, maslach nó gránna ar líne
- Iompar foréigneach nó imeaglaithe ar líne
- Iompar a bhain le hiarrthóir a phearsanú ar líne

Bhí an miondealú ar na cineálacha iompair cholúil, mhaslaigh nó ghránna bunaithe den chuid is mó ar shaintréithe cosanta faoin reachtaíocht chomhionannais. Baineadh an miondealú ar na cineálacha iompraíochtaí foréigneacha nó imeaglaithe i dtaca le cionta san Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997, lena n áirítear bagairtí chun duine a mharú nó díobháil thromchúiseach a dhéanamh dó, mar aon le ciapadh.

## 1.3 Modheolaíocht taighde

Cuireadh struchtúr taighde lenar bhain modhanna measctha chun feidhme, inar comhcheanglaíodh suirbhé cainníochtúil le hagallaimh ghrinne leathstruchtúrtha a rinneadh le sampla níos lú d’iarrthóirí ón dá thoghchán. Glacadh an cur chuige modhanna measctha sin chun idir leithead agus doimhneacht na tuisceana a sholáthar, rud lena rabhthas in ann patrúin leathana a shainaithint trí shonraí suirbhé fad a bhíothas ag fáil léargas níos doimhne ar eispéiris agus dearcthaí na n-iarrthóirí trí agallaimh cháilíochtúla.

I bhfianaise mhéid beag an spriocphobail iomláin, díríodh ar an sampla ina iomláine lena chuimsiú sa taighde. Cuireadh liostaí móra ríomhphoist i dtoll a chéile ó shonraí a bhí inrochtana go poiblí maidir leis na hiarrthóirí i dToghcháin Áitiúla agus Olltoghchán 2024 araon. Tugadh fógra díreach faoin taighde do na hiarrthóirí uile ar na liostaí sin dá éis sin, idir bhaill de pháirtithe polaitíochta agus iarrthóirí neamhspleácha (neamhpháirtí), agus tugadh cuireadh dóibh an suirbhé a chomhlánú agus dul faoi agallamh. Lena chois sin, cuireadh na páirtithe polaitíochta cláraithe uile sa Stát ar an eolas faoin taighde agus spreagadh iad chun an fhaisnéis a scaipeadh ar a gcuid iarrthóirí i dToghcháin Áitiúla agus Olltoghchán 2024 araon.

Rinneadh gach iarracht lena chinntiú go mbeadh sampla chomh mór agus chomh hionadaíoch de rannpháirtithe taighde agus ab fhéidir ann. Gan amhras, bhí roinnt dúshlán ann, a bhfuil cuntas orthu sa phlé ar theorainneacha thíos. A mhéid a bhaineann le cúrsaí ionadaíochais, rinne an Coimisiún iarracht aon riosca a mhaolú ach dul i dteagmháil leis na páirtithe polaitíochta cláraithe uile sa Stát chomh maith le heagraíochtaí neamhrialtasacha, a oibríonn chun tacú le hiarrthóirí toghcháin, lena iarraidh orthu an cuireadh taighde a scaipeadh ar a gcuid liostaí teagmhála iarrthóirí. Agus an Coimisiún ag féachaint le rannpháirtithe agallaimh a ghlacadh isteach, rinne sé obair leantach le ceanncheathrúna na bpáirtithe polaitíochta lena chinntiú go mbeadh sampla chomh hionadaíoch agus ab fhéidir ann. Agus é ag déanamh amhlaidh, iarradh ar pháirtithe polaitíochta cláraithe ionadaíocht a spreagadh i measc na n-iarrthóirí uile a bheadh sásta páirt a ghlacadh sa taighde.

## Staidéar cainníochtúil

### Staidéar cainníochtúil – iarrthóirí sna toghcháin áitiúla

Bhí 226 freagróir ann as measc 2,170 iarrthóir san iomlán sna toghcháin áitiúla.[6] Bhí an suirbhé ar oscailt ón 12 Meán Fómhair 2024 go dtí an 14 Deireadh Fómhair 2024.

### Suirbhé cainníochtúil – iarrthóirí san olltoghchán

66 freagróir as 685 iarrthóir san iomlán san olltoghchán.[7]

Bhí an suirbhé ar oscailt ón 18 Feabhra 2025 agus dúnadh ar an 30 Márta 2025 é.

Rinneadh na figiúirí uile tríd síos a shlánú go dtí an tslánuimhir is gaire.

## Staidéar cáilíochtúil

Roghnaíodh rannpháirtithe don taighde seo ó tharla gur iarrthóirí i dToghcháin Áitiúla nó in Olltoghchán 2024 iad nó ós rud é go raibh dlúthbhaint acu leis na heispéiris a bhí ag iarrthóirí ar líne le linn na dtoghchán sin. Nuair a cuireadh iarrthóirí ar an dá thoghchán ar an eolas faoin suirbhé ar líne, tugadh an rogha dóibh a bheith rannpháirteach in agallamh freisin. Lena chois sin, chuathas i dteagmháil leis na páirtithe polaitíochta cláraithe uile sa Stát agus iarradh orthu iarrthóirí óna bpáirtithe a ainmniú a bheadh rannpháirteach in agallamh. Agus é sin á dhéanamh, iarradh ar pháirtithe polaitíochta cláraithe ionadaíocht agus go háirithe cothromaíocht inscne a spreagadh i measc na n-iarrthóirí uile a bheadh sásta páirt a ghlacadh sa taighde.  San iomlán, cuireadh agallamh ar 44 iarrthóir toghcháin don taighde seo.[8]

### Cáilíochtúil – Iarrthóirí sna Toghcháin Áitiúla

Leis an taighde cáilíochtúil a rinneadh le hiarrthóirí sna toghcháin áitiúla, cuimsíodh agallaimh le 22 iarrthóir san iomlán. Tugadh faoi na hagallaimh go cianda trí Microsoft Teams, agus formáid leathstruchtúrtha á leanúint a bhí eagraithe thart ar phríomhthéamaí. Tugadh faoi na hagallaimh i mí Dheireadh Fómhair 2024, agus ba é 45 nóiméad meánfhad na n agallamh.

### Cáilíochtúil – Iarrthóirí san Olltoghchán

Leis an taighde cáilíochtúil a rinneadh le hiarrthóirí san olltoghchán, cuimsíodh agallaimh le 22 iarrthóir toghcháin freisin. Tugadh faoi na hagallaimh go cianda trí Microsoft Teams, agus formáid leathstruchtúrtha á leanúint a bhí eagraithe thart ar phríomhthéamaí. Tugadh faoi na hagallaimh i mí an Mhárta agus mí Aibreáin 2025, agus ba é 45 nóiméad meánfhad na n agallamh.

6 https://datahub.womenforelection.ie/pages/local-elections-map-2024

7 https://www.rte.ie/news/election-24/2024/1116/1481337-over-680-candidates-to-contest-election-24/

8 In dhá chás as an 44 agallamh a rinneadh, ba chomhghleacaithe le hiarrthóirí toghcháin iad na hagallaithe, a raibh eolas mionsonraithe acu ar na heispéiris a bhí ag iarrthóirí ar líne agus a bhí údaraithe labhairt thar a gceann. I gcás an 42 agallaí eile, is amhlaidh b'iarrthóirí i dToghcháin Áitiúla nó Olltoghchán 2024 iad, nó an péire díobh.

## 1.4 Ceisteanna Eiticiúla

### Toiliú agus cosaint sonraí

Ar leathanach lamairne an tsuirbhé, bhí faisnéis maidir leis na rannpháirtithe ar fáil agus deimhníodh nádúr deonach na rannpháirtíochta. Fuair na rannpháirtithe sna hagallaimh faisnéis mhionsonraithe agus treoracha plé, agus deimhníodh toiliú sular ghlac siad páirt. Cuireadh in iúl do na rannpháirtithe go raibh lánchead acu a dtoiliú chun páirt a ghlacadh san agallamh a tharraingt siar tráth ar bith sula bhfoilseofaí an tuarascáil ar thorthaí an taighde. Cuireadh in iúl do na rannpháirtithe go bhféadfaidís roghnú an t agallamh a chur ar sos nó deireadh a chur leis tráth ar bith.[9]

Ba é an Coimisiún ba Rialaitheoir Sonraí do na sonraí uile a bailíodh. Bailíodh sonraí ón suirbhé trí Microsoft Forms agus rochtain shrianta orthu, agus an tráth céanna taifeadadh sonraí agallaimh trí Microsoft Teams agus deachtafón. Bhí na comhaid sonraí uile cosanta ag pasfhocal agus gan rochtain orthu ach ag taighdeoirí agus anailísithe amháin. Ní choinneofar sonraí pearsanta ach amháin ar feadh fhad an taighde agus scriosfar tar éis fhoilsiú na tuarascála iad.

### Sláine an taighde

Rinneadh an uile agallamh a thaifeadadh agus a thras-scríobh, agus códaíodh na sonraí de réir téamaí dá éis sin. Cuimsíodh sleachta athfhriotail na rannpháirtithe chun na torthaí a chur i láthair i bhfocail na rannpháirtithe féin. Cuireadh an tuarascáil faoi phiarmheasúnú agus tugadh cothrom le dáta bunaithe ar aiseolas na n athbhreithneoirí í. Níor úsáideadh forainmneacha nach raibh neodrach ó thaobh inscne de ach amháin i gcás inarbh ábhartha de réir an chomhthéacs.

9 Do na taighdeoirí siúd a bhfuil cóip de na suirbhéanna bunaidh de dhíth orthu, maille le ródú, agus/nó na bileoga faisnéise um thaighde cáilíochtúil, an fógra um príobháideacht sonraí agus foirmeacha um thoiliú feasach, seol ríomhphost chuig research@cnam.ie

# 1.5 Teorainneacha

### Ionadaíochas samplach

Cé gur roghnaigh na rannpháirtithe iad féin ón spriocphobal trí shuirbhé anaithnid, rinneadh bearta caighdeánacha chun ionadaíochas a chothú. Cuimsíodh ceisteanna déimeagrafacha chun aon tearcionadaíocht a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint i dtaobh inscne, stádas cleamhnachta le páirtí polaitíochta, agus suíomh geografach. A mhéid a bhaineann le glacadh isteach na rannpháirtithe taighde, rinneadh gach iarracht le faisnéis teagmhála a fháil do na hiarrthóirí incháilithe uile chun clúdach leathan cuiridh a chinntiú, cé gur dhún roinnt iarrthóirí i dToghcháin Áitiúla 2024 a gcuid cuntas ríomhphoist feachtasaíochta. Chun aghaidh a thabhairt air sin, iarradh ar na páirtithe polaitíochta cláraithe agus na ENRanna ábhartha an cuireadh chun taighde a scaipeadh ar a gcuid líonraí iarrthóirí.

### Rátaí freagartha agus claonadh féideartha

Is é rud a bhí i samplaí deiridh an tsuirbhé ná díreach os cionn 10% de na hiarrthóirí i dToghcháin Áitiúla 2024 agus díreach faoi bhun 10% de na hiarrthóirí in Olltoghchán 2024. Seans gur mó spreagadh a bhí ag iarrthóirí ar bhain feachtais dhiúltacha ar líne dóibh le páirt a ghlacadh, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le laofacht roghnúcháin. Glacadh cur chuige modhanna measctha chun na teorainneacha a bhaineann le méid an tsampla a mhaolú, rud lena rabhthas in ann torthaí cainníochtúla a bhreithniú taobh le léargas cáilíochtúil ó agallaimh ghrinne.

### Anaithnideacht an tsuirbhé

Chun anaithnideacht iomlán a chinntiú, níor gineadh naisc aonair don suirbhé óir go gcruthófaí taifid dhigiteacha leis sin a nascfadh freagairtí le seoltaí ríomhphoist. Cé gurb é rud is ciall leis sin ná go bhféadfadh daoine nárbh iarrthóirí iad an suirbhé a chomhlánú, cuir i gcás, measadh go raibh an riosca íseal i bhfianaise nár scaipeadh an suirbhé ach amháin díreach chuig iarrthóirí go cúramach nó trí eagraíochtaí dílse. Deimhníodh leis an athbhreithniú tosaigh ar shonraí nár ann d'aon phatrún nó freagairt neamhghnách a thabharfadh le fios nár comhlánaíodh an suirbhé mar ba cheart.

## 1.6 Nótaí buíochais

Ba mhaith le Coimisiún na Meán aitheantas a thabhairt do na hiarrthóirí uile i dToghcháin Áitiúla 2024 agus in Olltoghchán 2024 a d’fhreagair an suirbhé agus/nó a ghlac páirt in agallamh taighde agus buíochas ó chroí a ghabháil leo. Ba mhaith leis an gCoimisiún buíochas a ghabháil freisin le ceanncheathrúna na bpáirtithe polaitíochta agus le heagraíochtaí páirtithe leasmhara (an Chomhairle um Inimircigh in Éirinn, Women for Election agus See Her Elected) a scaip nasc an tsuirbhé agus an cuireadh chun páirt a ghlacadh sa taighde ar a gcuid liostaí teagmhála iarrthóirí. Tá an Coimisiún buíoch as an Tascfhórsa um Rannpháirtíocht Shábháilte sa Pholaitíocht, an Coimisiún Toghcháin agus Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann as a gcuid rannpháirtíochta i ndáil leis an taighde agus mar thaca leis. Ba mhór againn an cúnamh uile maidir le rannpháirtithe a ghlacadh isteach agus toilteanas na n iarrthóirí a bheith rannpháirteach agus bhí siad sárluachmhar sa phróiseas taighde.



# Cuid 2:
# Déimeagrafaic agus Úsáid na Meán Sóisialta

## 2.1 Réamhrá

Sa chuid seo déanfar plé ar dhéimeagrafaic na n-iarrthóirí toghcháin a bhí rannpháirteach sa taighde agus ar an úsáid a bhain siad as na meáin shóisialta le linn a gcuid feachtas toghcháin nó mar chuid díobh. Ba é ab aidhm don chéad chuid den dá shuirbhé tuiscint a fháil ar chúlraí déimeagrafacha na n-iarrthóirí lena dhéanamh amach cé acu a bhí na freagróirí ionadaíoch ar chineálacha éagsúla páirtithe polaitíochta, cúlraí geografacha, aoiseanna, etc., nó nach raibh. I bhfianaise gur cuimsíodh ceisteanna déimeagrafaíochta, bhíothas in ann anailís a dhéanamh ar fhreagraí ar cheisteanna ní ba dhéanaí sa suirbhé i dtaca le déimeagrafaic na bhfreagróirí. D'fhág sé sin go rabhthas in ann measúnú a dhéanamh, cuir i gcás, ar cibé acu ba mhó nó ba lú seans gur bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne do fhreagróirí d'inscne nó d'aoisghrúpa ar leith ná freagróirí d'inscne nó d'aoisghrúpa eile. Sa chuid seo freisin déanfar plé ar thorthaí an dara cuid den suirbhé, arbh é ab aidhm di tuiscint a fhorbairt ar an úsáid a bhain na hiarrthóirí as na meáin shóisialta, lena n áirítear cé acu a bhain nó nár bhain siad úsáid as na meáin shóisialta le linn a bhfeachtais toghcháin, nó mar chuid de; cé na hardáin meán sóisialta a d'úsáid siad; agus cá rialta a d'úsáid siad na meáin shóisialta, más amhlaidh a d'úsáid siad ar chor ar bith iad.

## 2.2 Forléargas ar dhéimeagrafaic na bhfreagróirí ar an suirbhé agus na rannpháirtithe sna hagallaimh


Cumhdaíodh na nithe seo a leanas leis na ceisteanna déimeagrafaíochta:

- Ballraíocht i bpáirtí polaitíochta/neamhspleáchas
- Aoisghrúpa
- Inscne
- Grúpa eitneach/cúlra eitneach
- Suíomh an Toghlimistéir Áitiúil/toghcheantair a raibh an t iarrthóir ag seasamh sa toghchán dó
- Cé acu a bhí iarrthóirí ag seasamh sa toghchán mar oifigeach poiblí reatha nó nach raibh; agus, i gcás na ndaoine a bhí ag seasamh sa toghchán, cé acu a sheas siad i dtoghchán i gcomhair oifig phoiblí roimhe seo nó nár sheas, nó cé acu a bhí siad ina n oifigeach poiblí tofa nó nach raibh
- Cé acu a toghadh nó nár toghadh na freagróirí i dtoghcháin 2024
- I gcás an tsuirbhé do na toghcháin áitiúla amháin, cé acu a bhí nó nach raibh sé beartaithe acu seasamh in Olltoghchán 2024


# Forléargas ar dhéimeagrafaic na n-iarrthóirí

Forléargas ar dhéimeagrafaic na n-iarrthóirí sna Toghcháin Áitiúla


### Inscne na nIarrthóirí





### Aoisghrúpa na nIarrthóirí





### Toradh Toghcháin na nIarrthóirí




### Ceantair Toghcháin na nIarrthóirí




## Cúlra Eitneach na nIarrthóirí





- Éireannach Geal
- Eile
- Aon Chúlra Eitneach Geal Eile

## Ballraíocht i bpáirtí polaitíochta




- Ball de pháirtí polaitíochta cláraithe a bhfuil 5+ TD tofa aige
- Neamhspleácha (neamhpháirtí)
- Ball de pháirtí polaitíochta cláraithe nach bhfuil ach níos lú ná 5 TD tofa aige
- Baill de pháirtí polaitíochta cláraithe gan aon TD tofa

## Stádas na nIarrthóirí





- Nár chomhairleoir reatha iad agus nár sheas siad i dtoghchán chun oifige poiblí riamh roimhe sin
- Chomhairleoir reatha
- Níor chomhairleoirí reatha iad ach sheas siad i dtoghchán chun oifige poiblí roimhe sin.
- Níor chomhairleoirí reatha iad ach bhí siad ina n-oifigigh phoiblí thofa roimhe sin.


# Forléargas ar dhéimeagrafaic na n-iarrthóirí

Forléargas ar dhéimeagrafaic na n-iarrthóirí san olltoghchán


## Inscne na nIarrthóirí





## Aoisghrúpa na nIarrthóirí




## Ag seasamh i dtoghchán don Dáil




### Cúlra Eitneach na nIarrthóirí





- Éireannach Geal
- Eile

### Ballraíocht i bpáirtí polaitíochta





- Ball de pháirtí polaitíochta cláraithe a bhfuil 5+ TD tofa aige
- Ball de pháirtí polaitíochta cláraithe nach bhfuil ach níos lú ná 5 TD tofa aige
- Neamhspleácha (neamhpháirtí)

### Cineál Toghcheantair




- Baile mór nó bailte móra/ionad bardais (agus na ceantair máguaird)
- Bruachbhailte cathrach
- Ceantar tuaithe/Ceantair thuaithe den chuid is mó
- Cathair/Cathair agus ceantair i lár na cathrach
- Cathair agus contae

### Tofa in Olltoghchán 2024




- Toghadh
- Níor toghadh

## Forléargas ar dhéimeagrafaic na n-iarrthóirí

### Ballraíocht i bpáirtí polaitíochta/neamhspleáchas

#### Iarrthóirí sna toghcháin áitiúla

- Ba bhaill de pháirtí polaitíochta cláraithe ag a bhfuil 5+ TD thofa iad 72% de na freagróirí ar an suirbhé do na toghcháin áitiúla.
- B'iarrthóirí neamhspleácha (neamhpháirtí) iad 17% díobh.
- Ba bhaill de pháirtí polaitíochta cláraithe ag a bhfuil níos lú ná 5 TD thofa iad 9% de na freagróirí.
- Ba bhaill de pháirtí polaitíochta cláraithe gan aon TD tofa iad 2% díobh.

#### Iarrthóirí san olltoghchán

- Ba bhaill de pháirtí polaitíochta cláraithe ag a bhfuil 5+ TD thofa iad 62% de na freagróirí ar an suirbhé don olltoghcháin.
- Ba bhaill de pháirtí polaitíochta cláraithe ag a bhfuil níos lú ná 5 TD thofa iad 26% de na freagróirí.
- B'iarrthóirí neamhspleácha (neamhpháirtí) iad 8% díobh.

### Aoisghrúpa

#### Iarrthóirí sna toghcháin áitiúla

Bhí díreach os cionn leath de na freagróirí san aoisghrúpa 35-54 (54%) agus bhí 33% díobh san aoisghrúpa 55+. Bhí 13% de na freagróirí san aoisghrúpa 18-34.

#### Iarrthóirí san olltoghchán

Bhí 61% de na freagróirí san aoisghrúpa 35-54 agus bhí 32% díobh san aoisghrúpa 55+. Bhí 7% de na freagróirí san aoisghrúpa 18-34.

### Inscne

#### Iarrthóirí sna toghcháin áitiúla

Fir a bhí i méid díreach os cionn leath de na freagróirí (56%) agus mná a bhí in 44% díobh.[10]

#### Iarrthóirí san olltoghchán

Fir a bhí in 58% de na freagróirí agus mná a bhí in 42% díobh. Níor roghnaigh aon fhreagróir an rogha "Eile" mar fhreagairt ar cheist na hinscne.

10 Aithníonn an Coimisiún gur téarma uileghabhálach é "mná" dóibh siúd a shainaithníonn iad féin mar mhná. Mar sin féin, ina mhodheolaíocht bailithe sonraí, is iondúil go n úsáideann an Coimisiún "fireann" agus "baineann" mar roghanna freagartha do cheisteanna inscne chun bheith ag teacht leis na catagóirí inscne a úsáidtear i nDaonáireamh na hÉireann, go háirithe nuair is é is aidhm don taighde suirbhé a dhéanamh ar shampla ionadaíoch den daonra go náisiúnta. Coinneofar úsáid théarmeolaíocht an taighde faoi athbhreithniú.

### Grúpa eitneach/cúlra eitneach

Chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na roghanna freagartha ar an gceist maidir le grúpa eitneach nó cúlra eitneach, tugadh aird ar na roghanna freagartha ar cheist an Daonáirimh maidir le grúpa eitneach nó cúlra eitneach. I bhfianaise an spriocphobail réasúnta beag don suirbhé (agus ó taispeánadh leis an taighde gur cúlra geal a bhí ag an gcuid is mó de na hiarrthóirí), thángthas ar an gcinneadh, dá gcuimseofaí na roghanna freagartha uile ó cheist an Daonáirimh, go mbeadh riosca ard ann go mbeifí in ann duine sonrach a dhéanamh amach, go háirithe nuair a cuireadh freagraí ar cheisteanna déimeagrafacha eile san áireamh, cuir i gcás aois agus inscne. Cinneadh dá bhrí sin gan ach na roghanna freagartha seo a leanas a chur ar fáil:

- Éireannach Geal
- Aon Chúlra Geal Eile
- Eile

#### Iarrthóirí sna toghcháin áitiúla


"Éireannach Geal" a bhí in 93% de na freagróirí agus an tráth céanna roghnaigh 2% díobh "Aon Chúlra Geal Eile". Roghnaigh 5% díobh "Eile", lenar cuimsíodh gach grúpa eitneach nó cúlra nárbh "Éireannach Geal" ná "Aon Chúlra Geal Eile" iad.

#### Iarrthóirí san olltoghchán


"Éireannach Geal" a bhí in 92% de na freagróirí. Roghnaigh 8% díobh "Eile", lenar cuimsíodh gach grúpa eitneach nó cúlra nárbh "Éireannach Geal" ná "Aon Chúlra Geal Eile" iad. Níor roghnaigh freagróir ar bith "Aon Chúlra Geal Eile".

### Suíomh an Toghlimistéir Áitiúil nó toghcheantair a raibh an t iarrthóir ag seasamh sa toghchán dó

**Iarrthóirí sna Toghcháin Áitiúla**




**Iarrthóirí san Olltoghchán**




- Baile mór nó bailte móra/ionad bardais (agus na ceantair máguaird)
- Ceantar tuaithe/Ceantair thuaithe den chuid is mó
- Bruachbhailte cathrach
- Cathair/Cathair agus ceantair i lár na cathrach
- Cathair agus contae
- Eile*

## Forléargas ar dhéimeagrafaic na n-iarrthóirí

### Iarrthóirí sna toghcháin áitiúla

Iarradh ar na hiarrthóirí sainaithint a dhéanamh ar an bhfreagairt ab fhearr a rinne cur síos ar shuíomh an Toghlimistéir Áitiúil ("LEA") a raibh siad ag seasamh sa toghchán dó. Ba é ba chuspóir don cheist sin measúnú a dhéanamh, cuir i gcás, ar cibé acu ba mhó nó ba lú seans gur bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne d'iarrthóirí as ceantair thuaithe ná d'iarrthóirí as ceantair uirbeacha.

- Thug 38% de na freagróirí le fios gurbh é baile mór nó bailte móra/ionad bardais agus ceantair máguaird an cur síos ab fhearr ar an LEA ina raibh siad ag seasamh don toghchán.
- Thug 29% díobh le fios gurbh é ceantar tuaithe an cur síos ab fhearr ar an LEA ábhartha.
- Thug 19% díobh le fios gurbh é bruachbhailte cathrach an cur síos ab fhearr ar an LEA ina raibh siad ag seasamh don toghchán.
- Thug 13% díobh le fios gurbh é cathair an cur síos ab fhearr ar an LEA ábhartha.
- Roghnaigh méid ba lú ná aon faoin gcéad an rogha "Eile" lena thabhairt le fios gur cur síos malartach a rinne an tsainaithint ab fhearr ar an LEA ábhartha. Sa rogha a bhí ag gabháil leis ina rabhthas in ann freagairt saorthéacs a thabhairt, thug na freagróirí ábhartha le fios gurbh é meascán de bhaile mór agus ceantar tuaithe agus meascán de bhruachbhailte cathrach agus ceantair thuaithe an cur síos ab fhearr ar an LEA ina raibh siad ag seasamh don toghchán.

### Iarrthóirí san olltoghchán

Iarradh ar na hiarrthóirí sainaithint a dhéanamh ar an gcatagóir ab fhearr a rinne cur síos ar an toghcheantar a raibh siad ag seasamh sa toghchán dó. Ba é ba chuspóir don cheist sin measúnú a dhéanamh, cuir i gcás, ar cibé acu ba mhó nó ba lú seans gur bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne d'iarrthóirí as ceantair thuaithe ná d'iarrthóirí as ceantair uirbeacha. D'fhreagair na hiarrthóirí mar a leanas i ndáil lena dtoghcheantar:

- Dúirt 41% díobh gur chuimsigh sé baile mór nó bailte móra/ionad bardais.
- Dúirt 32% díobh gur chuimsigh sé bruachbhailte cathrach.
- D'fhreagair 18% díobh ceantair thuaithe den chuid is mó, agus dúirt 8% díobh gur chuimsigh sé cathair agus ceantair i lár na cathrach.
- Dúirt 2% díobh cathair agus contae.

## Eispéiris na n-iarrthóirí roimhe seo ina gcáil mar oifigigh phoiblí agus iarrthóirí toghcháin

### Iarrthóirí sna toghcháin áitiúla

Iarradh ar na hiarrthóirí cé acu a bhí siad ag seasamh sa toghchán mar chomhairleoir reatha nó nach raibh; agus, i gcás na ndaoine nach raibh ag seasamh sa toghchán mar chomhairleoir reatha, cé acu a sheas siad i dtoghchán i gcomhair oifig phoiblí roimhe sin nó nár sheas, nó cé acu a bhí siad ina n oifigeach poiblí tofa roimhe sin nó nach raibh.

Ba é ba chuspóir don cheist sin a bheith in ann anailís a dhéanamh lena chinneadh cibé acu ba mhó nó ba lú seans gur bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne d'iarrthóirí céaduaire nó d'iarrthóirí a bhí in oifig cheana nó iarrthóirí a raibh taithí acu i dtoghcháin nó oifig phoiblí roimhe sin.

- Thug 47% de na freagróirí le fios nár chomhairleoir reatha iad agus nár sheas siad i dtoghchán chun oifige poiblí riamh roimhe sin.
- Thug 40% díobh le fios gur chomhairleoir reatha iad.
- Níor chomhairleoirí reatha iad 8% de na freagróirí ach sheas siad i dtoghchán chun oifige poiblí roimhe sin.
- Níor chomhairleoirí reatha iad 5% díobh ach bhí siad ina n oifigigh phoiblí thofa roimhe sin.

### Iarrthóirí san Olltoghchán

Iarradh ar na hiarrthóirí cé acu a bhí siad ag seasamh sa toghchán mar TD, Seanadóir nó comhairleoir reatha nó nach raibh; i gcás nach raibh siad ag seasamh mar TD, Seanadóir nó comhairleoir reatha, cé acu a sheas siad i dtoghchán i gcomhair oifig phoiblí roimhe sin nó ná nár sheas (toghcháin áitiúla, olltoghcháin, rolla Seanaid, toghchán Eorpach nó uachtaránachta); Nó, i gcás na ndaoine siúd a bhí san iomaíocht don toghchán agus nár TD, Seanadóir nó comhairleoir reatha iad, cé acu a bhí siad ina n oifigeach tofa roimhe sin nó nach raibh.

Ba é ba chuspóir don cheist sin a bheith in ann anailís a dhéanamh lena chinneadh cibé acu ba mhó nó ba lú seans gur bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne d'iarrthóirí céaduaire nó d'iarrthóirí a bhí in oifig cheana nó iarrthóirí a raibh taithí acu i dtoghcháin nó oifig phoiblí roimhe sin.

- Thug 56% díobh le fios gur TD, Seanadóir nó comhairleoir reatha iad.
- Dúirt 23% díobh nár TD, Seanadóir ná comhairleoir reatha iad ach gur sheas siad i dtoghchán i gcomhair oifig phoiblí roimhe sin.
- Dúirt 15% díobh nár TD, Seanadóir ná comhairleoir reatha iad agus nár sheas siad i dtoghchán i gcomhair oifig phoiblí roimhe sin.
- Dúirt 6% díobh nár TD, Seanadóir ná comhairleoir reatha iad ach gur toghadh chun oifige poiblí roimhe sin iad.

## Forléargas ar dhéimeagrafaic na n-iarrthóirí

### Iarrthóireacht rathúil i dtoghcháin áitiúla 2024

#### Iarrthóirí sna toghcháin áitiúla

Iarradh ar na hiarrthóirí cé acu a toghadh nó nár toghadh i dtoghcháin áitiúla 2024 iad. Ba é ba chuspóir don cheist sin a chinneadh, mar shampla, as na hiarrthóirí ar bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne dóibh, cibé acu ba mhó nó ba lú seans go ndéarfadh iarrthóirí nár toghadh go ndéanfadh a dtaithí ar na hiompraíochtaí ábhartha ar líne difear dá gcinneadh seasamh sa toghchán arís amach anseo.

Thug díreach os cionn leath de na freagróirí (56%) le fios gur toghadh i dtoghcháin áitiúla 2024 iad.

#### Iarrthóirí san olltoghchán

Iarradh ar na hiarrthóirí cé acu a toghadh nó nár toghadh in olltoghchán 2024 iad. Ba é ba chuspóir don cheist sin a chinneadh, mar shampla, cibé acu ba mhó nó ba lú seans go ndéarfadh iarrthóirí nár toghadh go ndéanfadh a dtaithí ar na hiompraíochtaí ábhartha ar líne, más amhlaidh a bhain siad dóibh, difear dá gcinneadh seasamh sa toghchán arís amach anseo.

Thug 39% de na freagróirí le fios gur toghadh in olltoghchán 2024 iad.

### Rún na n-iarrthóirí sna toghcháin áitiúla seasamh in Olltoghchán 2024

Fiafraíodh de na freagróirí ar an suirbhé d'iarrthóirí sna toghcháin áitiúla cé acu a bhí nó nach raibh sé beartaithe acu seasamh mar iarrthóir in Olltoghchán 2024. Thug 64% de na freagróirí le fios nach raibh sé beartaithe acu seasamh mar iarrthóir in Olltoghchán 2024. Bhí sé beartaithe ag 19% díobh seasamh in Olltoghchán 2024 agus bhí 17% díobh idir dhá chomhairle nuair a chomhlánaigh siad an suirbhé.

Ba é cuspóir an bhirt sin a dhéanamh amach, i gcás na n-iarrthóirí ar bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne dóibh, cé acu ba mhó nó ba lú seans go ndéarfaidís go raibh sé beartaithe acu seasamh mar iarrthóir in Olltoghchán 2024 ná iad siúd nár bhain na hiompraíochtaí ábhartha ar líne dóibh. Déanfar tuilleadh plé air sin thíos.

# Taighde cáilíochtúil – miondealú déimeagrafach

**Déimeagrafaic cháilíochtúil – Toghcháin Áitiúla**

Cuimsíodh 22 rannpháirtí san iomlán sa staidéar cáilíochtúil lenar díríodh ar iarrthóirí sna toghcháin áitiúla. Ba é 15 bhean agus 7 bhfear an dáileadh inscne. Bhí meascán d’ionadaithe páirtithe polaitíochta agus iarrthóirí neamhspleácha ann i measc na rannpháirtithe.


**Déimeagrafaic cháilíochtúil – An tOlltoghchán**

Cuimsíodh 22 rannpháirtí san iomlán freisin sa staidéar cáilíochtúil lenar díríodh ar iarrthóirí san olltoghchán. Ba é 11 bhean agus 11 fhear an dáileadh inscne. Bhí meascán d’ionadaithe páirtithe polaitíochta agus iarrthóirí neamhspleácha ann i measc na rannpháirtithe.


**Taighde cáilíochtúil – Miondealú déimeagrafach**

### Inscne

Toghcháin Áitiúla





An tOlltoghchán





- Fear
- Bean

### Aoisghrúpa

Toghcháin Áitiúla





An tOlltoghchán





- 18 - 34
- 35 - 54
- 55+

### Grúpa eitneach

Toghcháin Áitiúla





An tOlltoghchán





- Éireannach Geal
- Eile

### Tofa

Toghcháin Áitiúla




An tOlltoghchán




- Tá
- Níl
- Ball foirne



## 2.3 An úsáid a bhain na hiarrthóirí as na meáin shóisialta maille le hanailís dhéimeagrafach

Is uirlis riachtanach iad na meáin shóisialta ar an aimsir seo i bhfeachtais toghchánaíochta chomhaimseartha na hÉireann, agus thuairiscigh 95% de na hiarrthóirí a ndearnadh suirbhé orthu gur úsáid siad iad sna toghcháin áitiúla agus san olltoghcháin araon. Ba láidir a bhí glacadh na meán sóisialta i measc iarrthóirí san olltoghchán go háirithe, agus é ag 99%, méid is ionann nach mór le húsáid uilíoch. An tráth céanna, chuimsigh 93% de na hiarrthóirí sna toghcháin áitiúla na meáin shóisialta ina gcuid straitéisí stocaireachta in 2024.

Leagtar béim leis na sonraí cainníochtúla ar a lárnaí atá na meáin shóisialta i bhfeachtais toghchánaíochta agus rannpháirtíocht pholaitiúil an lae inniu ar fud na n aoisghrúpaí uile. Tá an chomhthuiscint láidir a tháinig chun cinn sna hagallaimh ina léiriú breise air sin, is é sin gur gné ríthábhachtach d'aon fheachtas toghcháin í rannpháirtíocht sna meáin shóisialta sa lá atá inniu ann. D'aithin lear mór agallaithe nach bhféadfaí ach céatadán beag de na toghthóirí a bhaint amach leis an stocaireacht thraidisiúnta, rud a fhágann go bhfuil na meáin shóisialta ina gcuid ríthábhachtach dá gcuid feachtas chun vótálaithe breise a mhealladh,

### Iarrthóirí sna toghcháin áitiúla

Thuairiscigh an uile fhreagróir ar an suirbhé do na hiarrthóirí sna toghcháin áitiúla a bhí san aoisghrúpa 18-34 gur úsáid siad féin, nó duine éigin thar a gceann, na meáin shóisialta nó ardáin comhroinnte físeán mar chuid dá bhfeachtas le haghaidh thoghcháin áitiúla 2024 nó lena linn. Lena ais sin, 98% a bhí sa mhéid sin i gcás an aoisghrúpa 35-54 bliana agus 84% a bhí ann i gcás na n-iarrthóirí siúd san aoisghrúpa 55 bliana agus os a chionn sin. Ba lú de bheagán an dóchúlacht go n úsáidfeadh freagróirí fireanna is iarrthóirí sna toghcháin áitiúla (91%) na meáin shóisialta ná iarrthóirí baineanna sna toghcháin áitiúla (96%).

Thuairiscigh an uile iarrthóir sna toghcháin áitiúla a cuireadh faoi agallamh gur úsáid siad féin, nó duine éigin thar a gceann, na meáin shóisialta nó ardáin comhroinnte físeán mar chuid dá bhfeachtas le haghaidh thoghcháin áitiúla 2024 nó lena linn. Ba iad na hiarrthóirí sna toghcháin áitiúla den chuid is mó a dúirt gur bhainistigh siad na cuntais meán sóisialta iad féin, nó le tacaíocht ó chara nó duine muinteartha. Dúirt líon beag daoine go bhfuair siad roinnt tacaíocht ghairmiúil. Cé gur bhain na hagallaithe uile úsáid as na meáin shóisialta, níor úsáid líon beag díobh san aoisghrúpa 55+ ach go spárálach iad agus ba nós leo gan bheith gníomhach ach ar ardán nó dhó. Tríd is tríd, d'úsáid an cohórt is óige na meáin shóisialta ar bhonn níos minice agus bhí siad gníomhach ar fud níos mó ardán.

### Iarrthóirí san olltoghchán

Thuairiscigh an uile fhreagróir ar an suirbhé do na hiarrthóirí san olltoghchán a bhí san aoisghrúpa 18-34 bliana agus 35-54 bliana gur úsáid siad féin, nó duine éigin thar a gceann, na meáin shóisialta nó ardáin comhroinnte físeán mar chuid dá bhfeachtas le haghaidh Olltoghchán 2024 nó lena linn. Lena ais sin, 95% a bhí sa mhéid sin i gcás na n-iarrthóirí siúd san aoisghrúpa 55 bliana agus os a chionn sin.

Thuairiscigh an uile iarrthóir san olltoghchán a cuireadh faoi agallamh gur úsáid siad féin, nó duine éigin thar a gceann, na meáin shóisialta nó ardáin comhroinnte físeán mar chuid dá bhfeachtas le haghaidh Thoghcháin Áitiúla 2024 nó lena linn freisin. Ar an iomlán, i gcomparáid leis na hiarrthóirí sna toghcháin áitiúla, ba mhó an taithí agus an tacaíocht a bhí ag na hiarrthóirí san olltoghchán i réimse na stocaireachta ar na meáin shóisialta. Thuairiscigh scata mór díobh go bhfuair siad roinnt tacaíocht ghairmiúil chun rannpháirtíocht ar líne a bhainistiú mar aon le buiséid mar thaca le feachtais fógraíochta ar na meáin shóisialta, agus b'iondúil go bhfuair siad taithí de réir a chéile thar roinnt feachtas inar sheas siad iad féin nó inar thacaigh siad le hiarrthóir eile.

### Torthaí cáilíochtúla ginearálta ar úsáid na meán sóisialta

Ba léir ón anailís ar na hagallaimh ghrinne go raibh téamaí breise ann i ndáil leis an úsáid a bhain na hiarrthóirí as na meáin shóisialta. Bhí na nithe seo a leanas ann i measc na dtéamaí sin:

- leathanaigh pholaitíochta agus fógraíocht;
- oiliúint ar na meáin shóisialta;
- difríochtaí maidir le bheith rannpháirteach ar líne le linn Thoghcháin Áitiúla 2024 i gcomparáid le hOlltoghchán 2024;
- gnéithe dearfacha de rannpháirtíocht ar na meáin shóisialta;
- cothromaíocht a bhaint amach idir cearta (cuir i gcás saoirse cainte) agus rialú;
- an reachtaíocht chuí a chur i dtoll a chéile agus a fhorfheidhmiú; agus
- cuntais anaithnide.

Déantar tuilleadh plé ar na téamaí sin thíos.

## Leathanaigh pholaitíochta agus fógraíocht


Rinne an chuid is mó de na hagallaithe cuntais fíoraithe le haghaidh ionadaithe polaitiúla a chruthú ar ardáin, ar leithligh óna gcuid próifílí pearsanta, rud a lig dóibh fógraí polaitiúla a chur amach. D'fhéadfadh píosa ama a bheith i gceist leis an bpróiseas fíoraithe, arb é is aidhm dó trédhearcacht a thabhairt isteach san fhógraíocht pholaitiúil. Tuairiscíodh i bhfad is i gcéin go raibh an próiseas úd casta, agus chuir iarrthóirí áirithe frustrachas in iúl leis. Éilíodh struchtúr tacaíochta ní ba dhírí ó na hardáin le haghaidh ionadaithe polaitiúla a raibh anró orthu maidir le cuntais a fhíorú, agus b'fhearr leo go mbeadh freagairt luath ann ó dhuine seachas a bheith ag idirghníomhú le botaí comhrá. Mar sin féin, a luaithe a fíoraíodh iad, tuairiscíodh gur fheidhmigh na cuntais go réidh don chuid is mó de na hiarrthóirí agus bhí tuiscint ghinearálta ann go raibh feidhm thábhachtach ag an bpróiseas fíoraithe maidir le barántúlacht agus creidiúnacht a bhunú i réimse digiteach na polaitíochta.

Thug na hagallaithe le fios go coiteann gur gné ríthábhachtach de na feachtais le haghaidh na dtoghchán áitiúil agus an olltoghcháin iad fógraí íoctha ar na meáin shóisialta anois, rud a chuir borradh mór faoi thionchar na bpostálacha agus a lig do na hiarrthóirí dul i ngleic le réigiúin nó cineálacha déimeagrafaice ar leith. Bhí éagsúlacht mhór sna buiséid leithdháilte a tuairiscíodh, ó chaiteachas feachtais cúpla céad euro go dtí na deicheanna míle euro, ach thuairiscigh an chuid is mó de na hiarrthóirí a d'úsáid an próiseas gur bealach thar a bheith costéifeachtach agus éifeachtúil é le dul i dteagmháil le vótálaithe. Bhíothas den tuairim go raibh sé ina chuid den fheachtasaíocht a bhí ag éirí níos tábhachtaí de réir a chéile, a chuireann le hiarrachtaí stocaireachta níos traidisiúnta, cuir i gcás canbhasáil ó dhoras go doras, canbhasáil statach, póstaeir agus bileoga eolais a scaipeadh, rannpháirtíocht leis na meáin chumarsáide, cruinnithe poiblí, etc.

Mar a mhionsonraítear áit eile sa tuarascáil seo, ba mhinic a chuir na hiarrthóirí polaitiúla a cuireadh faoi agallamh ábhair imní in iúl faoi acmhainneacht iarrachtaí na n ardán spásanna sábháilte agus sláintiúla ar líne a choinneáil ar bun. Ar an ábhar sin, tarraingíodh ábhair imní anuas faoi cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh an spleáchas méadaitheach sin tionchar a imirt ar chinntí rialála, de réir mar a éiríonn ionadaithe polaitiúla níos spleáiche de réir a chéile ar ardáin na meán sóisialta? Tharraing na hiarrthóirí sin aird ar an tábhacht atá le hidirdhealú soiléir a choinneáil ar bun idir leasanna pearsanta nó feachtasaíochta na bpolaiteoirí maidir leis na huirlisí digiteacha sin a úsáid go héifeachtach agus an fhreagracht phoiblí níos leithne atá orthu maoirseacht agus rialáil chuí a chinntiú a fhónann do leas an phobail i gcoitinne.

### Oiliúint

Bhí an tuairim ann i measc cuid mhór iarrthóirí a cuireadh faoi agallamh go raibh tábhacht ollmhór ag baint le hoiliúint sna meáin shóisialta, chun iad féin agus a gcuid teachtaireachtaí a chur i láthair go héifeachtach ar líne, agus chun iad féin a chosaint níos fearr ar dhíobhálacha ar líne. Thuairiscigh an chuid is mó de na hagallaithe go raibh rochtain acu ar oiliúint sna meáin shóisialta tráth éigin, go háirithe baill de pháirtithe polaitíochta, ar mhinic a rinne siad seisiúin faisnéise a chomhordú. Thuairiscigh céatadán ard de mhná freisin gur bhain siad leas as oiliúint arna cur ar fáil ag grúpaí ar nós See Her Elected (SHE) agus Women for Election. Chuir Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann seisiúin oiliúna ar fáil d'iarrthóirí áitiúla freisin, agus is amhlaidh a bhain roinnt agallaithe leas astu sin. Tá foirne tacaíochta ag na páirtithe is mó a bhfuil saineolas acu ar na meáin shóisialta agus is féidir le hiarrthóirí dul i muinín na bhfoirne sin de réir mar is gá. Mar sin féin, chuir roinnt iarrthóirí neamhspleácha imní in iúl faoin oiliúint agus tacaíocht uireasach a bhí ar fáil dóibh. Shainaithin na hagallaithe go bhféadfadh iarrthóirí neamhspleácha céaduaire a bheith leochaileach go háirithe, ó tharla nach bhfuil infreastruchtúr an pháirtí ar fáil dóibh a d'fhéadfadh tacaíocht a sholáthar murach sin, agus ó tharla nach bhfuil taithí phraiticiúil acu ar na meáin shóisialta a bhainistiú ar mhaithe le feachtais pholaitiúla.



### Toghcháin áitiúla i gcomparáid leis an olltoghchán

Nuair a iarradh ar na hagallaithe comparáid a dhéanamh idir na toghcháin áitiúla agus an t olltoghchán ó thaobh stocaireacht ar líne de, bhí roinnt tuairimí acu. Tuairiscíodh tríd is tríd nach raibh an oiread céanna nimhiúlachta ag baint le toghcháin áitiúla ná olltoghcháin ar an iomlán agus gur lú an íomhá a bhain leo, ach bhí rioscaí uathúla agus achrannacha i gceist leo i bhfianaise na gaireachta geografaí idir iarrthóirí agus toghthóirí.

Tháinig sé chun cinn gur saincheisteanna achrannacha iad ciapadh agus stalcaireacht go háirithe i dtoghcháin áitiúla, agus is minic a thaispeáin maslóirí go raibh eolas mionsonraithe acu ar ghnáthaimh laethúla na n-iarrthóirí, ar ghníomhaíochtaí a dteaghlach, agus ar an áit a raibh a gcuid páistí. D'fhág an t eolas pearsanta sin go raibh níos mó leochaileachta ann i measc iarrthóirí a raibh cónaí orthu agus a bhí ag obair sna pobail chéanna agus a bhí na daoine a d'fhéadfadh a bheith i mbun ciapadh orthu. Thug roinnt agallaithe tuairisc ar chásanna ar dhíol imní iad inar lean imeaglú fíorshaoil as ciapadh ar líne, agus céilí comhraic nó cáinteoirí ag teacht chomh fada lena dtithe nó a n-ionaid oibre tar éis dóibh díriú orthu i dtosach ar líne.

> "Mar gheall ar dhrochíde agus ciapadh leanúnach ar líne ó dhuine aonair ar leith, d'fhan mé glan amach ar bheith ag canbhasáil sa cheantar thart ar a dteach, ar fhaitíos go ndéanfaí ionsaí orm. Ar deireadh chaill mé amach ar shuíochán le líon fíorbheag vótaí, agus is minic a bhím ag smaoineamh an ndéanfadh sé pioc difir dá rachainn amach ag canbhasáil sa cheantar úd."
>
> **Iarrthóir i dToghcháin Áitiúla 2024**

Leag iarrthóirí béim air go raibh uainiú thimthriall thoghchán áitiúil 2024 ábhartha go háirithe, ó tharla go raibh teannas maidir le saincheisteanna inimirce an-ard sa tréimhse roimh thoghcháin 2024 ar an 7 Meitheamh. Is é a lean as an teannas méadaithe sin thart ar an tsaincheist ná ionsaithe ní ba throdaí agus ní ba phearsantaithe ar iarrthóirí a sheas an fód go poiblí maidir leis an mbeartas inimirce. Thuairiscigh roinnt iarrthóirí ó chúlraí mionlaigh gur tugadh drochíde thar a bheith gangaideach agus ciníoch dóibh.

> "Ghlac duine éigin físeán díom féin agus de mo chuid siblíní agus muid ag cur póstaeir in airde. Chaith siad achasáin chiníocha linn, ag rá nithe cosúil le 'Bailigh leat as mo thír' agus 'Éire ar son na nÉireannach', fiú amháin i ndiaidh dom a mhíniú go raibh mé féin chomh hÉireannach céanna leosan. Phostáil siad an físeán ar líne agus laistigh de chúpla lá bhí na céadta barúlacha millteanacha fuafara thíos faoi. Níor ghnóthaigh mé suíochán, ach fiú amháin agus na míonna caite tar éis an toghcháin, ní raibh stop leis na barúlacha ciníocha gránna a bhíothas a phostáil."
>
> **Iarrthóir sna toghcháin áitiúla**

Thug roinnt agallaithe faoi deara freisin gur mhinic a bhí níos lú taithí agus acmhainní ag iarrthóirí i dtoghcháin áitiúla chun déileáil le drochíde ar líne i gcomparáid lena gcontrapháirteanna in olltoghcháin. Gan foirne cumarsáide tiomnaithe ná bainisteoirí meán sóisialta, ba mhinic a bhainistigh iarrthóirí áitiúla a láithreacht féin ar líne agus gníomhaíochtaí feachtais agus, in go leor cásanna, a bhfostaíocht rialta á cothromú ag an am céanna.

### Gnéithe Dearfacha de Rannpháirtíocht sna Meáin Shóisialta

Thug lear mór agallaithe faoi deara freisin go raibh gnéithe dearfacha a bhaineann leis na meáin shóisialta mar chuid dá n-iarrachtaí feachtasaíochta. Tugadh moladh do na meáin shóisialta go forleathan mar uirlis feachtasaíochta chostéifeachtach, a chuireann ar chumas iarrthóirí spriocphobail a bhaint amach trí bhuiséid fógraíochta mheasartha agus ábhar atá curtha chun cinn. Bhí an inrochtaineacht sin thar a bheith luachmhar d'iarrthóirí a raibh acmhainní airgeadais teoranta acu, rud a chuir ar a gcumas rannpháirtíocht fhóinteach a bhaint amach gan an infheistíocht shubstaintiúil a bhfuil gá léi le haghaidh fógraíocht sna meáin thraidisiúnta. Luaigh na toghthóirí go minic na postálacha sin ar líne a fheiceáil le linn comhráite ó dhoras go doras, rud a dheimhníonn go bhfuil tionchar éifeachtach ag iarrachtaí feachtasaíochta digiteacha.

Chuir an timpeallacht dhigiteach deiseanna uathúla ar fáil le haghaidh rannpháirtíocht dhíreach le toghthóirí nach bhféadfaí a bhaint amach le modhanna feachtasaíochta traidisiúnta.

Tharraing roinnt iarrthóirí aird ar an mbealach ar chuir ardáin na meán sóisialta ar a gcumas freagairt go mear d'ábhair imní áitiúla, a gcuid dearcthaí maidir le saincheisteanna a bhí ag teacht chun cinn a roinnt agus a rannpháirtíocht ghníomhach i gcúrsaí pobail a léiriú.

Glacadh go ginearálta le ceanglais maidir le fíorú fógraíochta polaitiúla, cé go raibh siad ábhairín anásta, mar rialachán iomchuí a bhí á fhorfheidhmiú ar fud na n ardán. D'aithin formhór na n-iarrthóirí an tábhacht a bhaineann le trédhearcacht i dteachtaireachtaí polaitiúla agus d'fhéach siad ar an bpróiseas fíoraithe mar choimirce riachtanach, agus aitheantas á thabhairt ag an am céanna don ualach riaracháin breise a chuir sé ar a bhfeachtais.

Leagadh béim freisin ar chumais anailísíochta ardáin na meán sóisialta mar uirlisí luachmhara chun straitéis feachtasaíochta a fhorbairt. Ba mhór ag na hiarrthóirí a bheith in ann leibhéil rannpháirtíochta a thomhas, na saincheisteanna ba láidre a raibh dáimh ag a bpobal leo a shainaithint agus a dteachtaireachtaí a bheachtú dá réir. Leis an gcur chuige sin atá bunaithe ar shonraí, bhíothas in ann cumarsáid níos spriocdhírithe agus níos éifeachtaí a dhéanamh le linn thréimhse an fheachtais.

Thug roinnt agallaithe dá n aire gur chuir na meáin shóisialta infheictheacht ríthábhachtach ar fáil do pháirtithe beaga agus d'iarrthóirí neamhspleácha a d'fhéadfadh a bheith ag streachailt murach sin aird a fháil ar chainéil thraidisiúnta na meán a bhfuil eagraíochtaí polaitiúla níos mó i gceannas orthu. Féachadh ar dhaonlathú thírdhreach an fheachtais mar fhorbairt dhearfach le haghaidh polaitíocht toghcháin ar bhonn níos leithne.

### Cothromaíocht idir Cearta agus Rialáil

Cé gur thug iarrthóirí mionsonrú fairsing ar a n eispéiris ar nimhiúlacht sna meáin shóisialta, cuireadh béim láidir freisin ar a thábhachtaí atá sé saoirse cainte a chosaint. Tugadh faoi deara go forleathan an chothromaíocht chasta idir aghaidh a thabhairt ar chiapadh ar líne agus cearta bunúsacha amhail saoirse cainte agus príobháideachas a chaomhnú.

Ba mhinic a chuir agallaithe seasamh in iúl maidir leis an teorainn idir cáineadh dlisteanach agus drochíde dhíobhálach, ag aithint go bhfuil díospóireacht pholaitiúil láidir ríthábhachtach le haghaidh próisis dhaonlathacha, fiú nuair a bhíonn sí míchompordach. Luaigh roinnt iarrthóirí go sainráite nár mhian leo iad féin a chosaint ar léirmheastóireacht pholaitiúil dháiríre, ach d'iarr siad cosaint ar ionsaithe pearsantaithe, ar bhagairtí pearsantaithe agus ar fheachtais chiaptha réamhbheartaithe.

### An reachtaíocht chuí a chur i dtoll a chéile agus a fhorfheidhmiú

Cé go bhfuil reachtaíocht ábhartha amhail an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus an Creat Sábháilteachta ar Líne i bhfeidhm go hiomlán anois, d'ardaigh agallaithe ceisteanna maidir le leordhóthanacht na gcóras forfheidhmithe agus na mbeart freagrachta le haghaidh eintitis rialáilte. Ba é an mothú forleathan i measc agallaithe nach raibh na leibhéil rialála agus/nó forfheidhmithe atá ann faoi láthair leordhóthanach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhí rompu le linn a bhfeachtas.

Bhí frustrachas ar leith ann maidir leis an easpa fhollasach iarmhairtí d'ardáin ar chreid na hagallaithe gur theip orthu a n oibleagáidí faoi na rialacháin atá ann cheana a chomhlíonadh. Mhol na hagallaithe gur beag dreasacht a bhí ag cuideachtaí, gan pionóis airgeadais shuntasacha ná smachtbhannaí fiúntacha eile, infheistíocht a dhéanamh i gcórais mhodhnóireachta ábhair láidre nó i bpróisis achomhairc fhreagrúla.

Thug roinnt iarrthóirí aghaidh go sonrach ar an dúshlán a bhaineann le reachtaíocht a chumadh lena ndéanfaí saincheisteanna ciaptha agus drochíde ar líne a chomhrac go héifeachtach agus a bheadh fós comhoiriúnach leis na creataí um chearta an duine atá ann cheana. Dúirt siad freisin nach mór aon chur chuige rialála a bheith spriocdhírithe go beacht, comhréireach agus faoi réir sásraí maoirseachta iomchuí chun drochúsáid a chosc.

### Cuntais anaithnide

D'ardaigh nach mór na hagallaithe uile, as a stuaim féin, an cheist maidir le cuntais anaithnide agus conas a d'fhéadfadh daoine cuntais anaithnide iomadúla a oibriú agus a dhíriú ar dhaoine aonair nó ar eagraíochtaí ar líne trí, mar shampla, drochíde phearsanta, bagairtí, gríosú chun foréigin, fuath, mífhaisnéis, bréagaisnéis agus trácht clúmhillteach le saoirse ó phionós. I roinnt mhaith cásanna, bhí amhras ar agallaithe gur díríodh orthu le botaí, cuntais a bhí faoi rialú go huathoibríoch ag bogearraí seachas le hionchur díreach daonna, a bhí á n oibriú ag daoine aonair nó eagraíochtaí anaithnide go minic chun ciapadh a mhéadú nó teachtaireachtaí comhordaithe a scaipeadh. D'iarr cuid mhór díobh go gcuirfí toirmeasc láithreach ar chuntais anaithnide agus dúirt siad gur cheart do gach sealbhóir cuntais clárú ionas go bhféadfaí dul i muinín an dlí in imthosca maolaitheacha. Bhí comhdhearcadh ginearálta ann maidir leis an status quo, inar féidir le cuntais anaithnide dul i mbun ciapadh leanúnach gan mórán iarmhairtí, go mbaintear an bonn ón dioscúrsa daonlathach agus go ndéantar rannpháirtíocht shibhialta a dhíspreagadh, go háirithe i measc grúpaí atá faoi ghannionadaíocht cheana féin sa pholaitíocht.

D'aithin roinnt iarrthóirí an tráth céanna na cúiseanna dlisteanacha

gur mhian le saoránaigh a bheith ag iarraidh páirt a ghlacadh sa dioscúrsa polaitiúil gan a bhféiniúlachtaí a nochtadh. Luadh ábhair imní maidir leis an tsaoirse cainte, sábháilteacht phearsanta agus príobháideachas mar chúiseanna bailí le leibhéal áirithe anaithnideachta. Fíoraíodh réiteach féideartha amháin a moladh a bhain le córais chlárúcháin phríobháideacha ina mbeadh faisnéis aitheantais ag ardáin nach bhféadfaí rochtain a fháil uirthi ach amháin in imthosca dlíthiúla sonracha lena mbaineann bagairtí tromchúiseacha nó ciapadh. D'fhéadfadh an cur chuige sin, a mhol siad, na tairbhí cosanta a bhaineann le hanaithnideacht a chaomhnú d'úsáideoirí leochaileacha agus cuntasacht a chruthú dóibh siúd a bhaineann mí úsáid as an gcóras ag an am céanna.

## 2.4 Rátaí úsáide ardán aonair agus minicíocht a n úsáide

Bhí éagsúlacht mhór in úsáid ardán na meán sóisialta i measc iarrthóirí polaitiúla, agus ba é Facebook an t-ardán ceannasach le glacadh 92% i measc na n-iarrthóirí uile, agus Instagram ina dhiaidh sin ag 80%, X/Twitter ag 57%, TikTok ag 45%, LinkedIn ag 36% agus YouTube ag 22%. Lena chois sin, rinne líon iontach beag iarrthóirí tagairt d'ardáin eile amhail Reddit, Mastodon agus Bluesky.


Agus comparáid á déanamh idir an úsáid fhoriomlán idir iarrthóirí sna toghcháin áitiúla agus iarrthóirí san olltoghchán, bhí rátaí glactha ní b'airde ar bhealach comhsheasmhach i measc iarrthóirí san olltoghchán ar fud na n ardán uile. Facebook (91% iarrthóirí sna toghcháin áitiúla vs 95% iarrthóirí san olltoghchán), Instagram (76% toghcháin áitiúla vs 92% olltoghchán), X/Twitter (52% toghcháin áitiúla vs 74% olltoghchán), TikTok (37% toghcháin áitiúla vs 73% olltoghchán), LinkedIn (32% toghcháin áitiúla vs 48% olltoghchán), agus YouTube (18% toghcháin áitiúla vs 33% olltoghchán).

| Ardán | Úsáid sna Toghcháin Áitiúla | Úsáid san Olltoghchán | Úsáid Fhoriomlán |
|---|---|---|---|
| Facebook | 91% | 95% | 92% |
| Instagram | 76% | 92% | 80% |
| X/Twitter | 52% | 74% | 57% |
| TikTok | 37% | 73% | 45% |
| LinkedIn | 32% | 48% | 36% |
| YouTube | 18% | 33% | 22% |

## Facebook

Tháinig Facebook chun cinn mar an t-ardán meán sóisialta ba mhó a úsáideadh i measc iarrthóirí polaitiúla, agus thuairiscigh 92% de na freagróirí sna toghcháin áitiúla agus san olltoghchán araon gur úsáid siad an t-ardán chun críoch feachtasaíochta. I measc na n-iarrthóirí a ndearnadh suirbhé orthu, thuairiscigh 91% d’iarrthóirí sna toghcháin áitiúla agus 95% d’iarrthóirí san olltoghchán gur úsáid siad Facebook agus leagtar amach a mhinice a úsáideadh Facebook sa tábla thíos.

### Minicíocht Úsáid Facebook na nIarrthóirí





I gcás beagnach gach agallaí, tháinig Facebook chun cinn mar an t-ardán ba thábhachtaí i gcomhthéacs feachtas toghchánaíochta. Áiríodh ar na cúiseanna a luadh gur féidir leo ballraíocht a ghlacadh i leathanaigh áitiúla, agus is gnách go mbíonn déimeagrafaic an úsáideora níos sine, rud a thug iarrthóirí le fios go minic a bhí ar aon dul le déimeagrafaic na vótálaithe. Bhunaigh cuid mhaith acu cuntais údaraithe freisin lenar ligeadh dóibh fógraí polaitiúla a reáchtáil ar Facebook, agus ar Instagram mar eintiteas eile á reáchtáil ag Meta, dá dteastóidís déanamh amhlaidh.

## Instagram


Rangaíodh Instagram mar an dara hardán is mó a raibh tóir air i measc iarrthóirí polaitiúla, agus 80% d'iarrthóirí sna toghcháin áitiúla agus san olltoghchán araon ag tuairisciú gur bhain siad úsáid as an ardán chun críoch feachtasaíochta. Ba é líon na ndaoine a thuairiscigh gur bhain siad úsáid as Instagram ná 76% d'iarrthóirí sna toghcháin áitiúla agus 92% d'iarrthóirí san olltoghchán agus tá minicíocht na húsáide leagtha amach sa tábla thíos.

### Minicíocht Úsáid Instagram na nIarrthóirí

#### Toghcháin Áitiúla




#### Olltoghchán




- Gach uair an chloig nó níos minice ná sin
- Go laethúil
- Cúpla babhta in aghaidh na seachtaine
- Uair sa tseachtain
- Cúpla babhta in aghaidh na míosa
- Níos annaimhe ná sin
- Níor úsáideadh na meáin shóisialta
- Níor úsáideadh Instagram


Sna hagallaimh, bhraith iarrthóirí go ginearálta gur lig Instagram dóibh ceangal a dhéanamh le cohórt níos óige ná Facebook, mar sin ba mhinic a úsáideadh é mar ardán comhlántach, le rogha níos láidre do phoist físe seachas poist théacsbhunaithe.

## X/Twitter


Bhain 57% de na hiarrthóirí uile a ndearnadh suirbhé orthu úsáid as X (ar a dtugtaí Twitter), agus thuairiscigh 52% d'iarrthóirí sna toghcháin áitiúla agus 74% d'iarrthóirí san olltoghchán gur úsáid siad an t-ardán dá gcuid gníomhaíochtaí feachtasaíochta.

### Minicíocht Úsáid X/Twitter na nIarrthóirí

#### Toghcháin Áitiúla




#### Olltoghchán




- Gach uair an chloig nó níos minice ná sin
- Go laethúil
- Cúpla babhta in aghaidh na seachtaine
- Uair sa tseachtain
- Cúpla babhta in aghaidh na míosa
- Níos annaimhe ná sin
- Níor úsáideadh na meáin shóisialta
- Níor úsáideadh X/Twitter


I measc na n agallaithe, tuairiscíodh go raibh X á úsáid go forleathan freisin. Dúirt lear mór agallaithe gur mhothaigh siad gurb amhlaidh atá an timpeallacht ar X deighilte go hiomlán le déanaí faoi chúrsaí áirithe, rud a spreag iad chun a rannpháirtíocht ar an ardán a laghdú i gcomparáid le feachtais roimhe seo. Lena chois sin, thug siad dá n aire gur chosúil go raibh níos mó cuntais idirnáisiúnta i gceist le hidirghníomhaíochtaí ar X seachas vótálaithe áitiúla, rud a d'fhág nach raibh sé chomh hábhartha ná chomh héifeachtach céanna le haghaidh feachtasaíocht pholaitiúil spriocdhírithe ná ardáin eile.

## TikTok


Bhain 45% de na hiarrthóirí uile a ndearnadh suirbhé orthu úsáid as TikTok, agus thuairiscigh 37% d'iarrthóirí sna toghcháin áitiúla agus 73% d'iarrthóirí san olltoghchán gur úsáid siad an t-ardán le linn a bhfeachtas. Thuairiscigh roinnt agallaithe freisin gur úsáid siad TikTok.

### Minicíocht Úsáid TikTok na nIarrthóirí

**Toghcháin Áitiúla**




**Olltoghchán**




- Gach uair an chloig nó níos minice ná sin
- Go laethúil
- Cúpla babhta in aghaidh na seachtaine
- Uair sa tseachtain
- Cúpla babhta in aghaidh na míosa
- Níos annaimhe ná sin
- Níor úsáideadh na meáin shóisialta
- Níor úsáideadh TikTok


Thuairiscigh thart ar leath na n agallaithe gur phostáil siad físeáin ar TikTok, agus formhór acu ina n-iarrthóirí sna haoisghrúpaí 18 34 nó 35 54, agus fócas ar leith ann ar cheangal a dhéanamh leis an vótálaí níos óige.

## YouTube


Bhain 22% de na hiarrthóirí uile a ndearnadh suirbhé orthu úsáid as YouTube, agus thuairiscigh 18% d’iarrthóirí sna toghcháin áitiúla agus 33% d’iarrthóirí san olltoghchán gur úsáid siad an t-ardán le linn a gcuid feachtas.

### Minicíocht Úsáid YouTube na nIarrthóirí

**Toghcháin Áitiúla**




**Olltoghchán**




- Gach uair an chloig nó níos minice ná sin
- Go laethúil
- Cúpla babhta in aghaidh na seachtaine
- Uair sa tseachtain
- Cúpla babhta in aghaidh na míosa
- Níos annaimhe ná sin
- Níor úsáideadh na meáin shóisialta
- Níor úsáideadh YouTube


Thuairiscigh roinnt agallaithe freisin gur úsáid siad YouTube.

## LinkedIn


Bhain 36% de na hiarrthóirí uile a ndearnadh suirbhé orthu úsáid as LinkedIn, agus thuairiscigh 32% d'iarrthóirí sna toghcháin áitiúla agus 48% d'iarrthóirí san olltoghchán gur úsáid siad an t-ardán le linn a bhfeachtas.

### Minicíocht Úsáid LinkedIn na nIarrthóirí

#### Toghcháin Áitiúla




#### Olltoghchán




- Gach uair an chloig nó níos minice ná sin
- Go laethúil
- Cúpla babhta in aghaidh na seachtaine
- Uair sa tseachtain
- Cúpla babhta in aghaidh na míosa
- Níos annaimhe ná sin
- Níor úsáideadh na meáin shóisialta
- Níor úsáideadh LinkedIn

I measc na n agallaithe, bhain roinnt iarrthóirí úsáid as LinkedIn agus rinne roinnt iarrthóirí tagairt dó mar ardán oiriúnach chun teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara beartais agus gnó, go háirithe.

Rinne líon beag iarrthóirí tagairt d'ardáin eile amhail Reddit, Mastodon agus Bluesky sa chomhthéacs sin.

# Cuid 3:
# Eispéiris na nIarrthóirí ar Líne


Is é príomhaidhm an taighde seo a thuiscint an bhfuil cineálacha áirithe iompraíochtaí á mbaint d'iarrthóirí ar líne le linn a bhfeachtas toghchánaíochta agus, má tá, cineál a n eispéireas agus leibhéil na hiompraíochta ar líne a bhain dóibh. Chun críocha an taighde seo, is iad seo a leanas na hiompraíochtaí ábhartha ar líne:

(a) iompar colúil, maslach nó gránna ar líne;
(b) iompar foréigneach nó imeaglaithe ar líne;
(c) iompar a bhain le hiarrthóir a phearsanú ar líne.

## 3.1 Rátaí na n-iarrthóirí ar bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne dóibh

Fiafraíodh de na freagróirí ar an suirbhé a d'úsáid na meáin shóisialta le linn a bhfeachtas toghchánaíochta, nó mar chuid díobh, ar bhain aon cheann de na trí chineál iompraíochtaí ábhartha ar líne dóibh, mar a liostaítear thuas.

**Eispéiris Dhiúltacha Ar Líne i measc Iarrthóirí Polaitiúla a d'Úsáid na Meáin Shóisialta**




| Cineál Iarrthóra | Céatadán |
|---|---|
| Toghcháin Áitiúla | 48% |
| Olltoghchán | 59% |

I gcás 48% de na freagróirí is iarrthóirí ar na toghcháin áitiúla a d'úsáid na meáin shóisialta, dúirt siad gur bhain ceann amháin ar a laghad de na hiompraíochtaí sin dóibh. Bhí an figiúr ní b'airde i measc freagróirí is iarrthóirí ar an olltoghchán agus 59% ag tuairisciú eispéiris den chineál sin.

Ansin, fiafraíodh díobh siúd a chonaic drochíde ar líne faoi phearsanú go sonrach. I measc na n-iarrthóirí sna toghcháin áitiúla a d'úsáid na meáin shóisialta ina bhfeachtas, bhain iompar pearsanaithe do 10% díobh siúd. Bhí rátaí ní b'airde i measc iarrthóirí san olltoghchán, agus dúirt 18% díobh gur bhain a leithéid d'iompraíocht dóibh. D'fhéadfadh baint a bheith ag an minicíocht ní b'airde d'iompraíocht phearsanaithe a bhí ag iarrthóirí san olltoghchán lena bpróifíl phoiblí níos airde, ós rud é go bhfuil aird mhéadaithe an phobail dírithe ar líon níos lú iarrthóirí in olltoghchán i gcomparáid le toghcháin áitiúla.

## Eispéiris trasna déimeagrafaice

### Inscne

I measc na bhfreagróirí is iarrthóirí ar na toghcháin áitiúla, bhí an dóchúlacht chéanna ann go raibh eispéireas d'iompraíochtaí ábhartha ar líne ag freagróirí fireanna agus baineanna agus thug 48% den bheirt a d'úsáid na meáin shóisialta le fios gur bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne dóibh a bhí dírithe orthu le linn a bhfeachtais toghchánaíochta. Ba mhó an seans go raibh eispéireas ag freagróirí is iarrthóirí fireanna sna toghcháin áitiúla a bhain úsáid as na meáin shóisialta ná mar a bhí ag iarrthóirí baineanna sna toghcháin áitiúla d'iompraíocht a bhain le pearsanú a dhéanamh orthu mar iarrthóir ar líne go sonrach, agus thug 12% de fhreagróirí fireanna le fios gur bhain iompar den sórt sin dóibh i gcomparáid le 7% de fhreagróirí baineanna.

I measc iarrthóirí san olltoghchán, thuairiscigh 66% d'iarrthóirí fireanna gur bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne dóibh, i gcomparáid le 50% d'iarrthóirí baineanna. Mar sin féin, ba lú an seans go mbeadh eispéireas ag freagróirí fireanna (28%) ná mar a bhí ag freagróirí baineanna (36%) d'iompraíocht a bhain le pearsanú a dhéanamh orthu mar iarrthóir ar líne. Ina theannta sin, mar a pléadh i gCuid 4, bhí na tionchair ar fholláine na n-iarrthóirí baineanna ní ba dhéine mar thoradh ar iompraíochtaí ábhartha ar líne. Sna hagallaimh cháilíochtúla, thuairiscigh formhór na n agallaithe, idir fhir agus mhná, gur bhain iompraíochtaí achrannacha ar líne dóibh. Mar sin féin, rinneadh cur síos ar an drochíde a bhí dírithe ar mhná mar dhrochíde a bhí ní ba ghránna agus ní ba "nimhiúla". Thuairiscigh iarrthóirí a bhfuil cúlraí imirceacha acu agus baill den phobal LADTA+ patrúin chomhchosúla de naimhdeas níos déine.

### Toghlimistéar Áitiúil nó toghcheantar

I measc na bhfreagróirí is iarrthóirí ar na toghcháin áitiúla a d'úsáid na meáin shóisialta, leagtar amach sa tábla thíos na rátaí ar bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne d'iarrthóirí i ngach cineál suímh Toghlimistéir Áitiúil ("LEA").

**Eispéiris d'Iompraíochtaí Ábhartha ar Líne na nIarrthóirí sna Toghcháin Áitiúla de réir Cineál LEA**

| | |
|---|---|
| Cathair | 71% |
| Bruachbhailte cathrach | 54% |
| Ceantar tuaithe | 48% |
| Baile mór nó bailte móra/ionad bardais agus an ceantar máguaird | 38% |

I measc na bhfreagróirí a bhí ina n-iarrthóirí ar an Olltoghchán a d'úsáid na meáin shóisialta, leagtar amach sa tábla thíos na rátaí ar bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne d'iarrthóirí i ngach cineál suímh toghcheantair.

**Eispéiris d'Iompraíochtaí Ábhartha ar Líne na nIarrthóirí san Olltoghchán de réir Cineál Toghcheantair**

| | |
|---|---|
| Bruachbhailte cathrach | 71% |
| Ceantair thuaithe den chuid is mó | 67% |
| Cathair agus ceantair i lár na cathrach | 60% |
| Baile mór nó bailte móra/ionad bardais agus an ceantar máguaird | 48% |

### Aois


Ba lú seans go mbainfeadh iompraíochtaí ábhartha ar líne d'iarrthóirí sna toghcháin áitiúla san aoisghrúpa 18-34 bliana d'aois (7%). Lena ais sin, 54% d'iarrthóirí a bhí sa mhéid sin i gcás an aoisghrúpa 35-54 bliana ar bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne dóibh agus 39% a bhí ann i gcás na n-iarrthóirí siúd san aoisghrúpa 55 bliana agus os a chionn sin. I measc iarrthóirí san olltoghcháin, ba dhóichí gur bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne do fhreagróirí san aoisghrúpa 18-34 bliana d'aois (80%), cé gur bheag méid an tsampla a rinne ionadaíocht ar an aoisghrúpa sin. Lena ais sin, 63% a bhí sa mhéid sin i gcás an aoisghrúpa 35-54 bliana agus 48% a bhí ann i gcás na n-iarrthóirí siúd san aoisghrúpa 55 bliana agus os a chionn sin.

### Grúpa eitneach nó cúlra eitneach

Mar a leagtar amach thuas, ba iad "Éireannach Geal", "Aon Chúlra Geal Eile" agus "Eile" na roghanna freagartha a cuireadh ar fáil maidir le grúpa eitneach nó cúlra eitneach.

Ba dhóichí gur bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne do fhreagróirí is iarrthóirí sna toghcháin áitiúla a chuir in iúl go raibh siad sa ghrúpa eitneach nó sa chúlra eitneach "Eile" (75%). Ba lú an seans gur bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne do dhaoine sa ghrúpa eitneach nó sa chúlra "Éireannach Geal" (46%) i gcomparáid le 50% i measc an ghrúpa nó an chúlra eitnigh "Aon Chúlra Geal Eile".

## Grúpa eitneach nó cúlra eitneach




> Cibé rud a phostáil mé ar líne, fuair mé ionsaithe ciníocha. Uair amháin, d'athphostáil mé póstaer a chruthaigh mo pháirtí a thacaigh le scéim comhshaoil áirithe. Fuair mé carn mór tuairimí ciníocha agus seineafóbacha faoin bpostáil sin, freagairt thar a bheith naimhdeach a bhí ann. Ach nuair a rinne mo chomhghleacaithe Geala sa pháirtí an póstaer céanna a athphostáil, ní bhfuair siad aon drochíde agus fuair cuid acu teachtaireachtaí tacaíochta fiú. Cheap mé gur turgnamh an spéisiúil a bhí ann.
>
> **Iarrthóir sna toghcháin áitiúla a raibh cúlra imirceach aige**

Mar a dúradh thuas, níor roghnaigh aon fhreagróir is iarrthóir ar an olltoghchán "Aon Chúlra Geal Eile" mar fhreagairt ar an gceist maidir le grúpa eitneach nó cúlra eitneach. Dúirt 62% díobh siúd a roghnaigh "Éireannach Geal" mar fhreagairt ar an gceist maidir le grúpa eitneach nó cúlra eitneach gur bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne dóibh le linn a bhfeachtais toghchánaíochta. Bhí sé sin i gcomparáid le 20% díobh siúd a roghnaigh "Eile" mar a ngrúpa eitneach nó a gcúlra eitneach, cé go raibh sé sin bunaithe ar shampla ionadaíoch beag.



## 3.2 Forléargas ar chineál na n-iompraíochtaí ábhartha ar líne agus na modhanna spriocdhírithe

I gcás inar bhain iompar colúil, maslach nó gránna agus/nó iompar foréigneach nó imeaglaithe ar líne do na freagróirí, rinneadh iarracht sa suirbhé cineál an iompair sin a shainaithint trí cheisteanna lenar ghabh roghanna iolracha freagartha a chur san áireamh.

Sna toghcháin áitiúla, chonacthas na rátaí ab airde d'iompar colúil, maslach nó gránna i bhfaisnéis bhréagach a bhí beartaithe chun an t iarrthóir a mhaslú nó dul i bhfeidhm ar chlú an iarrthóra (46%), barúlacha nimhneacha nó táireacha (46%), maslaí nó téarmaí dímheasúla bunaithe ar inscne(18%) agus úsáid maslaí nó téarmaí dímheasúla ciníocha (18%).

San olltoghchán, is é rud a bhí sna rátaí ab airde maidir le hiompar iompar colúil, maslach ná gránna ná faisnéis bhréagach a bhí beartaithe chun an t iarrthóir a mhaslú nó dul i bhfeidhm ar chlú an iarrthóra (36%), barúlacha nimhneacha nó táireacha (36%), maslaí nó téarmaí dímheasúla bunaithe ar inscne (23%) agus úsáid maslaí nó téarmaí dímheasúla ciníocha (15%).

## Iompar colúil, maslach nó gránna (roghanna iolracha freagartha)

| | Local Elections | | General Election | |
|---|---|---|---|---|
| | % de fhreagróirí sna Toghcháin Áitiúla a d'úsáid na meáin shóisialta agus ar bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne dóibh | % de líon iomlán na bhfreagróirí sna Toghcháin Áitiúla | % de fhreagróirí san Olltoghchán a d'úsáid na meáin shóisialta agus ar bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne dóibh | % de líon iomlán na bhfreagróirí san Olltoghchán |
| Roinneadh eolas bréagach a bhí beartaithe chun an t-iarrthóir a mhaslú nó dul i bhfeidhm ar chlú an iarrthóra | 46% | 21% | 36% | 21% |
| Rinneadh barúlacha nimhneacha nó táireacha (mar shampla, i ndáil le cuma an iarrthóra) | 46% | 21% | 36% | 21% |
| Úsáideadh maslaí nó téarmaí dímheasúla bunaithe ar inscne | 18% | 8% | 23% | 14% |
| Úsáideadh maslaí nó téarmaí dímheasúla ciníocha | 18% | 8% | 15% | 9% |
| Úsáideadh maslaí nó téarmaí dímheasúla bunaithe ar ghnéaschlaonadh | 15% | 7% | 13% | 8% |
| Úsáideadh maslaí nó téarmaí dímheasúla eitneacha | 14% | 6% | 13% | 8% |
| Úsáideadh maslaí nó téarmaí dímheasúla bunaithe ar aois | 9% | 4% | 10% | 6% |
| Úsáideadh maslaí nó téarmaí dímheasúla reiligiúnacha | 10% | 4% | 10% | 6% |
| Úsáideadh maslaí nó téarmaí dímheasúla a bhain le d'áit bhreithe nó le do thír náisiúntachta | 8% | 4% | 8% | 5% |
| Úsáideadh maslaí nó téarmaí dímheasúla bunaithe ar mhíchumas | 2% | 1% | 3% | 2% |

Thuairiscigh iarrthóirí sna toghcháin áitiúla, ar bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne dóibh, go raibh na rátaí ab airde d'iompar foréigneach nó imeaglaithe ar líne, dírithe ar chumarsáid, ábhar nó íomhánna seasmhacha ón duine nó ó na daoine céanna, de réir cosúlachta, lenar cuireadh isteach go mór ar shíocháin agus ar phríobháideachas an iarrthóra nó lenar cuireadh imní ar an iarrthóir, lenar goilleadh ar an iarrthóir nó lena ndearnadh díobháil don iarrthóir (33%), bagairtí chun an t iarrthóir a mharú nó díobháil thromchúiseach a dhéanamh dó (24%), agus ábhar arb é atá ann daoine eile a ghríosú nó a spreagadh chun an t iarrthóir a mharú nó díobháil thromchúiseach a dhéanamh don iarrthóir (22%).

I measc na n-iarrthóirí san olltoghcháin, ba iad na rátaí ab airde d'iompar foréigneach nó imeaglaithe ar líne ná bagairtí chun an t iarrthóir a mharú nó díobháil thromchúiseach a dhéanamh dó (21%), cumarsáid, ábhar nó íomhánna seasmhacha ón duine nó ó na daoine céanna, de réir cosúlachta, lenar cuireadh isteach go mór ar shíocháin agus ar phríobháideachas an iarrthóra nó lenar cuireadh imní ar an iarrthóir, lenar goilleadh ar an iarrthóir nó lena ndearnadh díobháil don iarrthóir (18%), íomhánna nó ábhar eile ina ndearnadh díobháil nó foréigean a léiriú nó a thabhairt le tuiscint, ina raibh ainm nó íomhá an iarrthóra nó léiriú cosúil leis an iarrthóir (13%), ábhar arb é atá ann daoine eile a ghríosú nó a spreagadh chun an t iarrthóir a mharú nó díobháil thromchúiseach a dhéanamh don iarrthóir (8%).

> Nuair a phostáil mé ar líne go mbeinn ag canbhasáil i limistéar áirithe agus mar sin a bheith ag súil go bhfeicfeá mé ag teacht chuig do dhoras, d'fhreagair duine amháin, 'gheobhaidh tú an citeal ceart go leor, ach beidh uisce fiuchta ar bharr do chinn'."
>
> **Iarrthóir san Olltoghchán**

Is ábhar imní ar leith é gur thuairiscigh 21% de na hiarrthóir san Olltoghchán í ar bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne dóibh go bhfuair siad bagairtí chun iad a mharú nó díobháil thromchúiseach a dhéanamh dóibh. I dtimpeallacht ina bhfuil roinnt cásanna de dhíobhálacha agus ciapadh as líne feicthe againn atá dírithe ar iarrthóirí sna toghcháin áitiúla agus orthu siúd a bhfuil próifíl náisiúnta níos airde acu araon, is cúis imní é sin maidir le bagairtí ar líne éirí ina n ábhair dhíobhála as líne.[11]

11 'Their face was twisted up in anger': Election hopefuls share stories of abuse at the doors; SFéach freisin Tuarascáil ISD a luaitear thuas.

**Iompar foréigneach nó imeaglaithe ar líne (roghanna iolracha freagartha)**

| | Local Elections | | General Election | |
|---|---|---|---|---|
| | % de fhreagróirí sna Toghcháin Áitiúla a d'úsáid na meáin shóisialta agus ar bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne dóibh | % de líon iomlán na bhfreagróirí sna Toghcháin Áitiúla | % de fhreagróirí san Olltoghchán a d'úsáid na meáin shóisialta agus ar bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne dóibh | % de líon iomlán na bhfreagróirí san Olltoghchán |
| Cumarsáid, ábhar nó íomhánna seasmhacha ón duine nó ó na daoine céanna, de réir cosúlachta, lenar cuireadh isteach go mór ar do shíocháin agus príobháideachas nó lenar cuireadh imní ort, lenar goilleadh ort nó lena ndearnadh díobháil duit | 33% | 15% | 18% | 11% |
| Bagairtí chun thú a mharú nó díobháil thromchúiseach a dhéanamh duit | 24% | 11% | 21% | 12% |
| Ábhar chun daoine eile a ghríosú nó a spreagadh chun thú a mharú nó díobháil thromchúiseach a dhéanamh duit | 22% | 10% | 8% | 5% |
| Íomhánna nó ábhar ina ndearnadh díobháil nó foréigean a léiriú nó a thabhairt le tuiscint a d'fhág gur chreid tú gur bagairt ort a bhí ann | 16% | 7% | 8% | 5% |
| Íomhánna nó ábhar eile ina ndearnadh díobháil nó foréigean a léiriú nó a thabhairt le tuiscint, ina raibh d'ainm, d'íomhá nó léiriú cosúil leat | 8% | 4% | 13% | 8% |
| Bagairtí chun oibrithe deonacha/ foireann d'fheachtais a mharú nó díobháil thromchúiseach a dhéanamh dóibh | 7% | 3% | 3% | 2% |
| Íomhánna nó ábhar ina ndearnadh díobháil nó foréigean a léiriú nó a thabhairt le tuiscint a d'fhág gur chreid tú gur bagairt ar do theaghlach a bhí ann | 7% | 3% | 3% | 2% |
| Bagairtí chun do theaghlach a mharú nó díobháil thromchúiseach a dhéanamh dóibh | 5% | 2% | 5% | 3% |

Rinneadh iarracht sa suirbhé freisin na modhanna a shainaithint trínar díríodh na hiompraíochtaí sin ar iarrthóirí toghcháin.

**Conas a bhí an t iompar sin ar líne dírithe ortsa? (roghanna iolracha freagartha)**

| | Toghcháin Áitiúla | Olltoghchán |
|---|---|---|
| Tráchtanna ar phostálacha, físeáin nó ríleanna a postáladh mar chuid de d'fheachtas | 88% | 95% |
| Postálacha nó snáitheanna scríofa a cruthaíodh don iompar sin go sonrach | 39% | 36% |
| Teachtaireachtaí príobháideacha nó díreacha chugat ar ardáin de chuid na meán sóisialta nó comhroinnte físeán | 37% | 41% |
| Tráchtanna scríofa a seoladh chugat nó chuig d'oifig feachtais mar ríomhphost | 12% | 18% |
| Tráchtanna ó bhéal a rinneadh fút i bhfíseáin nó ríleanna a cruthaíodh don iompar sin go sonrach | 13% | 15% |
| Méimeanna nó léaráidí eile a cruthaíodh don iompar sin go sonrach | 17% | 13% |
| Cuntais nó postálacha, físeáin agus ríleanna ina measc, lena ndearnadh thú a phearsanú nó lenar maíodh gur tú a bhí ann | 6% | 8% |

## Torthaí cáilíochtúla

Bhí comhdhearcadh láidir i measc na n agallaithe go raibh an saol ar líne ag éirí níos "nimhiúla" agus go bhfuil iarrthóirí anois ag súil le méid áirithe iompraíochta colúla, maslaí nó gránna agus/nó iompraíochta foréigní nó imeaglaithe ar líne. I measc na n-ionsaithe ar líne bhí bagairtí ar bheatha nó ar fholláine fhisiciúil, drochíde chiníoch, drochíde ghnéasaíoch, imeaglú, ciapadh, seoladh turscair/trolláil agus ionsaithe arbh é ab aidhm dóibh uirísliú a dhéanamh.

> "Braithim go bhfaighimid níos mó ionsaithe pearsanta ar líne mar mhná. Cuireadh drochbhail orm go leanúnach orm mar gheall ar na héadaigh a chaith mé, mar gheall ar mo smideadh, cibé rud – barúlacha diúltacha nó searbhasacha síoraí ar mo chuma. Agus ansin cáineadh mé as a bheith amuigh ag obair agus a bheith i mbun feachtais agus gan bheith sa bhaile ag tabhairt aire do mo pháistí. Is cineál drochíde inscne an sonrach ar líne é atá dírithe ar mhná óga sa saol poiblí."
>
> **Iarrthóir san olltoghchán**

Cé go raibh éagsúlacht mhór ann idir leibhéil dhéine, dúirt na hiarrthóirí uile go raibh roinnt eispéiris dhiúltacha acu ar líne le linn a bhfeachtas toghchánaíochta.

Léiríodh sa taighde cáilíochtúil gur díríodh go suntasach agus go díréireach in ionsaithe ar na meáin shóisialta ar iarrthóirí a raibh cúlra imirceach acu, agus ar iarrthóirí a thacaigh go poiblí le saincheisteanna a bhain le himircigh, agus go raibh siad thíos le hiompar colúil, maslach nó gránna agus/nó iompar foréigneach nó imeaglaithe ar líne go minic.

> "Tá taithí agam ar go leor drochíde a fháil mar phearsa phoiblí agus mar bhall bródúil den phobal LADTA+, ach anois téann an drochíde thar fóir uaireanta. Ag pointe amháin sa tréimhse roimh an toghchán phostáil duine amháin, 'Tá a fhios agam cá bhfuil cónaí ort agus dófaidh mé do theach go talamh'."
>
> **Iarrthóir san olltoghchán**

Ar an mbealach céanna, léiríodh sa taighde cáilíochtúil go raibh baint shuntasach idir inscne agus cineál na drochíde. Is mó an baol go mbainfidh cineálacha éagsúla drochíde ar líne do mhná, lena n áirítear teanga idirdhealaitheach, bagairtí, ciapadh, cluanaireacht ghnéasach nach bhfuil ag teastáil ón bhfaighteoir, tráchtaireacht bunaithe ar chuma, agus cineálacha eile imeaglaithe dhigitigh. Lena chois sin, thuairiscigh baill den phobal LADTA+ go bhfuair siad ardleibhéil drochíde ar líne.

> **Maidir le mná ag dul isteach sa pholaitíocht:**
>
> "Mar go bhfuil na meáin shóisialta chomh mífhreagrach agus atá siad, ceapaim 100% go gcuirfidh sé sin laghdú mór ar an gcineál daoine a théann isteach sa pholaitíocht. Is cinnte go dtiocfaidh laghdú ar líon na mban atá ag dul isteach sa pholaitíocht mar thoradh air sin."
>
> **Iarrthóir san olltoghchán**

## 3.3 Iompar ar líne a spriocdhíriú bunaithe ar sheasamh na n-iarrthóirí maidir le saincheisteanna áirithe

Is é is aidhm don taighde iniúchadh a dhéanamh lena fháil amach ar chreid iarrthóirí toghcháin ar bhain iompraíocht ábhartha ar líne dóibh gur díríodh orthu mar gheall ar a seasamh maidir le saincheist áirithe ar bith. Áiríodh leis an gceist ábhartha sa suirbhé roghanna freagraí iolracha agus rogha freagartha "Eile (sonraigh)" agus tugadh cead do fhreagróirí níos mó ná freagra amháin a roghnú.

As measc na bhfreagróirí siúd is iarrthóirí ar bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne dóibh (48% díobh siúd a d'úsáid na meáin shóisialta sna toghcháin áitiúla agus 59% díobh siúd a d'úsáid na meáin shóisialta san olltoghchán), is féidir achoimre a dhéanamh ar na freagraí mar a leanas:

**Iompar ar líne a spriocdhíriú bunaithe ar sheasamh na n-iarrthóirí maidir le saincheisteanna áirithe (is féidir níos mó ná freagra amháin a thabhairt)**

| Saincheist/Seasamh | Iarrthóirí sna Toghcháin Áitiúla | Iarrthóirí san Olltoghchán |
|---|---|---|
| Inimirce | 71% | 64% |
| Cúrsaí a bhaineann le mná (e.g. cearta atáirgthe) | 24% | 46% |
| Tithíocht | 23% | 33% |
| Saincheisteanna LADTA+ | 31% | 33% |
| An Comhshaol | 20% | 23% |
| Vacsaíní | 15% | 21% |
| Easpa dídine | 14% | 18% |
| Lóistín/seirbhísí don Lucht Siúil nó do na Romaigh | 4% | - |

Iarrthóirí sna toghcháin áitiúla ar bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne dóibh a roghnaigh an rogha freagartha "Eile", thug siad le fios gur chreid siad gur díríodh orthu mar gheall ar a mballraíocht i bpáirtí polaitiúil áirithe; a seasamh maidir le hiompar; a seasamh maidir le saincheisteanna foréigin teaghlaigh agus oideachas; a seasamh maidir le saincheisteanna a bhaineann le hinscne; a seasamh maidir le tionscadail áitiúla; agus gur díríodh orthu ar chúiseanna eile a bhí de chineál pearsanta. An tráth céanna, iarrthóirí san olltoghchán ar bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne dóibh a roghnaigh an rogha freagartha "Eile", thug siad le fios gur chreid siad gur díríodh orthu mar gheall ar a seasamh maidir le pleanáil nó iompar nó mar gheall ar a sloinne, mar shampla.

### Torthaí cáilíochtúla

## Maidir le féinchinsireacht:

"Braithim gur fearr nach bpléann polaiteoirí le roinnt saincheisteanna cigilte ar líne. Faightear carnáin drochíde, carnadh ollmhór, fiú ag plé rudaí cosúil le pleananna d'fheirmeacha gaoithe, braithim, gan trácht ar ábhair níos conspóidí cosúil le tithíocht nó inimirce. Is fearr fanacht ciúin ar na hábhair sin ar líne."

**Iarrthóir san olltoghchán**

Sna hagallaimh, phléigh na hiarrthóirí go mbíonn siad thíos le drochíde ar líne mar gheall ar a seasamh maidir le saincheisteanna áirithe, amhail imirce, inscne, agus saincheisteanna LADTA+. Lena chois sin, mar gheall ar ábhair éagsúla eile, idir cáin mhaoine agus feirmeacha gaoithe agus tithíocht, d'fhéadfadh sé go meallfaí 'carnadh' orthu, is é sin nuair a fhaigheann cuntais méid ard tráchtaireachta maslaí. Is minic a thagann an drochíde sin ó chuntais anaithnide, agus i gcásanna áirithe ní raibh sé soiléir an fíordhuine nó bota a bhí ag seoladh na dteachtaireachtaí. Thug roinnt iarrthóirí le fios go raibh ceist na himirce thar a bheith dian sa tréimhse roimh na toghcháin áitiúla i mí an Mheithimh, agus gur laghdaíodh leibhéal na híogaireachta ina leith go pointe faoi thráth an olltoghcháin i mí na Samhna.

### Féinchinsireacht chun 'carnadh' a sheachaint

"Bheifeá as do mheabhair, dar liom, rud ar bith faoi cheist na hinimirce a lua i bpostáil. Is cuma cé chomh ciallmhar is atá do bharúil, dhíreofaí ort agus thabharfaí drochíde de gach cineál duit."

**Iarrthóir san olltoghchán**

Mar iarmhairt ar an mbaol go meallfaí cuid mhór drochíde ar líne, tugadh faoi deara go forleathan gur nós leis an dream polaitiúil féinchinsireacht a dhéanamh, ag fanacht glan ar a bheith ag plé le saincheisteanna áirithe ar líne ar eagla go meallfaí ionsaithe substainteacha orthu. Sheachain iarrthóirí raon leathan saincheisteanna a phlé, lena n áirítear imirce, claonadh gnéis, an comhshaol, cánachas agus tithíocht. De dhroim an fhaitís maidir le feachtais chomhordaithe chiaptha, cuireadh cosc ar phlé fiúntach ar chúrsaí beartais tábhachtacha, ar cinn iad a d'fhéadfadh a bheith ina n ábhair chonspóide, áfach. Thug na rannpháirtithe dá n aire go raibh tionchar diúltach ag an bhféinchinsireacht sin ar an dioscúrsa sibhialta, agus nár chomhlíon na meáin shóisialta a ról mar halla baile digiteach ina bhféadfadh pearsana poiblí plé le saincheisteanna tábhachtacha go sábháilte. Is iomaí iarrthóir a dúirt go raibh caitheamh ina dhiaidh air gur éirigh na díospóireachtaí sin béalastánach agus trodach, agus an tráth céanna bhí imní ar iarrthóirí eile tuairimíocht mhalartach a chaitheamh amach ar fhaitíos go ndéanfaí ionsaí orthu.

Nuair a chonacthas daoine á n-ionsaí, á maslú, nó á spriocdhíriú ar líne, ba bheag dóchas a cuireadh an iúl go bhféadfaí an lucht féachana a iompú chun go ndéanfaidís idirghabháil ar son na ndaoine a bhí faoi ionsaí. Thug go leor rannpháirtithe faoi deara go raibh drogall orthu daoine eile a chosaint ar líne mar gheall ar eagla go dtiocfaidís féin chun bheith ina spriocanna.

### Maidir le féinchinsireacht:

"Má bhíonn tú – mar is gnách liom a dhéanamh ar aon nós – ag fanacht ar an gclaí nó mura ndeir tú aon rud conspóideach ar líne, beidh tú ceart go leor. Tá mé sásta na 'Is maith liom' breise a fhágáil ar lár más rud é go seachnaíonn sé an dráma ar líne."

**Iarrthóir sna toghcháin áitiúla**

## 3.4 Ardáin ina raibh eispéireas d'iompraíocht dhiúltach

Iarradh ar iarrthóirí, ar bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne dóibh, cé na hardáin meán sóisialta nó na hardáin comhroinnte físeáin ar fhulaing siad an t iompar sin orthu, le roghanna iolracha freagartha ar fáil.

Sna toghcháin áitiúla, ba é Facebook an t-ardán leis na rátaí ab airde d'eispéireas d'iompraíochtaí den sórt sin ag 33% – b'fhéidir gur fiú a mheabhrú gurbh é Facebook an t-ardán leis an ráta úsáide ab airde i measc iarrthóirí sna toghcháin áitiúla (91%). Ba é X/Twitter an t-ardán leis na chéad rátaí eile ab airde d'iompraíochtaí den sórt sin (27%). D'fhulaing 15% díobh teagmhais ar TikTok. Luaigh 9% de na hiarrthóirí a ndearnadh difear dóibh Instagram mar ardán ar a raibh eispéireas d'iompraíochtaí ábhartha acu – tá an ráta íseal sin an-spéisiúil ós rud é gurbh é Instagram an dara hardán ba mhó a úsáideadh i measc iarrthóirí sna Toghcháin Áitiúla (76%).

San olltoghchán, dúirt 42% díobh sin ar bhain na cineálacha iompraíochta sin dóibh go raibh teagmhais acu ar Facebook (i gcás 95% de na hiarrthóirí san Olltoghchán a d'úsáid na meáin shóisialta, d'úsáid siad Facebook), agus luaigh 41% díobh X/Twitter (d'úsáid 74% de na hiarrthóirí san Olltoghchán X/Twitter). D'fhulaing 29% díobh iompraíochtaí den sórt sin ar TikTok (d'úsáid 73% díobh TikTok), agus luaigh 15% de na hiarrthóirí dá ndearnadh difear Instagram (d'úsáid 92% díobh Instagram).

**Ardáin ina raibh eispéireas d'iompraíocht dhiúltach (% de na hiarrthóirí ar bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne dóibh)**

| | Toghcháin Áitiúla | Olltoghchán |
|---|---|---|
| Facebook | 73% | 72% |
| X/Twitter | 61% | 67% |
| TikTok | 34% | 49% |
| Instagram | 20% | 26% |
| YouTube | 1% | 3% |
| Eile (Saorthéacs: WhatsApp) | 3% | N/B |
| Eile (Saorthéacs: Reddit) | 2% | N/B |



# Cuid 4:

# Tionchar Iompraíochtaí Diúltacha ar Líne ar Fheachtasaíocht, Folláine agus Rannpháirtíocht Iarrthóirí

## 4.1 Tionchar na hiompraíochta ar líne ar fholláine na n-iarrthóirí

Ar cheann d'aidhmeanna an staidéir taighde, bhí cinneadh a dhéanamh cé acu a bhí nó nach raibh tionchar ag eispéiris d'iompraíochtaí ábhartha ar líne ar fholláine na n-iarrthóirí. Mar a pléadh roimhe seo, is iad seo a leanas na hiompraíochtaí ábhartha ar líne:

(a) iompar colúil, maslach nó gránna ar líne;
(b) iompar foréigneach nó imeaglaithe ar líne;
(c) iompar a bhain le hiarrthóir a phearsanú ar líne (anailís dhéimeagrafach san áireamh).

Iarrthóirí a raibh eispéireas acu ar iompraíochtaí ábhartha ar líne, fiafraíodh díobh conas a mhothaigh siad mar thoradh ar na hiompraíochtaí sin a bheith acu leis na roghanna freagartha seo a leanas:

- ní raibh mé imníoch ná eaglach;
- beagáinín imníoch nó eaglach; agus
- an-imníoch nó an-eaglach.

Fiafraíodh d'iarrthóirí an raibh aon cheann de na hiompraíochtaí ar líne ina gcúis le haon cheann as liosta de thionchair shonraithe ar a bhfolláine. Ceadaíodh níos mó ná freagra amháin chun spás a fhágáil d'iarrthóirí a raibh eispéireas de chineálacha éagsúla éifeachtaí acu ar a bhfolláine.

### 1. Torthaí Cainníochtúla: Tionchar an Iompair ar Líne ar Fholláine na nIarrthóirí (% de na hiarrthóirí a d'úsáid na meáin shóisialta agus a raibh eispéireas d'iompraíochtaí ábhartha ar líne acu)

| Grúpa | Beagáinín imníoch nó eaglach | An-imníoch nó an-eaglach | Beagáinín imníoch nó eaglach nó an-imníoch nó an-eaglach |
|---|---|---|---|
| **Toghcháin Áitiúla** | | | |
| Gach Iarrthóir | 47% | 15% | 62% |
| Bean | 50% | 22% | 72% |
| Fear | 45% | 9% | 54% |
| **Olltoghchán** | | | |
| Gach Iarrthóir | 49% | 18% | 67% |
| Bean | 71% | 14% | 85% |
| Fear | 36% | 20% | 56% |

Léiríonn na torthaí sin, cé gur chuir iompraíochtaí ábhartha ar líne imní agus eagla ar sciar ard iarrthóirí a raibh eispéireas den sórt sin acu, go raibh sé níos suntasaí d'iarrthóirí baineanna, go háirithe iad sin a ghlac páirt san olltoghchán agus thuairiscigh 85% díobh go raibh siad beagáinín imníoch nó eaglach nó an-imníoch nó eaglach. Mar sin féin, thuairiscigh níos mó iarrthóirí fireanna (20% in aghaidh 14%) go raibh siad an-imníoch nó an-eaglach san olltoghchán.

Ní dúirt ach 28% de mhná i measc fhreagróirí na dtoghchán áitiúil agus 15% i measc fhreagróirí an olltoghcháin nár mhothaigh siad imníoch ná eaglach ar chor ar bith, agus ba iad 44% agus 46% na figiúirí comhfhreagracha d'fhir.

### Iarrthóirí sna toghcháin áitiúla

I measc na ngrúpaí eitneacha a ndearnadh ionadaíocht orthu, níor thuairiscigh aon ghrúpa go raibh siad i bhfad ní b'imníche nó nach raibh siad chomh himníoch céanna mar thoradh ar a n-eispéireas d'iompraíochtaí ábhartha ar líne, cé gur cheart a thabhairt faoi deara go raibh samplaí ionadaíocha sa chomhthéacs sin beag. Chuir 47% de na freagróirí "Éireannacha Geala" in iúl gur mhothaigh siad beagáinín imníoch nó eaglach i gcomparáid le 50% i measc freagróirí sa chatagóir "Aon chúlra Geal eile" agus 44% díobh sin sa chatagóir "Eile". Thuairiscigh 15% dóibh siúd a bhí "Éireannach Geal" agus 11% d'fhreagróirí "Eile" gur bhraith siad an-imníoch nó an-eaglach mar thoradh ar an eispéireas a bhí acu d'iompraíochtaí ar líne. Níor thuairiscigh aon fhreagróir sa ghrúpa "Aon chúlra Geal eile" gur bhraith siad an-imníoch nó an-eaglach.

Tugtar achoimre thíos ar na tionchair eile ar fholláine na n-iarrthóirí sna toghcháin áitiúla:

**Tionchair ar fholláine iarrthóirí sna toghcháin áitiúla (is féidir níos mó ná freagra amháin a thabhairt)**

38%
imníoch faoi shábháilteacht a dteaghlaigh nó a ndaoine muinteartha

32%
imníoch faoina sábháilteacht féin

30%
a dúirt go bhfuil a dteaghlach nó a ndaoine muinteartha imníoch faoi shábháilteacht an iarrthóra nó faoina sábháilteacht féin

26%
buartha faoi dhul amach os comhair an tsaoil

23%
d'fhulaing tionchair mheabhairshláinte nó sláinte fisiciúla

20%
a mhéadaigh cúrsaí slándála ag a mbaile

17%
a chuir srian ar a ngluaiseachtaí (amhail áiteanna poiblí ar leith nó a n-ionad oibre a sheachaint)

3%
a mhéadaigh cúrsaí slándála ina n-ionad oibre

Thuairiscigh líon beag freagróirí tionchair eile ar a bhfolláine lena n-áirítear a bheith buartha faoina gcáil agus bogadh go contae eile inar bhraith siad go mbeadh a dteaghlach sábháilte.

### Iarrthóirí san olltoghchán

Bhraith formhór na n-iarrthóirí san olltoghchán a raibh eispéireas d'iompraíochtaí ábhartha ar líne acu beagán imníoch nó eaglach mar fhreagairt ar iompraíochtaí ábhartha a bheith acu ar líne (49%) agus bhraith 18% an-imníoch nó an-eaglach. Thuairiscigh 33% díobh nár mhothaigh siad imníoch ná eaglach ar chor ar bith.

Ba mhó i bhfad an seans go raibh imní nó eagla ar fhreagróirí baineanna a bhí ina n-iarrthóirí san Olltoghchán (71%) ná ar iarrthóirí fireanna san Olltoghchán (36%). Mar sin féin, thuairiscigh sciar ní ba mhó d'fhreagróirí fireanna a bhí ina n-iarrthóirí san Olltoghchán (20%) go raibh siad an-imníoch nó an-eaglach ná freagróirí baineanna (14%). Ba dhóichí go ndéarfadh freagróirí fireanna is iarrthóirí ar an olltoghchán (44%) ná freagróirí baineanna (14%) nár mhothaigh siad imníoch nó eaglach ar chor ar bith. 50% de na freagróirí a roghnaigh "Éireannach Geal" mar fhreagra ar an gceist maidir le grúpa eitneach nó cúlra eitneach, thug siad le fios gur bhraith siad beagáinín imníoch nó eaglach, dúirt 18% gur bhraith siad an-imníoch nó an-eaglach agus thug 32% le fios nár bhraith siad imníoch ná eaglach.

Tugtar achoimre thíos ar na tionchair eile ar fholláine na n-iarrthóirí san olltoghchán:

**Tionchair ar fholláine iarrthóirí san olltoghchán (is féidir níos mó ná freagra amháin a thabhairt)**

41%
imníoch faoi shábháilteacht a dteaghlaigh nó a ndaoine muinteartha

38%
imníoch faoina sábháilteacht féin

33%
buartha faoi dhul amach os comhair an tsaoil

33%
a mhéadaigh cúrsaí slándála ag a mbaile

28%
a dúirt go bhfuil a dteaghlach nó a ndaoine muinteartha imníoch faoi shábháilteacht an iarrthóra nó faoina sábháilteacht féin

18%
d'fhulaing tionchair mheabhairshláinte nó sláinte fisiciúla

18%
a chuir srian ar a ngluaiseachtaí (amhail áiteanna poiblí ar leith nó a n-ionad oibre a sheachaint)

18%
a mhéadaigh cúrsaí slándála ag a n-oifig nó a gclinic dá ndáilcheantar

3%
a mhéadaigh cúrsaí slándála ina n-ionad oibre

Thuairiscigh líon beag freagróirí tionchair eile ar a bhfolláine lena n-áirítear a chinntiú nach raibh siad ina n-aonar agus iad amuigh ag canbhasáil nó ag freastal ar ócáidí poiblí.

## 2. Torthaí Cáilíochtúla: Tionchar ar Fholláine na nIarrthóirí

Léiríonn raon leathan agus ráta ard minicíochta na dtionchar ar fholláine na n-iarrthóirí thar an iliomad saincheisteanna a tuairiscíodh sna suirbhéanna cé chomh práinneach is atá an tsaincheist seo. Ba iad na príomh-shaincheisteanna a tuairiscíodh ná go raibh iarrthóirí buartha faoi shábháilteacht a dteaghlaigh nó a ndaoine muinteartha, buartha faoina sábháilteacht féin, dúirt siad go raibh imní ar a dteaghlach nó ar a ndaoine muinteartha faoi shábháilteacht an iarrthóra nó faoina sábháilteacht féin, go raibh siad buartha faoi dhul amach os comhair an tsaoil, gur fhulaing siad tionchair mheabhairshláinte nó sláinte fisiciúla agus gur mhéadaigh siad cúrsaí slándála ag a mbaile.

Sna hagallaimh, tháinig sé chun solais go raibh crá mothúchánach agus síceolaíoch ar roinnt iarrthóirí mar thoradh ar bheith spriocdhírithe ar líne le linn an fheachtais. Bhí tionchar ag an gcrá sin ní hamháin orthu féin ach ar a ndaoine muinteartha agus ar a gcomhghleacaithe chomh maith céanna. Thuairiscigh roinnt iarrthóirí gur athraigh siad a ngluaiseachtaí laethúla tar éis dóibh drochíde ar líne a fháil, agus bhí eagla orthu go bhféadfaí díriú orthu ar an tsráid.

Thuairiscigh roinnt agallaithe gur fheabhsaigh siad bearta slándála ina dtithe agus ina n-ionaid oibre, lena n-áirítear ceamaraí TCI a shuiteáil, mar thoradh ar ionsaithe ar líne. D'ardaigh go leor daoine an cheist maidir lena seoladh baile a chur ar fáil go poiblí agus iad ag seasamh sa toghchán, rud a d'fhág gur bhraith siad ní ba neamhchosanta i leith riosca. Mhol roinnt acu go ndéanfaí athbhreithniú ar an oibleagáid atá ar iarrthóirí a seoladh baile iomlán a chur ar fáil don phobal agus go gcuirfí roghanna eile ar fáil. Labhair cuid acu faoina bpatrúin agus a nósanna taistil a choigeartú de dheasca eagla go mbeadh ionsaí as líne mar thoradh ar dhrochíde ar líne. Dúirt agallaí amháin gur fhreastail sé ar chruinnithe den chomhairle tríd an doras cúil mar go raibh eagla air go mbeadh daoine a thug drochíde ar líne dó ag an bpríomhdhoras.

> "Cuireadh imeaglú ar a lán daoine, agus is é atá i gceist leis sin go léir ná imeaglú – ar líne agus as líne. Is é atá i gceist ná iarrachtaí imeagla a dhéanamh [ar iarrthóirí polaitiúla], bás le míle gearradh."
>
> **Iarrthóir sna toghcháin áitiúla**

I gcás iarrthóirí a ghlac páirt i dtoghcháin, ba chúis mhór aiféala do chuid acu ná an chaoi ar nocht a rannpháirtíocht pholaitiúil baill teaghlaigh agus comhghleacaithe do chiapadh, do dhrochíde agus do bhagairtí. Luadh é sin mar an chúis ba mhó le haiféala agus imní i measc go leor iarrthóirí.

## 4.2 Tionchair an iompair ar líne ar fheachtasaíocht na n-iarrthóirí

Iarrthóirí a raibh eispéireas acu ar iompraíochtaí ábhartha ar líne, fiafraíodh díobh freisin an raibh tionchar ag na hiompraíochtaí ar líne ar a bhfeachtasaíocht. Iarradh ar iarrthóirí rogha a dhéanamh ó liosta de thionchair shonraithe agus ceadaíodh níos mó ná freagra amháin. Tugtar achoimre thíos ar thionchair na n-iompraíochtaí ar líne ar fheachtasaíocht iarrthóirí sna toghcháin áitiúla:

**Tionchar ar Fheachtasaíocht (is féidir níos mó ná freagra amháin a thabhairt)**

| | Iarrthóirí sna Toghcháin Áitiúla | Iarrthóirí san Olltoghchán |
|---|---|---|
| Ní raibh siad chomh muiníneach sin leanúint den fheachtasaíocht | 33% | 18% |
| Stopadh d'ábhar a phostáil a bhain lena saol pearsanta/de nuashonruithe pearsanta a thabhairt | 25% | 21% |
| Seachnaíodh dul i ngleic le saincheisteanna nó réimsí beartais sonracha le linn na feachtasaíochta | 21% | 21% |
| Rannpháirteachas srianta nó laghdaithe ar an iomlán ar shaincheisteanna sibhialta (lena n áirítear rannpháirteachas tar éis an toghcháin) | 15% | 18% |
| Chuir siad srian ar a bhfeachtasaíocht phearsanta do chodanna áirithe den Toghlimistéar Áitiúil | 12% | 8% |
| Cuireadh a bhfeachtasaíocht ar líne ar fionraí nó cuireadh stop léi | 12% | 5% |
| Bhí eagla orm leanúint den fheachtasaíocht | 10% | 8% |
| Cuireadh a bhfeachtasaíocht i bpearsa ar fionraí nó cuireadh stop léi | 8% | 5% |
| Scriosadh cuntas na meán sóisialta a úsáideadh don fheachtasaíocht, nó cuireadh ar fionraí é | 5% | 3% |
| Níor bhain aon cheann de na tionchair liostaithe ar fheachtasaíocht dóibh | 40% | 51% |

**Tionchar ar fheachtas**

Chuir imní sábháilteachta iallach ar roinnt iarrthóirí a straitéisí canbhasála a athrú go suntasach, lena n-áirítear limistéir gheografacha áirithe a raibh sé beartaithe acu ar dtús dul i mbun feachtais iontu a sheachaint go hiomlán. Tar éis teagmhais ar líne a ghoill orthu, bhraith roinnt iarrthóirí gur ghá a ngníomhaíochtaí canbhasála a chur ar fionraí go sealadach, rud a chruthaigh bearnaí ina bhfor-rochtain feachtais agus ina móiminteam agus a bhain an bonn dá gcumas feachtais éifeachtacha a reáchtáil.

Mheas roinnt iarrthóirí, i bhfianaise ionsaithe ar líne, nach bhféadfaidís canbhasáil a dhéanamh go neamhspleách a thuilleadh agus go raibh orthu prótacail sábháilteachta nua a chur chun feidhme, amhail gan ach feachtasaíocht a dhéanamh i ngrúpaí nó a cheangal go sonrach go mbeadh canbhasálaithe fireanna i láthair.

### Drochíde ar líne ag dul in olcas go hionsaithe as líne


Ba chúis mhór imní d'iarrthóirí an baol go ndéanfaí drochíde ar líne as a dtiocfadh ionsaithe as líne. Thug roinnt iarrthóirí in agallaimh cuntas ar eispéiris thrámacha inar tháinig siad ar naimhdeas go pearsanta maidir le saincheisteanna a thosaigh in ionsaithe ar líne. Ar shamplaí de sin tá:

- agóideoirí a raibh masc orthu a bhailigh lasmuigh de theach iarrthóra amháin agus iad ag béicíl, ag gabháil d'iompar bagrach agus maslach, tar éis bréagaisnéis a bheith foilsithe faoin iarrthóir sin ar líne;
- díríodh ar iarrthóir eile agus ar chanbhasálaí le drochíde chiníoch agus iad ag canbhasáil in eastát tithíochta tar éis ionsaithe frith-imirceacha ar líne. Agus deifir á déanamh acu imeacht ón duine a bhí ag béicíl drochíde chiníoch, thit an canbhasálaí agus bhuail a mbéal ar chuaille, agus chaill sé dhá fhiacail tosaigh lena linn;
- rinne duine drochíde ar chanbhasálaí a bhí in airde ar dhréimire ag cur póstaeir suas agus chroith an duine an dréimire ansin, arís eile mar thoradh ar an seasamh a luadh leis an iarrthóir maidir leis an imirce;
- chuaigh duine suas chomh fada le hiarrthóir baineann ina carr agus scairt sé drochíde uirthi agus chuir stop léi carrchlós a fhágáil; agus
- iarrthóir amháin a bhí ag fulaingt drochíde shuntasach ar líne i ndáil lena tacaíocht d'ionad imirceach áitiúil, chonaic sí dróin a bhí ag eitilt thar a teach agus gluaisteáin a bhí ag dul thart i lár na hoíche.

Rinneadh tagairt do roinnt mhaith cásanna mar sin sna hagallaimh, inar tháinig géarú de chineál éigin as líne i ndiaidh drochíde ar líne. Labhair roinnt iarrthóirí faoi ghníomhartha a rinne siad mar thoradh ar na hábhair imní, lena n-áirítear ceamaraí TCI a shuiteáil lasmuigh dá dteach agus dá n-ionad oibre, a socruithe taistil a athrú, dul isteach i bhfoirgnimh phoiblí trí dhoras cúil nó taobhdhoras, íomhánna nó faisnéis faoi dhaoine den teaghlach ar líne a bhaint, agus limistéir áirithe a sheachaint má cheap siad go raibh dóchúlacht mhéadaithe ann go dtiocfaidís ar dhaoine aonair a bheadh maslach.

## 4.3 Tionchair an iompair ar líne ar rannpháirtíocht na n-iarrthóirí sa saol polaitiúil amach anseo

Iarradh ar na hiarrthóirí a chur in iúl cé acu a cheap siad nó nár cheap siad go mbeadh tionchar ag na hiompraíochtaí ar líne a bhain dóibh ar a gcinneadh seasamh lena dtoghadh d'oifig phoiblí in Éirinn arís amach anseo.




### Tionchair an iompair ar líne ar rannpháirtíocht sa saol polaitiúil amach anseo

"Is lú an seans go seasfainn i dtoghchán arís de dheasca an iompair ar líne, nó ní sheasfainn ar chor ar bith"

Iarrthóirí sna toghcháin áitiúla – 17%
Iarrthóirí san olltoghchán – 31%

**Iarrthóirí sna toghcháin áitiúla**

Tugtar achoimre thíos ar na tionchair is dócha a bheidh ag na hiompraíochtaí ar líne ar chinntí na n iarrthóirí sna toghcháin áitiúla seasamh lena dtoghadh d'oifig phoiblí in Éirinn amach anseo:


- Dúirt 48% nach mbeadh aon tionchar acu ar a gcinneadh
- Sheasfadh 35% i dtoghchán fós, ach bheadh siad buartha, neirbhíseach nó ní bheidís chomh muiníneach céanna faoi
- Is lú an seans go seasfadh 15% i dtoghchán mar thoradh ar an iompar sin ar líne
- Ní sheasfadh 2% i dtoghchán de dheasca an iompair sin ar líne

Fiafraíodh freisin de fhreagróirí is iarrthóirí sna toghcháin áitiúla an raibh sé beartaithe acu seasamh in Olltoghchán 2024. Astu sin a dúirt go raibh sé beartaithe acu seasamh in Olltoghchán 2024, bhí eispéireas d'iompraíochtaí ábhartha ar líne ag 60% díobh le linn a bhfeachtais do na toghcháin áitiúla; agus as na daoine sin a dúirt nach raibh sé beartaithe acu seasamh in Olltoghchán 2024, bhí eispéireas d'iompraíochtaí ábhartha ar líne ag 45% díobh.

### Iarrthóirí san olltoghchán

Tugtar achoimre thíos ar na tionchair is dócha a bheidh ag na hiompraíochtaí ar líne ar chinntí iarrthóirí san olltoghchán seasamh i dtoghchán d'oifig phoiblí in Éirinn amach anseo:

- Sheasfadh 36% i dtoghchán fós, ach bheadh siad buartha, neirbhíseach nó ní bheidís chomh muiníneach céanna faoi
- Dúirt 33% nach mbeadh aon tionchar acu ar a gcinneadh
- Is lú an seans go seasfadh 26% i dtoghchán mar thoradh ar an iompar sin ar líne
- Ní sheasfadh 5% i dtoghchán de dheasca an iompair sin ar líne




## Duine as gach triúr

Líon na n-iarrthóirí a dúirt go seasfaidís i dtoghchán amach anseo, ach go mbraithfidís imníoch, neirbhíseach nó nach mbeadh siad chomh muiníneach céanna faoi mar gheall ar iompraíochtaí ar líne a raibh siad thíos leo.

### Rannpháirtíocht sa saol polaitiúil a dhíspreagadh

Ar fud iarrthóirí sna toghcháin áitiúla agus iarrthóirí san olltoghchán araon, sainaithníodh an t-ionchas maidir le drochíde ar líne agus an géarú as líne a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh air mar phríomh-dhíspreagadh d'iarrthóirí ionchasacha agus dá dteaghlaigh agus iad ag smaoineamh ar sheasamh le haghaidh oifig phoiblí. Tuairiscíodh sna hagallaimh cháilíochtúla go raibh an imní sin ag cur bac ar dhaoine cáilithe dul isteach sa pholaitíocht, agus thug rannpháirtithe le fios nach gcuimhneodh ach iad sin a bhfuil teacht aniar eisceachtúil in aghaidh ciapadh iontu seasamh i dtoghchán.

Tháinig comhdhearcadh chun cinn nach mbeadh claonadh ach ag cineálacha áirithe daoine a bhfuil craiceann righin orthu agus atá an-athléimneach dul isteach sa pholaitíocht. Go háirithe, bhraith na rannpháirtithe go mbeadh claonadh ní ba mhó ag daoine a d'fhéadfadh drochíde a mhealladh orthu fanacht amach as an bpolaitíocht, cuir i gcás mar gheall ar chine, eitneachas, inscne, claonadh gnéis, cleamhnacht reiligiúnach, stádas míchumais, nó cuma.

> “Is é an rud is mó a chuirfeadh eagla ort ná nuair a thagann an tIdirlíon chuig leac an dorais.”
>
> **Iarrthóir san olltoghchán**

Chuir go leor rannpháirtithe i dtábhacht nach bhfuil i bpearsantachtaí atá an-athléimneach agus a bhfuil craiceann righin orthu ach meon amháin i measc cuid mhór, agus gur cheart daoine aonair a bhfuil cineálacha éagsúla meonta acu a spreagadh sa pholaitíocht freisin chun raon níos leithne dearcthaí agus cur chuige a chinntiú inár n-institiúidí daonlathacha d’fhonn ceannaireacht ionadaíoch agus éagsúil atá ina léiriú ar raon iomlán na sochaí a chinntiú.

D’ainneoin drochíde fhorleathan ar líne atá dírithe ar iarrthóirí agus an imní agus an eagla mhéadaithe mar thoradh air sin, dúirt formhór na n-iarrthóirí a cuireadh faoi agallamh nach gcuirfidís as an áireamh seasamh arís. Ina theannta sin, thug na hiarrthóirí dá n-aire go raibh codarsnacht mhór idir naimhdeas ar líne agus idirghníomhaíochtaí pearsanta, agus thuairiscigh siad gur ghnách le teagmhálacha ó dhoras go doras a bheith sibhialta den chuid is mó, rud a tharraing aird ar an dícheangal idir iompar ar líne agus iompar duine le duine.

> “Dúirt an chuid is mó de na daoine a bhí ag cur a ladar isteach [iarrthóir ó chúlra imirceach á cháineadh] go raibh siad chun ‘an náisiún a thabhairt ar ais’. Dúirt siad nach raibh siad réidh chun seasamh anseo agus féachaint ar an ‘bplandáil’ seo.”
>
> **Iarrthóir san olltoghchán**

## 4.4 Moltaí ó agallaithe

Le linn agallaimh fhadréimseacha ar an ábhar a bhaineann le heispéiris ar líne na n-iarrthóirí polaitiúla, rinne na hagallaithe roinnt moltaí. Tugtar achoimre thíos ar na príomhthéamaí a ardaíodh:

### Cuntasacht rialála

- A chinntiú go dtugtar ardáin chun cuntais go cuí agus go bhfuil co-saint rialála agus reachtach leordhóthanach ann do dhaoine aonair.
- Mhol na hagallaithe go láidir go ndéanfaí na rialacháin atá ann cheana a fhorfheidhmiú ar bhealach níos láidre, agus go ngearrfaí pionóis fhóinteacha as neamhchomhlíonadh.
- Leagadh béim ar leith ar shásraí tuairiscithe agus prótacail freagartha fheabhsaithe a fhorbairt le haghaidh bagairtí in aghaidh pearsana poiblí le linn tréimhsí toghcháin.
- Chuir beagnach gach duine a cuireadh faoi agallamh in iúl go raibh imní orthu faoi chuntais anaithnide a dhíríonn ar dhaoine ar líne gan iarmhairt. Mhol go leor daoine gur gá páirt a ghlacadh i bplé poiblí chun cur agus cúiteamh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir an díobháil uathu sin a mhaolú, agus smaoineamh á dhéanamh ag an am céanna ar chineál éigin clárúcháin chun cuntasacht a cheadú sna cásanna is díobhálaí nó is mídhleathaí.
- Togra chun fóram ilpháirtithe leasmhara a bhunú ina bhféadfadh polaiteoirí, rialálaithe, ardáin agus páirtithe leasmhara eile comhoibriú chun díobháil a mhaolú. D'aithneofaí leis an gcur chuige sin castacht na faidhbe agus an gá atá le gníomhaíocht chomhordaithe ar fud earnálacha éagsúla.

### Tacaíocht scileanna d'iarrthóirí

- Cuidiú le hiarrthóirí a gcuid scileanna a fhorbairt chun iad féin a chur i láthair agus a chosaint ar líne ar bhealach níos fearr. D'aithin na hagallaithe go n-éilíonn rannpháirtíocht éifeachtach ar líne inniúlachtaí sonracha a d'fhéadfadh a bheith in easnamh ag roinnt iarrthóirí. Mhol siad cláir chuimsitheacha oiliúna a fhorbairt lena gcumhdófaí bearta cosanta agus sásraí tuairiscithe.
- Ba cheart eolas faoi do chearta a chur in iúl go soiléir, le ceardlanna praiticiúla ina ndírítear ar conas freagairt do theagmhais amhail ionsaithe réamhbheartaithe, líomhaintí bréagacha agus mífhaisnéis mhearscaipthe le linn tréimhsí feachtais atá íogair ó thaobh ama de nuair atá mearfhreagairt riachtanach.

### Oideachas poiblí agus noirm shóisialta

- Féachaint le hathrú sóisialta a dhéanamh le himeacht ama trí fheach-tais feasachta poiblí lena gcuirtear i dtábhacht nár cheart do phobail glacadh le hiompar drochídeach ar líne agus nach nglacfaidh siad leis, díreach mar nach nglacfaí leis i gcomhthéacsanna eile.
- Teagmháil a dhéanamh leis an bpobal i gcoitinne chun a chur ina luí ar dhaoine a bhíonn ag gabháil d'iompar nimhiúil gan é a dhéanamh agus go gcuirfear oideachas orthu faoi thionchar an iompair sin ar dhaoine aonair agus ar an daonlathas i gcoitinne.

## Oideachas poiblí agus noirm shóisialta

- Prionsabail tathanta thrédhearcacha a úsáid chun úsáideoirí a threorú go caolchúiseach i dtreo rannpháirtíocht níos measúla agus dioscúrsa sibhialta, agus saoirse cainte agus rogha an duine aonair á gcaomhnú go hiomlán.
- Daoine atá ar an láthair a spreagadh chun labhairt suas trí chultúr idirghabhála gníomhaí a chur chun cinn, le cláir saoránachta digití scoilbhunaithe a mhúineann rannpháirtíocht fhreagrach ó aois óg.
- Oiliúint a chur ar fáil do mhodhnóirí pobail, d'oibrithe deonacha páirtí agus do shaoránaigh rannpháirteacha maidir le hidirghabháil dhigiteach éifeachtach ó dhaoine atá ar an láthair nuair a fheictear drochíde ar líne.

## Coimisiún na Meán

- Treoir amhail an Pacáiste Faisnéise d'Iarrthóirí agus acmhainní ar líne a fhorbairt a thuilleadh agus a chur chun cinn. Poiblíocht a thabhairt do thairseach mhear-rochtana ar féidir le hiarrthóirí í a úsáid i gcás éigeandála agus iad a threorú trí phróisis tuairiscithe, lena n-áirítear faisnéis faoin gComhlacht um Réiteach Díospóidí Lasmuigh den Chúirt a bunaíodh le déanaí.
- Cumarsáid dhíreach a bhunú le hiarrthóirí agus le hionadaithe polaitiúla, rud a mhéadóidh infheictheacht na cumarsáide tábhachtaí.
- Ionadaí idirchaidrimh pholaitiúil a cheapadh ionas go mbeidh duine sonrach ann ar féidir le hiarrthóirí agus ionadaithe polaitiúla teagmháil a dhéanamh leis chun comhairle agus tacaíocht phearsantaithe a fháil.
- Ceardlanna réigiúnacha ar an láthair a reáchtáil d'iarrthóirí polaitiúla chun oiliúint phraiticiúil a chur ar fáil maidir le saincheisteanna ar líne a láimhseáil agus maidir le do bhealach a dhéanamh trí na córais tacaíochta atá ar fáil.

## An Garda Síochána

- I bhfianaise an naisc idir drochíde ar líne agus géaruithe as líne, mhol roinnt agallaithe gur cheart don Gharda Síochána roghanna níos mó a fhiosrú maidir le freagairtí luatha comhréireacha chun géaruithe a dhíspreagadh agus soiléiriú a dhéanamh ar cathain agus conas ba cheart d'iarrthóirí agus d'ionadaithe polaitiúla a aird a tharraingt ar chásanna sonracha.
- Feachtais feasachta poiblí a chomhordú chun aird a tharraingt ar na cineálacha postála ar líne atá mídhleathach agus ar na hiarmhairtí dlíthiúla a d'fhéadfadh a bheith ann.
- Ceardlanna nó seisiúin faisnéise a chur ar fáil ionas go mbeidh a gcearta maidir le ciapadh agus bagairtí ar líne ar eolas ag iarrthóirí agus ag ionadaithe polaitiúla.
- Teagmhálacha a chur chun cinn le hoifigigh idirchaidrimh iomchuí a dhéileálann go sonrach leis na saincheisteanna sin ionas gur féidir le hiarrthóirí agus le hionadaithe polaitiúla teagmháil dhíreach a dhéanamh leo.

# Cuid 5:

# Tuairisciú d'Ardáin - Feasacht agus Taithí ar Fheidhmeanna Tuairiscithe na nArdán, agus Éascaíocht Úsáide

## 5.1 Tuairisciú d’ardáin i gcoitinne agus tuairisciú d‘ardáin aonair

### Tuairisciú d’aon cheann de na hardáin shonraithe

Fiafraíodh de fhreagróirí ar bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne dóibh cé acu a thug siad féin nó duine éigin thar a gceann tuairisc d’aon ardáin meán sóisialta ar líne maidir le hiompar ar líne a díríodh orthu le linn a bhfeachtais toghcháin, nó nár thug. Aimsíodh sa suirbhé go raibh na leibhéil tuairiscithe íseal.

I gcás 42% de na freagróirí is iarrthóirí ar na toghcháin áitiúla ar bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne dóibh, thug siad le fios gur chuir siad féin, nó duine eile thar a gceann, tuairisc chuig ardán amháin ar a laghad. Ní dúirt ach 31% d’iarrthóirí san olltoghchán ar bhain iompraíochtaí diúltacha ar líne dóibh gur chuir siad tuairisc amháin ar a laghad chuig ardán. Go hachomair, ciallaíonn sé sin nár thuairiscigh 58% d’iarrthóirí sna toghcháin áitiúla agus 69% d’iarrthóirí san olltoghchán aon teagmhais d’iompraíochtaí ábhartha ar líne d’ardán.

**Iarrthóirí a raibh eispéireas acu ar iompraíochtaí ábhartha ar líne ar gach ardán ag tuairisciú d’ardáin shonraithe aonair**

| | % de na freagróirí a thuairiscigh a n-eispéiris don ardán - Toghchán Áitiúil | % de na freagróirí a thuairiscigh a n-eispéiris don ardán - Olltoghchán |
|---|---|---|
| Facebook | 32% | 25% |
| Instagram | 20% | 40% |
| X/Twitter | 32% | 19% |
| TikTok | 20% | 21% |
| YouTube | 100% | 0% |
| LinkedIn | N/B | N/B |

Fiafraíodh de na hiarrthóirí cé acu a rinneadh siad tuairiscí d’ardáin shonraithe aonair nó nach ndearna (Facebook, Instagram, X/Twitter, TikTok, YouTube agus LinkedIn). I gCuid 3 thuas, leagadh amach na torthaí maidir le céatadáin na n-iarrthóirí a raibh eispéireas acu ar iompraíochtaí ábhartha ar líne ar gach ceann de na hardáin sin. Áirítear sa tábla thuas figiúirí maidir le líon na bhfreagróirí a dúirt go ndearna siad tuairisc do gach ceann de na hardáin aonair mar chéatadán de líon na bhfreagróirí a dúirt

go raibh eispéireas acu ar iompraíochtaí ábhartha ar líne ar an ardán sin. Mar shampla, i gcás na bhfreagróirí sin a dúirt gur bhain iompraíochtaí ábhartha ar líne dóibh ar Facebook, dúirt 32% díobh gur sheol siad féin, nó duine éigin thar a gceann, tuairisc chuig Facebook.

Fiafraíodh de na freagróirí freisin faoi thorthaí na dtuairiscí a seoladh chuig ardáin agus cuireadh na roghanna freagartha seo a leanas ar fáil dóibh:

- Baineadh an t ábhar;
- Cuireadh bratach leis an ábhar nó lipéad air;
- Fuarthas freagra á rá nár sáraíodh treoirlínte an ardáin leis an ábhar;
- Fuarthas freagra á rá nach ndéanfadh an t-ardán athbhreithniú ar an tuairisc;
- Ní bhfuarthas aon fhreagra; agus
- Níl a fhios agam/Ní cuimhin liom.

Níor fiafraíodh de na hiarrthóirí faoi aon samplaí sonracha d'ábhar tuairiscithe, agus ní raibh an taighde dírithe ar a chinneadh cé acu a fuarthas nó nach bhfuarthas na torthaí cuí. Bhí na ceisteanna sin dírithe go bunúsach ar léargais a fháil ar eispéiris na n-iarrthóirí ar an bpróiseas tuairiscithe. Tá freagraí na n-iarrthóirí sna toghcháin áitiúla agus san olltoghchán, a thug le fios go ndearna siad tuairisc amháin ar a laghad ar ardán, leagtha amach sa tábla thíos.

# Torthaí Tuairiscithe de réir Ardáin

| | Facebook | | Instagram | | X/Twitter | | TikTok | | YouTube | | LinkedIn | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | T.Á. | O.T. | T.Á. | O.T. | T.Á. | O.T. | T.Á. | O.T. | T.Á. | O.T. | T.Á. | O.T. |
| Baineadh an t-ábhar | 3 | 1 | 0 | 2 | 5 | 0 | 1 | 1 | 1 | N/B | N/B | N/B |
| Cuireadh bratach leis an ábhar nó lipéad air | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | N/B | N/B | N/B |
| Fuarthas freagra á rá nár sáraíodh treoirlínte an ardáin leis an ábhar | 11 | 4 | 2 | 0 | 12 | 4 | 3 | 2 | 0 | N/B | N/B | N/B |
| Fuarthas freagra á rá nach ndéanfadh an t-ardán athbhreithniú ar an tuairisc | 3 | 1 | 1 | 1 | 5 | 1 | 0 | 1 | 0 | N/B | N/B | N/B |
| Ní bhfuarthas aon fhreagra | 9 | 3 | 2 | 2 | 7 | 2 | 2 | 2 | 0 | N/B | N/B | N/B |
| Níl a fhios agam/Ní cuimhin liom | 2 | 0 | N/B | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | N/B | N/B | N/B |

### Facebook

I measc na n-iarrthóirí sa toghchán áitiúil a sheol tuairisc maidir le saincheisteanna chuig Facebook, ba iad na torthaí tuairiscithe a luadh ba mhinice ná freagra a fuarthas á rá nár sháraigh an t-ábhar beartais an ardáin (11 iarrthóir) agus gan aon fhreagra a fháil (9 n-iarrthóir). Ba iad sin freisin na torthaí ba choitianta a luadh i measc mhéid beag shampla na n-iarrthóirí san olltoghchán a sheol tuairisc maidir le saincheisteanna chuig Facebook.

### Instagram

I measc mhéid beag shampla na n-iarrthóirí a sheol tuairisc maidir le hábhar chuig Instagram, thuairiscigh líon an-bheag iarrthóirí sa toghchán áitiúil go bhfuair siad freagraí á rá nár sháraigh an t-ábhar treoirlínte an ardáin nó nach ndéanfadh an t-ardán athbhreithniú ar an ábhar. Dúirt beirt iarrthóirí san olltoghchán gur bhain Instagram an t-ábhar tuairiscithe. Dúirt líon beag iarrthóirí sna toghcháin áitiúla agus san olltoghchán nach bhfuair siad freagra ón ardán.

### X/Twitter

Ba iad na torthaí ba choitianta a luaigh iarrthóirí sna toghcháin áitiúla a sheol tuairisc chuig X/Twitter ná freagra a fháil á rá nár sháraigh an t-ábhar treoirlínte an ardáin (12 iarrthóir) agus gan aon fhreagra a fháil (7 n-iarrthóir). Dúirt líon beag iarrthóirí sna toghcháin áitiúla gur baineadh an t-ábhar (5 iarrthóir) nó go bhfuair siad freagra á rá nach ndéanfadh an t-ardán athbhreithniú ar an tuairisc (5 iarrthóir). I measc na n-iarrthóirí san olltoghchán a sheol tuairisc chuig X/Twitter, ba é an toradh ba choitianta a luadh ná freagra a fháil á rá nár sháraigh an freagra treoirlínte an ardáin.

### TikTok

I measc na n-iarrthóirí sna toghcháin áitiúla a sheol tuairisc maidir le hábhar chuig TikTok, thuairiscigh líon beagán ní b’airde iarrthóirí go bhfuair siad freagra á rá nár sháraigh an t-ábhar treoirlínte an ardáin i gcomparáid leis an líon daoine ar baineadh ábhar anuas dóibh nó nach bhfuair freagra. Luadh torthaí éagsúla i measc an lín bhig iarrthóirí san olltoghchán a sheol tuairisc chuig TikTok, lena n-áirítear: ábhar a baineadh anuas; freagraí a fuarthas á rá nár sháraigh an t-ábhar treoirlínte an ardáin; freagra amháin á rá nach ndéanfadh an t-ardán athbhreithniú ar an tuairisc; agus thuairiscigh beirt iarrthóirí nach bhfuair siad aon fhreagra.

### YouTube and LinkedIn

Thuairiscigh líon an-bheag d’iarrthóirí sna toghcháin áitiúla fadhbanna chuig YouTube, agus ní dhearna aon iarrthóir san olltoghchán fadhb a thuairisciú chuig an ardán sin. Ní dhearnadh tuairisciú ar bith chuig LinkedIn ina measc siúd a ghlac páirt sa suirbhé.

## 5.2 Rátaí tuairiscithe chuig ardáin ar leith

Cuireadh ceist ar iarrthóirí sna toghcháin a ghlac páirt sa suirbhé maidir le cé chomh minic agus a rinne siad tuairisciú ar iompar ar líne chuig ardáin ar leith. Iarradh orthu a chur in iúl cé na freagraí, ar an liosta freagraí a cuireadh ar fáil dóibh, a rinne cur síos ar thuairisciú a dhéanamh ar iompar colúil, maslach nó gránna/imeaglaithe nó foréigneach/pearsanaithe a bhí dírithe orthu ar líne le linn an fheachtais toghchánaíochta nó díreach tar éis an toghcháin.

Tugtar achoimre ar fhreagraí iarrthóirí sna toghcháin áitiúla thíos:

- Dúirt 8% gur tuairiscíodh gach cás den iompar ar líne don ardán nó do na hardáin
- Níor thuairiscigh ach 17% an t iompar ar líne a bhí an mhaslach nó an ghránna dar leo/dar lena bhfoireann feachtais
- Thuairiscigh 4% na cásanna tosaigh ach d'éirigh líon na gcásanna ró ard chun gach cás a thuairisciú
- Thuairiscigh 13% na cásanna tosaigh ach d'fhág cineál nó easpa na bhfreagraí ón ardán nó ó na hardáin gur bhraith siad/gur bhraith a bhfoireann feachtais nárbh fhiú cásanna breise a thuairisciú
- Roghnaigh 1% "Eile" ag léiriú nár bhraith siad gurbh fhiú cásanna a thuairisciú de bharr taithí phearsanta a bhí acu ar bheith ag tuairisciú d'ardáin.

Tugtar achoimre ar fhreagraí na n-iarrthóirí san olltoghchán thíos:

- Dúirt 3% gur tuairiscíodh gach cás den iompar ar líne don ardán nó do na hardáin
- Níor thuairiscigh ach 9% an t iompar ar líne a bhí an mhaslach nó an ghránna dar leo/dar lena bhfoireann feachtais
- Thuairiscigh 6% na cásanna tosaigh ach d'fhág cineál nó easpa na bhfreagraí ón ardán nó ó na hardáin gur bhraith siad/gur bhraith a bhfoireann feachtais nárbh fhiú cásanna breise a thuairisciú
- Roghnaigh 2% "Eile" ag léiriú nár bhraith siad gurbh fhiú cásanna a thuairisciú de bharr taithí phearsanta a bhí acu ar bheith ag tuairisciú d'ardáin.

## 5.3 Cúiseanna nár tuairiscíodh fadhbanna chuig ardáin

I gcásanna ina raibh taithí ag iarrthóirí ar na hiompraíochtaí ábhartha ar líne ach nár thuairiscigh siad, ná nár thuairiscigh aon duine thar a gceann na hiompraíochtaí ábhartha ar líne d'ardáin, iarradh orthu na cúiseanna leis sin a chur in iúl ag baint leas as liosta de chúiseanna iomadúla. Féadadh níos mó ná freagra amháin a roghnú.

**Cúiseanna nár Tuairiscíodh Iompar ar Líne* (mar % de na freagróirí sin a raibh taithí acu ar iompraíochtaí ábhartha ar líne agus féadadh níos mó ná freagra amháin a thabhairt)**

| Cúis | Iarrthóirí sna Toghcháin Áitiúla | Iarrthóirí san Olltoghchán |
|---|---|---|
| Níor chreid mé go ndéileálfaí go héifeachtach le tuairisc | 59% | 72% |
| Ní raibh go leor ama agam chun tuairisciú a dhéanamh | 32% | 36% |
| Bhí líon na gcásanna maidir le hiompar ar líne ró ard chun gach cás a thuairisciú | 16% | 10% |
| Ba dheacair dom tuiscint a fháil ar an bpróiseas tuairiscithe/Níor thuig mé na riachtanais | 10% | 2% |
| Ní raibh mé in ann na feidhmeanna tuairiscithe a aimsiú ar an ardán/ar na hardáin | 9% | - |
| Níorbh eol dom conas tuairisciú a dhéanamh chuig an ardán nó chuig na hardáin | 8% | 8% |
| Ní raibh a fhios agam an raibh an t-ábhar mídhleathach nó ar sháraigh sé téarmaí | 8% | 10% |
| Rinne mé tuairisciú don Gharda Síochána ina ionad sin | 7% | 3% |
| Cheap mé go raibh an t ábhar sin inghlactha ar an ardán | 6% | 5% |
| Rinne mé tuairisciú do Cheanncheathrú Páirtí Polaitíochta ina ionad sin | 5% | - |
| Cheap mé go rachadh sé i mo choinne sa toghchán dá ndéanfainn tuairisciú air | 4% | 3% |
| Rinne mé tuairisciú d'eagraíocht meán/d'iriseoir ina ionad sin | 3% | 3% |
| Níorbh eol dom go bhféadfaí tuairisciú a dhéanamh ar ábhar mídhleathach/díobhálach | 2% | 3% |
| Eile (Freagairt saorthéacs: rinne mé gníomh eile amhail: cuntais a bhacadh; ábhar a scriosadh; cuntas a dhúnadh; aird a tharraingt ar iompar ag cruinniú poiblí; nó níor ghlac mé an t-iompar chugam féin rómhór etc.) | 9% | 15% |

*Féadadh níos mó ná freagra amháin a roghnú

Sa suirbhé, dúirt líon suntasach iarrthóirí (59% d'iarrthóirí sna toghcháin áitiúla/42% d'iarrthóirí san olltoghchán) nár thuairiscigh siad teagmhas chuig na hardáin toisc nár chreid siad go ndéileálfaí go héifeachtach leis an tuairisc. Luadh easpa ama mar an chéad toisc eile is mó, agus chreid iarrthóirí eile go raibh an iomarca ábhar míchuí ann nó go raibh an próiseas tuairiscithe róthrom nó róchasta.

In ainneoin go raibh taithí rialta acu ar ábhar a bhí maslach agus gránna agus ar chóir, dar leo, é a bhaint, chuir iarrthóirí in iúl sna hagallaimh gurbh annamh a thuairiscigh siad an t-ábhar sin chuig ardáin. Bhí cúpla cúis ann leis an ráta íseal tuairiscithe seo, lenar áiríodh amhras go nglacfadh ardáin gníomh fiúntach ina leith, srianta ama a bhain le sceidil ghnóthacha feachtais agus dí-íogrú ginearálta i leith naimhdeas ar líne. Tá an t-amhras go nglacfadh ardáin gníomh fiúntach le sonrú sna sonraí cainníochtúla thuas chomh maith, le 59% d'iarrthóirí sna toghcháin áitiúla agus 42% d'iarrthóirí san olltoghchán ag rá nár chreid siad go ndéileálfaí go héifeachtach le tuairisc – ba í an chúis sin an chúis is coitianta ar fad a luadh nach ndearna iarrthóirí sa dá chohórt d'fhreagróirí ar an suirbhé tuairisciú. Dúirt go leor agallaithe go raibh siad tar éis dul i dtaithí ar na rátaí arda naimhdis ar líne agus gur thug siad faoi thimthriallta toghchánaíochta agus iad ag súil go gcaithfí racht achasán leo, agus ba é an dearcadh a bhí acu i leith an phróisis tuairiscithe ná gur úsáid neamhéifeachtúil a bhí ann dá n-acmhainní teoranta.

Cheap roinnt daoine nár thuairiscigh ábhar gur phróiseas casta a bhí ann a ghlac go leor ama, agus gur mhinic a bhain torthaí míshásúla leis nuair a tugadh freagairt sheanchaite ar ghearáin nár sháraigh an t-ábhar a tuairiscíodh téarmaí agus coinníollacha an ardáin, fiú i gcásanna ina ndearnadh bagairtí follasacha go ndéanfaí díobháil nó ina raibh gríosú chun foréigin ann. Tugtar dhá shampla de chásanna mar sin thíos:

- Thuairiscigh iarrthóir a raibh cúlra imirceach aige go ndearnadh bagairtí ar bheatha bhaill dá theaghlaigh ar líne. Rinneadh gearán leis an ardán a bhí i gceist, ach cuireadh in iúl sa fhreagra a fuarthas nár sháraigh sé Téarmaí agus Coinníollacha an ardáin sin.
- Thuairiscigh iarrthóir a raibh ainm Moslamach air gur mhinic a fuair sé drochíde Ioslamafóibeach ar líne. Dúradh i bpostáil amháin a scríobhadh sa chomhthéacs Ioslamafóibeach sin "Maraigh iad ar fad". Nuair a tuairiscíodh an trácht chuig an ardán, fuair an t-iarrthóir freagra inar cuireadh in iúl nár sháraigh an phostáil Téarmaí agus Coinníollacha an ardáin. Cé go raibh dearcadh forleathan ann nárbh fhiú go minic ábhar díobhálach nó mídhleathach a thuairisciú chuig ardáin, thug cúpla iarrthóir faoi deara go raibh cásanna ann nuair a d'fhreagair ardáin a dtuairiscí go héifeachtach.

Tháinig an bhéim a chuir iarrthóirí ar dhearcadh dearfach a choinneáil chun cinn mar chúis eile nach ndearna siad tuairisciú. Bhí feasacht acu ar an tionchar síceolaíoch a d’fhéadfadh a bheith ag ionsaithe leanúnacha maslacha orthu go pearsanta agus, dá bharr sin, rinne siad cinneadh comhfhiosach bheith dearfach i gcónaí, agus gan dul i ngleic le próisis tuairiscithe a ghlac go leor ama agus a d’fhéadfadh cur isteach ar a meabhairshláinte. Roghnaigh siad bogadh ar aghaidh chomh tapa agus ab fhéidir agus a bheith dearfach i gcónaí.

Chun an tionchar a bhaineann le hionsaithe diúltacha ar líne a mhaolú, tá sraith teicnící forbartha ag an gcuid is mó d’iarrthóirí chun iad féin a chosaint, amhail cuntais a bhacadh, fógraí a bhalbhú, ábhar a scagadh, an rogha chun trácht a dhéanamh ar phostáil a mhúchadh, tráchtanna ar leith a chur i bhfolach, geo-aimsitheoirí a mhúchadh, etc.

Déantar tuilleadh plé ar mhodhanna agus ar chórais a thacaíonn le hiarrthóirí i gCuid 7 thíos, toisc go n-aithníonn an Coimisiún gur ghá tuilleadh a dhéanamh chun tacú le hiarrthóirí agus iad ag feidhmiú ar líne agus ag tuairisciú chuig ardáin.



## 5.4 Gníomhartha eile a glacadh mar fhreagairt ar iompar colúil/maslach/gránna/pearsanaithe nó ar iompar imeaglaithe/foréigneach a fhulaingt

Iarradh ar fhreagróirí a rá cé acu a ghlac nó nár ghlac siad, nó duine eile thar a gceann, gníomhartha eile mar fhreagairt ar iompar ábhartha ar líne. Iarradh orthu a chur in iúl cén ceann de na freagraí seo a leanas a bhain le hábhar agus bhí siad in ann níos mó ná freagra amháin a roghnú.

Tugtar achoimre thíos ar fhreagraí na n-iarrthóirí sna toghcháin áitiúla:

- Chuir 33% bac nó srian ar an gcuntas nó ar na cuntais ónar thionscain an t iompar ar líne
- Scrios 25% aon ábhar ar cheadaigh an t-ardán dóibh é a scriosadh (tráchtanna ar do phostálacha nó teachtaireachtaí príobháideacha a fuarthas), etc.
- D'fhreagair 8% an postálaí/an cuntas bunaidh ónar tháinig an t iompar ar líne nó d'fhreagair siad an phostáil/na ríleanna/na físeáin
- Rinne 7% tuairisciú don Gharda Síochána
- Rinne 4% tuairisciú d'eagraíocht meán/d'iriseoir
- Rinne 3% tuairisciú do cheanncheathrú aon pháirtí polaitíochta dá raibh siad ina gcomhalta
- Ghlac 2% gníomhartha "Eile", lena n áirítear tráchtanna a chur i bhfolach ar ardán chun cur i gcoinne tráchtaireacht bhreise agus scor de thráchtanna a postáladh
- Rinne 1% teagmháil le Coimisiún na Meán

Déantar achoimre thíos ar fhreagraí na n-iarrthóirí san olltoghchán:

- Chuir 14% bac nó srian ar an gcuntas nó ar na cuntais ónar thionscain an t iompar ar líne
- Scrios 6% aon ábhar ar cheadaigh an t-ardán dóibh é a scriosadh (tráchtanna ar do phostálacha nó teachtaireachtaí príobháideacha a fuarthas), etc.
- D'fhreagair 5% an postálaí/an cuntas bunaidh ónar tháinig an t iompar ar líne nó d'fhreagair siad an phostáil/na ríleanna/na físeáin
- Rinne 2% tuairisciú don Gharda Síochána

# Cuid 6:

# Cuntas a Chur ar Fionraí nó Ábhar a Bhaint agus Feasacht ar Nósanna Imeachta Achomhairc an Ardáin

Sna torthaí cáilíochtúla a phléitear thuas, léirítear tábhacht na meán sóisialta sa chumarsáid pholaitiúil agus i bhfeachtais toghchánaíochta. Dá mbainfí ábhar nó dá gcuirfí cosc ar chuntais feachtais le linn feachtais toghchánaíochta, i gcás nár tharla aon ghníomhaíocht mhídhleathach nó nár sáraíodh téarmaí agus coinníollacha ardáin, d'fhéadfadh tionchar díréireach a bheith aige sin ar shláine toghcháin. Dá mbainfí ábhar nó dá gcuirfí cuntais ar fionraí, d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige sin ar fheachtais toghchánaíochta na n-iarrthóirí agus d'fhéadfadh sé cur isteach ar a saoirse cainte. Mar sin, cuireadh ceisteanna ar iarrthóirí a ghlac páirt sa taighde maidir le cé acu a cuireadh nó nár cuireadh cuntais phearsanta dá gcuid ar na meáin shóisialta ar fionraí nó cé acu a baineadh nó nár baineadh ábhar a phostáil siad féin. I gcás rannphháirtithe taighde ar cuireadh cuntais dá gcuid ar fionraí nó ar baineadh ábhar dá gcuid, cuireadh ceisteanna orthu maidir le fionraíochtaí cuntas nó baint ábhair a achomharc leis na hardáin meán sóisialta a sonraíodh.

## 6.1 Rátaí díobh siúd (a) ar cuireadh cuntas pearsanta nó cuntas pearsanta feachtais dá gcuid ar na meáin shóisialta ar fionraí agus/nó (b) ar baineadh ceann amháin nó níos mó dá bpostálacha feachtais


I gcás na bhfreagróirí siúd a dúirt gur úsáid siad féin nó duine eile thar a gceann na meáin shóisialta mar chuid dá bhfeachtais toghchánaíochta, iarradh orthu a chur in iúl cé acu a bhain nó nár bhain na nithe seo a leanas dóibh le linn a bhfeachtais toghchánaíochta:

(a) gur cuireadh cuntas pearsanta nó cuntas pearsanta feachtais ar na meáin shóisialta ar fionraí; agus/nó


(b) gur baineadh ceann amháin nó níos mó dá bpostálacha feachtais, físeáin nó ríleanna san áireamh.

**Rátaí díobh siúd (a) ar cuireadh cuntas pearsanta nó cuntas pearsanta feachtais dá gcuid ar na meáin shóisialta ar fionraí agus/nó (b) ar baineadh ceann amháin nó níos mó dá bpostálacha feachtais (% d'iarrthóirí a d'úsáid na meáin shóisialta)**

**Iarrthóirí sna Toghcháin Áitiúla**




**Iarrthóirí san Olltoghchán**




Cuireadh/baineadh
Níor cuireadh/níor baineadh

## 6.2 Rátaí achomharc a rinneadh in aghaidh fionraíochta/ bainte chuig an ardán ábhartha/na hardáin ábhartha

**Rátaí achomharc a rinneadh chuig ardáin go ginearálta**

Iarradh ar iarrthóirí cé acu a rinne nó nach ndearna siad, nó duine eile a bhí ag obair nó ag gníomhú thar a gceann, achomharc in aghaidh chinneadh na n-ardán éagsúil ábhartha cuntas a chur ar fionraí nó ábhar a bhaint, ardáin ónar cuireadh ar fionraí iad nó, ar bhonn níos ginearálta, ar ar baineadh ábhar dá gcuid.

As an líon beag iarrthóirí sna toghcháin áitiúla ar cuireadh cuntas dá gcuid ar fionraí nó ar baineadh ábhar dá gcuid ó ardán, rinne 64% díobh siúd achomharc chuig ardán in aghaidh cuntas a chur ar fionraí nó ábhar a bhaint, ní dhearna 27% achomharc agus ní raibh a fhios ag 9% díobh, nó níor chuimhin leo, cé acu a rinne nó nach ndearna siad achomharc. As an líon beag iarrthóirí san olltoghchán ar cuireadh cuntas dá gcuid ar fionraí nó ar baineadh ábhar dá gcuid ó ardán, rinne 67% díobh siúd achomharc chuig ardán in aghaidh cuntas a chur ar fionraí nó ábhar a bhaint, d’fhreagair 17% nach ndearna siad achomharc agus dúirt 17% díobh nach raibh a fhios acu, nó nár chuimhin leo, cé acu a rinne nó nach ndearna siad achomharc.

## 6.3 Gníomhartha agus freagairtí na n-ardán aonair i ndiaidh achomhairc ar fhiontraíocht nó ar ábhar a baineadh

Iarradh ar fhreagróirí cé acu a rinne nó nach ndearna siad, nó duine eile thar a gceann, achomharc i gcoinne na fiontraíochta nó i gcoinne an chinnidh chun ábhar a bhaint chuig gach ceann de na hardáin aonair. I gcás freagróirí a rinne achomharc nó a ndearnadh achomharc ar a son, cuireadh ceist orthu maidir lenar tharla mar gheall ar an achomharc sin. Thuairiscigh iarrthóirí torthaí measctha: i measc mhéid beag an tsampla, bhí roinnt achomharc rathúil agus cuireadh ar ais cuntais nó ábhar; fuair daoine eile fógra gur chreid an t-ardán go raibh údar leis an gcuntas a chur ar fionraí nó leis an ábhar a bhaint; agus i gcásanna eile, ní bhfuarthas aon fhreagairt ar an achomharc.

Sna hagallaimh, d'éiligh iarrthóirí cainéil chumarsáide níos fearr leis na hardáin agus agaí freagartha prasa ar achomharc, go háirithe sa tréimhse roimh thoghchán nuair a bhíonn an t-uainiú ríthábhachtach. I gcás amháin, mhínigh iarrthóir an chaoi ar cuireadh a leathanach polaitiúil ar fionraí mar gheall ar ghearán a rinne duine gan ainm, in ainneoin nach ndearnadh aon sáruithe follasacha. Chuir an t-iarrthóir in iúl don ardán gur chreid sé go ndearnadh an gearán agus é de rún sainráite cur isteach ar a fheachtas. B'fhada an próiseas achomhairc chun cuntas nó ábhar a chur in airde arís, agus chuir sé sin isteach go mór ar fhuinneamh agus ar chumhacht an fheachtais le linn tréimhse ríthábhachtach.

## 6.4 Cúiseanna nach ndearnadh achomharc in aghaidh cuntas a chur ar fionraí/ábhar a bhaint chuig na hardáin ábhartha

Sa chás go ndearna an freagróir, nó duine éigin thar a cheann, achomharc chuig an ardán nó chuig na hardáin ábhartha in aghaidh cuntas a chur ar fionraí/ábhar a bhaint, iarradh ar fhreagróirí an réasúnaíocht a bhí leis sin a chur in iúl. Cuireadh liosta ar fáil do fhreagróirí ar a raibh roghanna féideartha, agus bhí freagróirí in ann níos mó ná freagra amháin a roghnú.

### Iarrthóirí sna toghcháin áitiúla

As measc na n-iarrthóirí siúd sna toghcháin áitiúla ar cuireadh cuntas dá gcuid ar fionraí nó ar baineadh ábhar dá gcuid ó ardán, is féidir an achoimre seo a leanas a dhéanamh ar na cúiseanna nach ndearna siad achomharc chuig ardán in aghaidh cuntas a chur ar fionraí nó ábhar a bhaint (féadadh níos mó ná freagra amháin a thabhairt):

- Níor chreid 22% go ndéileálfaí go héifeachtach le hachomharc
- Ba dheacair do 17% na feidhmeanna achomhairc ar an ardán nó ar na hardáin a úsáid
- Níorbh eol do 11% conas achomharc a chur chuig an ardán nó chuig na hardáin
- Níor thuig 6% go bhféadfaidís achomharc a dhéanamh
- Ní raibh go leor ama ag 6% d'iarrthóirí

### Iarrthóirí san olltoghchán

As measc na n-iarrthóirí siúd san olltoghchán ar cuireadh cuntas dá gcuid ar fionraí nó ar baineadh ábhar dá gcuid ó ardán, is féidir an achoimre seo a leanas a dhéanamh ar na cúiseanna nach ndearna siad achomharc chuig ardán in aghaidh cuntas a chur ar fionraí nó ábhar a bhaint (féadadh níos mó ná freagra amháin a thabhairt):

- Ní raibh go leor ama ag 50% d'iarrthóirí
- Ní raibh 17% in ann teacht ar an bhfeidhm achomhairc ar an ardán nó ar na hardáin ná teacht ar an bhfeidhm achomhairc a bhí nasctha sa chomhfhreagras ríomhphoist ón ardán nó ó na hardáin
- Thuairiscigh 17% chuig an gCoimisiún Toghcháin é
- Níor thuig 17% go bhféadfaidís achomharc a dhéanamh



# Cuid 7:
# Machnamh agus Conclúidí

# Machnamh

Cuireann torthaí an tionscadail taighde seo fianaise bhreise i láthair a léiríonn nach mór gníomhú chun aghaidh a thabhairt ar mhéid agus ar thionchar na ndíobhálacha ar líne lena ndéileálann iarrthóirí toghcháin in Éirinn. Is bagairt é an t-iompar díobhálach a bhíonn le sonrú go rímhinic ar líne agus a bhfuil iniúchadh déanta air sa taighde seo, ar fholláine na n-iarrthóirí aonair agus, chomh maith leis sin, d’fhéadfadh sé tionchar suntasach a imirt ar shláinte ár gcórais dhaonlathaigh. Bíonn sé ríthábhachtach iarrthóirí a chosaint ó eispéiris dhíobhálacha ar líne lena chinntiú go mbíonn rannpháirtíocht éagsúil, ionadaíoch sa saol polaitiúil agus le muinín an phobail as próisis thoghchánacha a choinneáil.

Bunaithe ar an bhfianaise a bailíodh trínár suirbhéanna cuimsitheacha agus trínár n-agallaimh chuimsitheacha, tá machnamh déanta ag Coimisiún na Meán maidir leis an gcaoi ar féidir leis aghaidh a thabhairt ar na díobhálacha a shainaithnítear sa tuarascáil, agus maidir leis an gcaoi ar féidir leis na díobhálacha sin a mhaolú, laistigh dá shainchúram rialála, mar aon le gníomhartha a shainaithint do phríomhpháirtithe leasmhara eile, ardáin dhigiteacha, páirtithe polaitíochta agus gníomhaireachtaí stáit san áireamh. Leis na bearta sin, aithnítear go bhfuil cur chuige ilghnéitheach ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar dhíobhálacha toghchánacha ar líne le go n-aimseofar cothromaíocht idir iarrthóirí a chosaint agus dioscúrsa bailí polaitiúil agus saoirse cainte a chothú.

Cabhróidh ár gcuid machnaimh le bonn eolais a chur faoi fhorfheidhmiú Straitéis 2025 – 2027 an Choimisiúin, agus tagairt shonrach á déanamh dár dtoradh straitéiseach Daonlathais, agus rangaítear gach machnamh faoi chúig phríomhréimse bunaithe ar na príomhcheisteanna a d’ardaigh iarrthóirí agus ar na huirlisí atá ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin. Áirítear leo siúd tacaíocht dhíreach d’iarrthóirí a bhfuil díobhálacha ar líne á bhfulaingt acu, ag iniúchadh na nasc idir ciapadh ar líne agus as líne, ag freagairt go héifeachtach d’iompar foréigneach agus imeaglaithe, ag cosaint na saoirse cainte agus ag tacú le sláine toghcháin. Trí na hiarrachtaí comhordaithe sin, ba mhaith linn tírdhreach meán digiteach a chothú a thacaíonn leis an daonlathas agus le luachanna daonlathacha, atá mar bhonn faoin dioscúrsa sibhialta agus a spreagann gach duine a bheith rannpháirteach sa saol polaitiúil gan faitíos a bheith orthu roimh chiapadh nó drochíde.

## Tacaíochtaí breise d'iarrthóirí a bhfuil díobhálacha ar líne á bhfulaingt acu

Léiríonn an taighde an méid ábhar díobhálach agus teagmhála lena ndéileálann iarrthóirí. Ní hionann roinnt mhaith den ábhar sin agus ábhar mídhleathach, ach is maslach cé chomh minic is a tharlaíonn an drochíde agus cineál na drochíde, goilleann sí go mór ar dhaoine, luíonn sí go trom ar iarrthóirí, ar a dteaghlaigh agus ar a ndaoine muinteartha, cuireann sí isteach ar an meabhairshláinte agus, i gcás roinnt iarrthóirí, bíonn tionchar aici ar a rannpháirtíocht leanúnach i saol na polaitíochta.

Tá tacaíochtaí breise ag teastáil le feasacht a ardú ar bhearta is féidir le hiarrthóirí a dhéanamh le bheith sábháilte ar líne agus tá an Coimisiún tiomanta do bheith ag oibriú le gach páirtí leasmhar ábhartha lena gcumasú agus lena gcoinneáil ar an eolas.

Roimh Thoghchán Uachtaránachta 2025, déanfaidh an Coimisiún na nithe seo a leanas:

- Cuirfidh sé treoir bhreise ar fáil d'iarrthóirí maidir le téarmaí agus coinníollacha ardán chun tacú leo agus iad ag tuairisciú sáruithe, agus;
- Cuirfidh sé in iúl go soiléir na gníomhartha nach féidir leis an gCoimisiún a ghlacadh i dtaca le díobhálacha ar líne, amhail iallach a chur ar dhuine ábhar ar líne a bhaint láithreach, nó modhnóireacht a dhéanamh ar ábhar;
- Cuirfidh sé ábhair bhreise faisnéise ar fáil do ghrúpaí eile a bhfuil ríthábhacht leo i dtaca le luachanna daonlathacha a chosaint, iriseoirí san áireamh.

Leanfaimid orainn ag dul i gcomhairle le comhaltaí an Oireachtais agus na nÚdarás Áitiúil maidir le bheith sábháilte ar líne, ag leibhéil réigiúnacha agus náisiúnta araon, agus leanfaimid orainn ag comhoibriú leis an nGarda Síochána sa réimse seo.

Ina theannta sin, i bhfreagraí na n-iarrthóirí maidir lena dtaithí ar bheith ag tuairisciú ábhar a sháraigh téarmaí agus coinníollacha na n-ardán, dar leo, ardaítear ceisteanna maidir leis an gcaoi a bhfeidhmíonn agus a bhforfheidhmíonn Ardáin An-Mhór ar Líne a gcuid téarmaí agus coinníollacha agus maidir leis an gcóras achomhairc nach mór d'ardáin a chur i bhfeidhm faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD).

Mar Chomhordaitheoir na Seirbhísí Digiteacha in Éirinn, déanann Coimisiún na Meán maoirseacht ar na hardáin agus cuireann sé GSD i bhfeidhm ar na hardáin siúd atá bunaithe anseo.

Tá ról ríthábhachtach ag an gCoimisiún maidir le tuiscint a fháil ar chomhlíonadh na n-ardán lena gceanglais faoi GSD, agus maidir leis an gcomhlíonadh sin a mheas. Déanfaimid maoirseacht leanúnach agus, más gá, glacaimid an gníomh iomchuí forfheidhmithe lena chinntiú go mbainfear amach cuspóirí GSD.  Mar thoradh ar na

saincheisteanna a sainaithníodh le linn an taighde seo, fiosróidh An Coimisiún cé acu atá nó nach bhfuil athbhreithniú ag teastáil ar chomhlíonadh GSD, ina bhféadfadh Airteagal 14 a bheith san áireamh.

Bhí ról ríthábhachtach ag Coimisiún na Meán, agus é ag comhoibriú go dlúth leis an gCoimisiún Eorpach, i bhforfheidhmiú agus i gcomhordú threoirlínte toghcháin GSD. Roimh Thoghchán Uachtaránachta 2025 agus roimh imeachtaí toghchánacha a tharlóidh amach anseo, cuirfidh an Coimisiún in iúl go soiléir d'ardáin go bhfuil géarghá lena rialacha a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear caimiléireacht trí phearsanú a dhéanamh ar iarrthóirí a chosc, úsáid meán atá cúbláilte agus cealgach a chosc agus comhordú cruthaithe ábhair nó iompair ábhair atá bréagach a chosc.

## Ag iniúchadh an chaoi a n-eascraíonn díobháil as líne as díobhálacha ar líne

Tharla roinnt eachtraí le linn feachtais toghchánaíochta le déanaí a bhí ina n-údar imní dúinn, eachtraí ina ndearnadh foréigean fisiciúil in aghaidh iarrthóirí agus canbhasálaithe, agus thug iarrthóirí a ghlac páirt inár dtionscadal taighde cuntais ar an taithí a bhí acu ar stalcaireacht agus ar chiapadh, ag léiriú gur chruthaigh na heachtraí sin údair mhóra imní dóibh i leith a gcuid sábháilteachta féin, agus i leith shábháilteacht a ndaoine muinteartha.

Cé gurb é sainchúram Choimisiún na Meán an Creat Sábháilteachta ar Líne a fhorfheidhmiú, is léir nach mór dúinn ról a ghlacadh i gcomhoibriú trasghníomhaireachta chun 1) tuiscint níos fearr a shaothrú ar na naisc a bhíonn ann idir drochíde ar líne agus an chaoi a n-aistríonn sí go díobháil as líne, agus chun 2) bearta a chur i bhfeidhm leis na díobhálacha sin a chosc, le dul i ngleic leo agus lena maolú.

Is iad seo na chéad chéimeanna:

- Déanfaimid iniúchadh ar na naisc a bhíonn ann idir drochíde ar líne agus ciapadh i bpearsa agus go gcomhroinnfear eolas leo, lena n-áirítear an Garda Síochána, an Tascfhórsa um Rannpháirtíocht Shábháilte sa Pholaitíocht, Tithe an Oireachtais agus eagraíochtaí sochaí sibhialta, agus;
- Neartóimid ár dteagmháil leis an nGarda Síochána, le hÚdaráis Áitiúla agus le Páirtithe Polaitíochta, chun feasacht a chur chun cinn ar thacaíochtaí iomchuí i dtaca le díobhálacha tromchúiseacha as líne, agus chun daoine a threorú chuig na tacaíochtaí céanna, lena n-áirítear stalcaireacht agus ciapadh ach gan bheith teoranta dóibh.

Ina theannta sin, agus muid ag tabhairt aitheantais don tsárobair atá ar siúl chun tacú le sábháilteacht iarrthóirí, tá sé beartaithe againn:

- Go ndéanfaidh an Coimisiún Toghcháin iniúchadh ar an tionchar a bhíonn ag ainmneacha na n-iarrthóirí a fhoilsiú ar pháipéir bhallóide agus go smaoineoidh sé ar cé acu ba chóir nó nár chóir go mbeadh níos mó roghanna ag iarrthóirí maidir le foilsiú a seolta;
- Díríonn Tithe an Oireachtais i gcónaí ar thacaíochtaí sábháilteachta agus slándála a sholáthar ní hamháin do chomhaltaí, ach dá mbaill foirne agus dá dteaghlaigh, i gcomhréir le tuarascálacha ón bhFóram um Parlaimint Ionchuimsitheach atá Báúil don Teaghlach agus ón bhFóram um Rannpháirtíocht Shábháilte sa Saol Poiblí;
- Féachann údaráis áitiúla agus páirtithe polaitíochta lena chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm bearta chun tacú le sábháilteacht na n-iarrthóirí áitiúla, na gcomhairleoirí contae agus a ndaoine muinteartha, lena n-áirítear an Scéim um Liúntas Slándála a chur chun cinn, agus seisiúin faisnéise slándála agus tacaíochtaí síceolaíocha a chur ar fáil, de réir mar a mholtar sa tuarascáil ón bhFóram um Rannpháirtíocht Shábháilte sa Saol Polaitíochta, mar aon le teagmháil réamhghníomhach a dhéanamh le cigirí áitiúla idirchaidrimh sa Gharda Síochána i dtaca leis sin.

## Ag freagairt d'iompar foréigneach agus imeaglaithe ar líne

Léirigh ceann de na torthaí is mó a rabhamar imníoch faoi sa taighde seo gur thuairiscigh breis agus 1 as 5 iarrthóir san olltoghchán agus díreach faoi bhun 1 as 4 iarrthóir sna toghcháin áitiúla a raibh taithí acu ar iompar maslach, gránna, foréigneach nó imeaglaithe, nó ar phearsanú, go ndearnadh bagairtí báis orthu, nó bagairtí go ndéanfaí díobháil dóibh, le linn feachtais toghchánaíochta.

Tá ról ríthábhachtach á ghlacadh ag an gCoimisiún cheana féin, ní hamháin ó thaobh iarrthóirí a chur ar an eolas faoina gcearta i leith ábhar mídhleathach a thuairisciú faoi GSD, ach níos tábhachtaí fós, lena chinntiú, trí na cumhachtaí forfheidhmithe atá aige, gur féidir le daoine ábhar mídhleathach a thuairisciú go héasca agus go ndéanann ardáin cinntí maidir leis na fógraí a fhaigheann siad go tráthúil agus go hoibiachtúil faoi Airteagal 16 de GSD. Is tosaíocht don Choimisiún fós iad maoirseacht agus forfheidhmiú Airteagal 16 agus coinneoimid comhlíonadh an Airteagail sin faoi athbhreithniú.

Déanfaimid athbhreithniú leanúnach chomh maith ar cé chomh maith is a chomhlíonann na hardáin a gceanglas faoi Airteagal 18 de GSD, chun údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis bhreithiúnacha an Bhallstáit lena mbaineann a chur ar an eolas go pras i ndáil le haon amhras faoi chionta coiriúla lena mbaineann bagairt ar bheatha nó ar shábháilteacht duine.

Oibreoidh an Coimisiún, mar chuid dá ról mar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha, i gcomhpháirtíocht leis an nGarda Síochána agus leis an mBord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha, chun treochtaí a shainaithint i bhfógraí mar sin, agus chun na céimeanna ábhartha a ghlacadh chun comhlíonadh a mheas.

Mar aon leis sin, rachaimid i dteagmháil arís le comharthóirí iontaofa féideartha a bhfuil saineolas ábhartha acu, i gcomhréir le hAirteagal 22 de GSD, agus tabharfaimid tacaíocht chomh maith don Choimisiún Eorpach agus é ag déanamh measúnuithe riosca i dtaca le scaipeadh an ábhair mhídhleathaigh.

## Ag tacú leis an tsaoirse cainte agus ag maolú na rioscaí don dioscúrsa sibhialta

Cé go léiríonn ár gcuid taighde na buntáistí a bhaineann roinnt mhaith iarrthóirí as an bhfeachtasaíocht dhigiteach ó thaobh dul i dteagmháil agus i gcomhairle le gach duine a bhfuil vóta aige, léiríonn sé chomh maith na bealaí ar féidir cur isteach ar chearta iarrthóirí i dtaca le saoirse cainte má bhaintear ábhar, má chuirtear srian ar ábhar, nó má chuirtear cuntais iarrthóirí ar fionraí le linn feachtas toghchánaíochta, go háirithe nuair nach bhfuil aon sárú follasach ann ar théarmaí agus coinníollacha ardán.

Faoi Threoirlínte Toghcháin GSD, ba cheart d’ardáin:

- Bearta a dhéanamh lena léiriú nach n-imríonn cinntí maidir le modhnóireacht ábhair tionchar ar chomhionannas iarrthóirí, nach léiríonn siad claonadh díréireach i dtreo daoine a bhfuil dearcthaí áirithe acu, nó nach gcuireann siad na dearcthaí sin a chur chun cinn, agus;
- Achomhairc in aghaidh cuntas a chur ar fionraí agus ábhar a bhaint a fhreagairt go pras le linn feachtais toghchánaíochta agus leas a bhaint as eolas agus saineolas áitiúil, trí fhoirne tiomnaithe, chun tacú leis sin.

Leanfaidh an Coimisiún air ag déanamh monatóireacht ar cé chomh maith is a chloíonn Ardáin An-Mhór ar Líne agus Innill Chuardaigh An-Mhór ar Líne leis na treoirlínte seo agus leanfaidh sé air ag baint leas as deiseanna roimh an Toghchán Uachtaránachta, lena n-áirítear trí Chruinniú Comhchéime GSD a dhéanamh le hardáin, le gníomhaireachtaí rialála eile agus leis an tsochaí shibhialta chun aird a tharraingt ar na saincheisteanna a ardaíodh sa tuarascáil seo agus chun freagairtí dóibh a lorg.

Sa tuarascáil seo, luaitear an "carnadh" a bhíonn le sonrú go rímhinic, nuair a dhéanann líon mór d'úsáideoirí eile iarrthóir a cháineadh nó nuair a thugann siad drochíde spriocdhírithe don iarrthóir sin, agus feachtais chomhordaithe chiaptha, nuair a chreideann iarrthóir gur tugadh drochíde spriocdhírithe dó toisc go ndearna sé trácht ar shaincheist shóisialta nó bheartais ar leith. Is léir ón tuarascáil freisin go bhféadfadh cásanna mar sin tionchar diúltach a imirt ar an dioscúrsa sibhialta agus ar an tsaoirse cainte.

Is léiriú iad rátaí ísle tuairiscithe chuig ardáin, áfach, a bhfuil cinniúnachas i leith cé chomh héifeachtach is a dhéileálfar le tuairiscí agus easpa ama chun tuairisc a dhéanamh mar chúis leo, ar na dúshláin níos forleithne a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.

Mar bheart tosaigh, déanfaidh an Coimisiún na nithe seo a leanas:

- Cuirfidh sé Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha eile, an Bord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha agus an Coimisiún Eorpach ar an eolas maidir leis na saincheisteanna sin chun tacú leis an gCoimisiún Airteagail 34 agus 35 a chur chun feidhme, agus tagairt shonrach á déanamh do rioscaí córasacha a bhaineann le próisis thoghchánacha agus leis an dioscúrsa sibhialta;
- Cuirfidh sé treoracha breise ar fáil d'iarrthóirí i dtaca le córais um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt d'fhonn díospóidí maidir le modhnóireacht ábhair a réiteach le hardáin ar líne;
- Tabharfaidh sé faoi thaighde le réimse leathan páirtithe leasmhara chun tuiscint níos fearr a shaothrú ar rátaí ísle tuairiscithe i dtaca le hábhar díobhálach agus cuntais a cuireadh ar fionraí;
- Forbróidh sé ábhair físe nua atá soiléir agus intuigthe chun tacú le húsáideoirí tuairisciú a dhéanamh chuig ardáin aonair.

## Ag tacú le sláine toghcháin

Ón uair a bunaíodh é, ba thosaíocht é don Choimisiún tacú le sláine toghcháin, agus, mar chuid de sin, bíonn sé ríthábhachtach sábháilteacht na n-iarrthóirí sna toghcháin agus sábháilteacht rannpháirtithe sa phróiseas daonlathach ar líne a chinntiú. Chun an obair sin a fhorbairt agus a neartú a thuilleadh, déanfaidh an Coimisiún na nithe seo a leanas:

- Forbróidh sé Straitéis maidir le Sláine Toghcháin, ina mbeidh bearta sonracha chun tacú le rannpháirtithe sa saol polaitiúil, agus chun iad a chumasú, bearta sonracha chun comhpháirtíochtaí a chur chun cinn, agus chun é a chinntiú go mbeifear ullamh agus solúbtha le linn toghcháin agus aghaidh á tabhairt ar dhúshláin de réir mar a thagann siad chun cinn;

- Tacóidh sé le forbairt agus forfheidhmiú na Scéithe Eorpaí don Daonlathas de chuid an Choimisiúin Eorpaigh a fhoilseofar go luath, agus béim shonrach á leagan aige ar rannpháirtíocht shábháilte na n-iarrthóirí i dtoghcháin;
- Leanfaidh sé air ag tacú le Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha eile chun ullmhúcháin níos fearr a dhéanamh i leith GSD le linn toghcháin.

## Conclúid

Sa taighde atá déanta againn, léirítear arís an méid naimhdis a bhíonn le sonrú ar líne agus an chaoi a bhféadfadh sé an bonn a bhaint ón rannpháirtíocht dhaonlathach agus cuireann torthaí an taighde sin dúshlán romhainn aghaidh a thabhairt ar bhuncheisteanna maidir leis an gcaoi a ndéanaimid ár rannpháirtíocht pholaitiúil a chosaint, éagsúlacht ionadaíoch a choinneáil agus caighdeán an dioscúrsa phoiblí atá ríthábhachtach dár gcóras daonlathach a chothú.

Tá Coimisiún na Meán tiomanta do bheith ag comhoibriú le gach páirtí leasmhar lena chinntiú go mbeidh athrú fiúntach ann mar thoradh ar an taighde seo agus ar ár machnamh.

Bíonn comhghníomhaíocht agus tiomantas leanúnach ag teastáil le sláine ár bpróiseas toghchánach a chosaint agus lena chinntiú go mbíonn an daonlathas inrochtana ag cách i gcónaí, beag beann ar chúlra nó ar dhearcthaí. I ndeireadh na dála, braitheann sláinte ár ndaonlathais ar ár gcumas timpeallacht a chothú ina mbíonn rannpháirtíocht pholaitiúil sábháilte, ionchuimsitheach agus saor ó dhíobháil.

# Déan Teagmháil Linn

**Coimisiún na Meán**
**1 Áras Shíol Bhroinn,**
**Bóthar Shíol Bhroinn,**
**Baile Átha Cliath 4,**
**D04 NP20,**
**Éire.**
**Ríomhphost**: info@cnam.ie
**Suíomh gréasáin**: www.cnam.ie